www.louthcoco.ie
@louthcoco



Comhairle Contae **Lú**
**Louth** County Council

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL **2018**

**Do** Chomhairle ar son **Do** Phobail





Comhairle Contae **Lú**
**Louth** County Council

# AN CLÁR


1. **Réamhrá** 4

2. **Seirbhísí Corparáideacha & Éigeandála** 16

3. **Tithíocht agus Cáilíocht na Beatha** 28

4. **Pleanáil, Bonneagar, Forbairt Eacnamaíoch agus Gnóthaí Eorpacha** 50

5. **Oibríochtaí agus Bainistíochta Dramhaíola / Comhshaol** 62

6. **Aguisíní** 74


**Pictiúr Clúdaigh**
Ceann Chlochair, sráidbhaile iascaireachta ar an gcósta thoir i gContae Lú, Éire.
**Pictiur Taobh Istigh den Chlúdach**
Droichead Ghleann na Bóinne Mháire Mhic Giolla Íosa, Co. Lú

# 1



Réamhrá

Brollach

Foramharc

2018 In Amharc Amháin

Na Comhaltaí Tofa

Comhairle Contae **Lú**
**Louth** County Council



# Réamhrá



**Liam Reilly**
**Cathaoirleach**

Ba mhór an onóir domsa bheith im' Chathaoirleach ar Chomhairle Contae Lú le linn 2018. I rith an ama sin, bhí an deis agam casadh ar an oiread sin daoine agus pobal agus dul i mbun oibre leo, daoine agus pobail arb iad an chúis gur áit bheoga é Contae Lú le dul i mbun cónaí agus oibre ann, agus le cuairt a thabhairt air.

Is féidir linn go léir a bheith mórtasach as an méid a dhéanann ár saoránaigh, idir óg agus sean, ar mhaithe leis an gcomhshaol, leis an bpobal, le cúrsaí spóirt agus leis an saol cultúrtha sa chontae. Táim thar a bheith bródúil as an obair a rinne an Coiste Áitiúil um Fhorbairt Pobail chun na spriocanna a leagadh amach sa Phlean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail 2016 go 2022 a chur chun cinn.


Is é aidhm an phlean uaillmhianaigh seo dul i ngleic le míbhuntáiste, tacú le fiontraíocht, fostaíocht agus oiliúint, agus bonneagar pobail a fhorbairt.

Tá an oiread sin buaicphointí le lua ón mbliain seo caite, lena n-áirítear duaiseanna a fuair an Chomhairle, grúpaí pobail agus daoine aonair, ar nós Duaiseanna Comhairle agus Pobail IPB LAMA, Oíche Bronntanas Dhuaiseanna Pobail agus Deonacha an Líonra Rannpháirtíochta Phoiblí, gnóthachtálacha Mórtas Áite agus cúig bhonn i gComórtas na mBailte Slachtmhara.

Bheadh faillí ann ar mo thaobhsa mura n-admhóinn an líon mór dúshlán atá romhainn, go háirithe i dtaca leis an mBreatimeacht. Bhí baill ár gComhairle na nÓg an-ghníomhach maidir leis seo, agus is mian liom gach rath a ghuí orthu mar an chéad ghlúin eile de shaoránaigh ghníomhacha.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo chomh-chomhairleoirí as tacú liom i mbliana agus as an obair gan staonadh a dhéanann siad ar son mhuintir an chontae seo. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil lenár bPríomhfheidhmeannach, Joan Martin, agus leis an bhFeidhmeannacht as a dtiomantas, a gcabhair agus a dtacaíocht ó cheann ceann na bliana. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le foireann Chomhairle Contae Lú, leis, as a bheith chomh tiomanta sin do mhuintir Lú.

Bhain mé an-taitneamh as mo chuid ama mar Chathaoirleach, agus ba ócáid foghlama agus luach saothair é leis. Táim ag tnúth le mo chion a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bheidh le sárú ag an gcontae in 2019. Onóir mhór a bhí ann freastal ar shaoránaigh Lú.



# Foramhar



**Joan Martin**
**Príomhfheidhmeannach**

Bliain dhúshlánach ab ea 2018, go háirithe ó thaobh an Bhreatimeachta, ach fós féin bhí a buaicphointí féin aici. Táim bródúil as an gcur chuige réamhghníomhach a ghlac an Chomhairle i leith ndúshlán agus na ndeiseanna a tháinig chun cinn sa bhliain.

Chuir Oifig Áitiúil Fiontair (LEO) na Comhairle tacaíocht riachtanach ar fáil i gcónaí do ghnólachtaí beaga sa chontae. Cuireadh meantóireacht ar fáil do 41 ghnólacht maidir leis an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an mBreatimeacht orthu agus eagraíodh roinnt seimineár ar an ábhar sin, le tacaíocht ó LEO. Cheadaigh LEO cúnamh deontais do 10 ngnólacht chun margaí nua easpórtála a fhorbairt. D'fhreastail suas le 1,500 duine ar imeachtaí oiliúna agus líonraithe gnó a d'eagraigh LEO, agus cruthaíodh 98 bpost breise. Lean an Chomhairle dá hobair le Fiontraíocht Éireann agus leis an IDA chun infheistíocht isteach sa tír a spreagadh.

D'oibrigh an Chomhairle go dlúth le Coiste Feidhmiúcháin na Fleidhe chun go mbeadh Fleadh Ceoil na hÉireann 2018 ar an bhFleadh is fearr riamh sa tír. D'fhreastail os cionn leath mhilliún duine ar an bhféile i mbaile stairiúil Dhroichead Átha. I measc bhuaicphointí eile na bliana bhí Saoirse Dhroichead Átha á bronnadh ar Seamus Mallon, an chéad Leas-Phríomhaire ar Thuaisceart Éireann. Beidh cuimhne go fada an lá in aigne na 4,000 den lucht tacaíocht a bhí i láthair ag an searmanas fáilte abhaile do Chlub Peile Dhún Dealgan. Chuir taispeántas 'The Sinking of the SS Dundalk' i Músaem an Chontae uafáis na cogaíochta i gcuimhne dúinn agus an tionchar is féidir a bheith ag eachtra amháin ar na glúnta ina dhiaidh.

Tugtar tús áite i gcónaí don Chomhairle d'fheabhsú ár mbailte agus do lainseáil fhís an Gheata Thiar do Dhroichead Átha, mar aon le cistiú a fháil chun Sráid Chlann Bhreasail i nDún Dealgan, a bhí ina údar mórtais don fhoireann ar fad a bhí bainteach leis.

Tá sé deacair ar mhórchuid daoine cóiríocht oiriúnach a fháil, ach tá foireann na Comhairle ag déanamh a ndícheall, agus sháraigh an Chomhairle ár spriocanna HAP agus léasaithe do 2018. I gcomhpháirtíocht le cumainn cheadaithe tithíochta, cuireadh 211 teach nua ar fáil trí thithe a thógáil agus a cheannach.

Is mian liom mo bhuíochas a ghabháil leis an bhfoireann as a n-obair chrua agus scor sona sláintiúil a ghuí ar gach ball a chuaigh ar scor in 2018.

Ar deireadh, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis an gCathaoirleach agus le comhaltaí na Comhairle as tacú leis an iliomad tionscnamh agus tionscadal dearfach a cuireadh ar fáil do mhuintir Lú in 2018.



# 2018
IN AON AMHARC AMHÁIN

ÚINÉIR NUA AG **90%** DE MHADRAÍ

**40,000KM** DE BHÓITHRE **AR CUIREADH GREANCHLOCH ORTHU**

**€1.4M** CAITE AR THITHE SÓISIALTA **A FHEABHSÚ DO DHAOINE FAOI MHÍCHUMAS**

**€9,000,000** CAITE AR FHEABHSÚCHÁIN AGUS AR DHEISIÚCHÁIN AR **BHÓITHRE**

**1,271 TEAGMHAS** SHEIRBHÍS DÓITEÁIN & ÉIGEANDÁLA

**500,000+** CUAIRTEOIR I LÚ' Fhleadh Cheoil na hÉireann

**2,644** TIONÓNTACHTAÍ HAP

**71%** DE THEAGMHAIS DÓITEÁIN & ÉIGEANDÁLA AR FREASTALAÍODH ORTHU **LAISTIGH DE 10 NÓIMÉAD**

BUISÉAD BLIANTÚIL
**€100 MILLION**
NÓ €783 AN SAORÁNACH

**90%** DE SCOILEANNA I gComhairle na nÓg

**362,916**
MÍR LEABHARLAINNE EISITHE

**7,600 TONA**
DRAMHAÍOLA
**ATHCHÚRSÁILTE**

**39,000,000**
LÍTEAR UISCE DÁILTE
**GACH LÁ**


**156,499**
CEISTEANNA FAIGHTE Ó CHUSTAIMÉIRÍ

**€18,256**
SPÁRÁILTE I MBEARTA
**CAOMHNAITHE FUINNIMH**

**€536,620**
I NDEONTAIS Ó LEO

OILIÚINT BREATIMEACHTA DO
**41 GHNÓLACHT ÁITIÚLA**

# Toghcheantair Chontae Lú




Tá Contae Lú comhdhéanta de thrí cheantar bhardasacha: Droichead Átha, Baile Átha Fhirdhia agus Dún Dealgan. Ar mhaithe le toghcháin, tá an contae comhdhéanta de cheithre thoghcheantar: Droichead Átha, Baile Átha Fhirdhia, Dún Dealgan-Cairlinn agus Dún Dealgan Theas. I mí na Nollag 2018, tháinig ann don dá thoghcheantar Dhroichead Átha Tuaithe agus Droichead Átha Theas tar éis Ordú on Aire.

## CLÁR NA DTOGHTHÓIRÍ

Tá an cúram ar Chomhairle Contae Lú clár na dtoghthóirí bliantúil a thiomsú, de shaoránaigh atá i dteideal vóta a chaitheamh. Bhí dhá reifreann agus toghchán Uachtaránachta amháin ann i 2018. Bhí 95,376 vótóir ar Chlár na dToghthóirí, a bhí éifeachtach ón 15 Feabhra 2017.

| | |
|---|---|
| Toghthóirí Uachtaránachta | 89,948 |
| Toghthóirí Dála | 90,861 |
| Toghthóirí Eorpacha | 91,660 |
| Toghthóirí Áitiúla | 95,376 |

## COMHALTAÍ TOFA: COMHAIRLE CONTAE LÚ

# Toghcheantar Bhaile Átha Fhirdhia - 6 Chomhalta



**TOM CUNNINGHAM**
**Sinn Féin**

4 Oriel Cove, Ceann Chlochair,
Droichead Átha, Co. Lú

fp: 087 3717884
r: tom.cunningham@louthcoco.ie



**COLM MARKEY**
**Fine Gael**

Baile an Chorraigh, An Tóchar,
Droichead Átha, Co Lú

fp: 087 8317500
r: colm.markey@louthcoco.ie



**PEARSE MCGEOUGH**
**Sinn Féin**

8 Bailtíní Mhuire, Cill Saráin,
Baile an Ghearlánaigh, Co Lú

fp: 086 8135447
r: pearse.mcgeough@louthcoco.ie



**DOLORES MINOGUE**
**Fine Gael**

Whitfield, Sráid Jervis,
Baile Átha Fhirdhia, Co. Lú

fp: 087 9512788
r: minoguedolores@ymail.com



**LIAM REILLY (CATHAOIRLEACH)**
**Fianna Fáil**

Gráinseach Bhaile na Muileann,
Droim Ineasclainn, Dún Dealgan,
Co. Lú

fp: 086 1000881
r: info@liamreilly.ie



**JIM TENANTY**
**Non Party**

Riverbank, Sráid Jervis,
Baile Átha Fhirdhia Co. Lú

fp: 087 3717883
r: jim.tenanty@louthcoco.ie

# Toghcheantar Dhroichead Átha - 10 gComhalta



**PAUL BELL**
**Labour**

109 Garrán Bál,
Droichead Átha, Co. Lú

fp: 087 1206736
r: paulbell1@eircom.net



**TOMMY BYRNE**
**Fianna Fáil**

10 Bealach an Fhómhair,
Halla na Cruithneachta,
Droichead Átha, Co. Lú

fp: 086 8201439
r: info@thomasbyrne.ie
tommy.byrne@louthcoco.ie



**JOANNA BYRNE**
**Sinn Féin**

9 Ascaill a hAon, An Bóthar Buí,
Droichead Átha, Co. Lú

fp: 087 1146522
r: joanna.byrne@louthcoco.ie



**KEVIN CALLAN**
**Non Party**

Feirm Bhaile Uaitéir, Bóthar Bhaile
Mhic Éinigh, Droichead Átha, Co. Lú

fp: 087 7776648
r: kevin.callan@louthcoco.ie



**RICHIE CULHANE**
**Fine Gael**

Feirm Bhaile Uaitéir,
Bóthar Bhaile Mhic Éinigh,
Droichead Átha, Co. Lú

fp: 087 6469495
r: richie.culhane@louthcoco.ie



**DAVID SAURIN**
**Sinn Féin**

Rivendell, Gráinseach na gCaorach
Tulach Álainn, Droichead Átha,
Co. Lú


fp: 087 1128613
r: david.saurin@louthcoco.ie



**KENNETH FLOOD**
**Sinn Féin**

30 Sráid na Breacóige, Sráidbhaile
Aston, Droichead Átha, Co. Lú

fp: 085 2133606
r: kenneth.flood@louthcoco.ie



**FRANK GODFREY**
**Non Party**

Teach Ghleann na Bóinne, Bóthar
Dhún Uabhair, Droichead Átha,
Co. Lú


fp: 086 6060261
r: frank.godfrey@louthcoco.ie



**PIO SMITH**
**Labour**

37 Faiche na Foraoise, Bóthar
Bhaile Mhic Éinigh, Droichead Átha,
Co. Lú

fp: 087 9460673
r: pio.smith@hotmail.com



**OLIVER TULLY**
**Fine Gael**

Baile Trá,
Droichead Átha, Co. Lú

fp: 086 8245715
r: tullyoliver@yahoo.co.uk

# Toghcheantar Dhún Dealgan/Chairlinn - 6 Chomhalta



**EDEL CORRIGAN**
**Sinn Féin**

An tÁdh Buí, Mountpleasant,
Dún Dealgan, Co. Lú

fp: 085 8476660
r: edel.corrigan@louthcoco.ie



**MARK DEAREY**
**Green Party**

Corr an Chait, Ó Méith,
Dún Dealgan, Co. Lú

fp: 087 2358197
r: mark.dearey@louthcoco.ie



**CONOR KEELAN**
**Fianna Fáil**

Oak Lodge, Bóthar an Iúir,
Dún Dealgan, Co. Lú

fp: 087 7773200 / 042 9336727
r: conor.keelan@louthcoco.ie



**JOHN McGAHON**
**Fine Gael**

Gairdíní Fhochaird, Ardán Phádraig,
Dún Dealgan, Co. Lú

fp: 085 1720143
r: john.mcgahon@louthcoco.ie



**ANTÓIN WATTERS**
**Sinn Féin**

Log Brioscáin, Baile na hAbhna,
Dún Dealgan, Co. Lú

fp: 087 4165157
r: antoin.watters@louthcoco.ie



**PETER SAVAGE**
**Fianna Fáil**

Carn na nAol, Gráinseach na
Muileann, An Grianfort, Co. Lú
fp: 087 1364378
r: petersav@eircom.net

# Toghcheantar Dhún Dealgan Theas - 7 gComhalta



## MARIANNE BUTLER
**Green Party**

Copthorn, Bothar na hAscaille,
Íocht. Dún Dealgan, Co. Lú

fp: 086 8677672
r: marianne.butler@louthcoco.ie



## EMMA COFFEY
**Fianna Fáil**

154 Céide Chois Abhann, Bóthar an Sciobóil Dheirg, Dún Dealgan, Co. Lú

fp: 087 1940837
r: emma.coffey@louthcoco.ie



## MARIA DOYLE (LEASCHATHAOIRLEACH)
**Fine Gael**

6 Bóthar na Dara Lis Na Dara,
Bóthar Charraig Mhachaire Rois,
Dún Dealgan, Co. Lú

fp: 086 8770894
r: maria.doyle@louthcoco.ie



## ANNE CAMPBELL
**Sinn Féin**

Springmount House, Bóthar Átha Cliath, Dún Dealgan, Co. Lú

fp: 087 9473009
r: anne.campbell@louthcoco.ie



## MAEVE YORE
**Non Party**

2 Clós Blakely, Bóthar na hAscaille,
Dún Dealgan, Co. Lú

fp: 087 6172127
r: maeve.yore@louthcoco.ie



## RUAIRI Ó MURCHU
**Sinn Féin**

30 Gleann na Silíní, Bay Estate,
Dún Dealgan, Co. Lú

fp: 087 7978018
r: ruairi.omurchu@sinnfein.ie



## TOMÁS SHARKEY
**Sinn Féin**

Baile Alaird, Droichead an Chnoic,
Dún Dealgan, Co. Lú

fp: 087 9090629
r: tomassharkeylouth@gmail.com



# 2

## SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA & ÉIGEANDÁLA

Cuireann Roinn Seirbhísí Corparáideacha Chomhairle Chontae Lú seirbhís éifeachtach ar fáil do chomhairleoirí agus don ardbhainistíocht, mar aon le seirbhísí ginearálta don phobal. Déanaimid monatóireacht agus athbhreithniú ar bheartais agus nósanna imeachta na Comhairle agus táimid freagrach as cruinnithe na Comhairle a riar, an Toghchlár a thiomsú, tuarascáil bhliantúil na Comhairle a réiteach, réadmhaoin a bhainistiú, cúrsaí sláinte agus sábháilteachta a bhainistiú agus as faisnéis a chur ar fáil faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise.


Comhairle Contae Lú
Louth County Council

# Cruinnithe na Comhairle 2018

Bhí 13 chruinniú ag Comhairle Contae Lú i 2018 - cruinniú míosúil ar an tríú Luan de gach mí agus cruinniú bliantúil i Meitheamh. Bhí trí chruinniú buiséid ann in 2018.

Cathaoirleach Chomhairle Contae Lú - **Liam Reilly**

Cathaoirleach Cheantar Bardasach Dhún Dealgan - **Conor Keelan**

Méara Dhroichead Átha agus Cathaoirleach Cheantar Buirge Dhroichead Átha - **Frank Godfrey**

Cathaoirleach Cheantar Bardasach Bhaile Átha Fhirdhia - **Pearse McGeough**

| **Cruinnithe Chomhairle Contae Lú 2018** | |
|---|---|
| Cruinnithe Míosúla | 13 |
| Cruinnithe Bliantúla | 1 |
| Cruinnithe Buiséid | 3 |
| An Grúpa Beartais Chorparáidigh (CPG) | 11 |
| **Cruinnithe Ceantar Bardasach** | |
| Ceantar Buirge Dhroichead Átha | 13 |
| Ceantar Bardasach Bhaile Átha Fhirdhia | 13 |
| Ceantar Bardasach Dhún Dealgan | 13 |
| **Coiste um Beartais Straitéiseacha (SPCanna)** | |
| SPC - Tithíocht, Pleanáil Pobail & Éigeandála | 4 |
| SPC - Forbairt Eacnamaíoch & Tacaíocht Fiontair | 4 |
| SPC - Pleanáil & Comhshaol | 4 |
| SPC - Bonneagar, Gnóthaí Eorpacha & Trasteorann | 4 |
| **Comhchoistí Póilíneachta/Fóram Áitiúil Póilíneachta (LPF)** | |
| Grúpa Stiúrtha JPC | 3 |
| LPF - Dún Dealgan | 4 |
| LPF - Droichead Átha | 4 |
| LPF - Baile Átha Fhirdhia | 4 |

**SEIRBHÍSÍ CUSTAIMÉARA**
IN AMHARC AMHÁIN

IN 2018, BHÍ **156,499 IDIRGHNÍOMHAÍOCHT AG SEIRBHÍSÍ DO CHUSTAIMÉIRÍ** LENA N-ÁIRÍTEAR **RÍOMHPHOIST, GLAONNA** AGUS **CEISTEANNA AG AN GCUNTAR POIBLÍ**

**12,844 RÍOMHPHOST** AR FREAGRAÍODH **53** GACH LÁ, AR AN MEÁN

CHABHRAIGH SEIRBHÍSÍ DO CHUSTAIMÉIRÍ LE **65,042 CUSTAIMÉIR** AG AN gCUNTAR. MEÁN DE **5,420 SA MHÍ** NO **266 SA LÁ**

D'FHREAGAIR SEIRBHÍSÍ DO CHUSTAIMÉIRÍ **78,613 GLAO** - **322 GHLAO GACH LÁ,** AR AN MEÁN

**BA IAD CÁSANNA TITHÍOCHTA 43% DE NA CÁSANNA** A LÁIMHSEÁIL SEIRBHÍSÍ DO CHUSTAIMÉIRÍ

# Duaiseanna agus Imeachtaí do Shaoránaigh

## DUAISEANNA DHÚN DEALGAN DO SHAORÁNAIGH, DUAISEANNA BHAILE ÁTHA FHIRDHIA DO SHAORÁNAIGH AGUS DUAISEANNA MHÉARA DHROICHEAD ÁTHA

Aíthnítear le Duaiseanna Dhún Dealgan do Shaoránaigh, Duaiseanna Bhaile Átha Fhirdhia do Shaoránaigh agus Duaiseanna Mhéara Dhroichead Átha an méid a chuireann daoine aonair agus eagraíochtaí i gContae Lú lena bpobal. Ba iad ionadaí áitiúil ó choiste Cheantar Bardasach Dhún Dealgan, ionadaí áitiúil ó choiste Cheantar Bardasach Bhaile Átha Fhirdhia agus ionadaí áitiúil ó choiste Cheantar Bardasach Dhroichead Átha a d'ainmnigh gach ceann de bhuaiteoirí 2018 mar aitheantas ar a raibh bainte amach acu ar son an phobail agus i gcúrsaí spóirt ar leibhéal áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta. Bronnadh teastais speisialta orthu maidir lena n-éachtaí agus as ionadaíocht a dhéanamh ar son a gceantar pobail féi.

## BAILIÚ AIRGID AR SON NA MALÁIVE

Lean na Comhairleoirí agus foireann Chomhairle Contae Lú dá dtacaíocht do thionscadail sláinte agus d'oideachas do chailíní sa Mhaláiv. Bailíodh airgead trí imeachtaí agus asbhaintí ó thuarastail foirne agus comhaltaí. De bhrí gur carthanas deonach é, cuireadh an t-airgead ar fad a bailíodh i leataobh do thionscadail sa Mhaláiv.

### DÚN DEALGAN









## BAILE ÁTHA FHIRDHIA







## DROICHEAD ÁTHA







# Buaicphointí 2018



## SAOIRSE DHROICHEAD ÁTHA - SEAMUS MALLON

I Meitheamh 2018, bhronn Ceantar Buirge Dhroichead Átha Saoirse Dhroichead Átha ar Sheamus Mallon, iar-Leasphríomhaire Thuaisceart Éireann as a shaol a chaitheamh ar son na seirbhíse poiblí, dínit an duine agus na tacaíochta.

# Buaicphointí 2018



## ONÓIR A THABHAIRT DO CHLUB PEILE DHÚN DEALGAN

I Samhain 2018, d'óstáil Ceantair Bardasach Dhún Dealgan fáilte abhaile do Chlub Peile Dhún Dealgan chun aitheantas a thabhairt dá n-éachtaí peile, ar a n-áirítear Corn an FAI agus teideal na Príomhroinne a bhuachan - an ceathrú teideal craobhchomórtais a bhuaigh an fhoireann in imeacht cúig bliana.

# Fuinneamh Inbhuanaithe

## ÍDIÚ FUINNIMH AGUS BAINISTÍOCHT FUINNIMH A CHUR CHUN CINN

Faoi dheireadh 2018, bhí 43% de laghdú bainte amach ag CCL ar ídiú fuinnimh i gcomparáid lena bhonnlíne (ídiú fuinnimh in 2006-2008), de réir Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI). Tá sé ar cheann de cheithre údarás áisiúil a bhfuil an 33% d'fheabhsú atá leagtha síos sa Phlean Náisiúnta Gníomhaíochta um Thíosacht Fuinnimh bainte amach acu roimh 2020.




D'eagraigh an Chomhairle roinnt ócáidí in 2018 chun feasacht ar fhuinneamh a chur chun cinn, don fhoireann agus don phobal i gcoitinne. Ina measc sin bhí comórtas dathaithe do leanaí na mball foirne, agus comhpháirtíocht idir Rannóg Fuinnimh na Comhairle agus an Rannóg Leabharlainne chun cainteanna ar fheasacht ar fhuinneamh a chur ar fáil mar chuid de Sheachtain na hEolaíochta 2018. Chuir an fhoireann Plean Bainistíochta Fuinnimh na Comhairle chun cinn ag dhá ócáid a d'óstáil Cumann Tráchtála Dhún Dealgan chun aird a dhíriú ar dheiseanna do ghnólachtaí chun éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú.



Thug an Chomhairle féin dea-shampla trína bhonneagar fuinnimh a fheabhsú. In 2018, athraíodh na soilse ag Halla an Chontae agus i Stáisiún Dóiteáin Dhún Dealgan Fire go LEDanna ísealfuinnimh. Chuir sé trealamh níos fearr ar fáil ag Ionad Fóillíochta Dhroichead Átha in áit na n-úsáideoirí neamhéifeachtúlacha fuinnimh a bhí ann, chun costas oibríochta ann a laghdú. Mhéadaigh Póna Ainmhithe na Comhairle líon na nginteoirí athnuachana fuinnimh in 2018: Tá painéil ghréine PV agus an tuirbín gaoithe (sa phictiúr) ag giniúint leictreachais agus tá córas nua tiontaithe teasa ag oibriú chun teas faoin urlár a sholáthar sna coinéil.

## CÓRAS BAINISTITHE FUINNIMH

Chothabháil Comhairle Contae Lú a Chóras Bainistithe Fuinnimh trí chruinnithe foirne a bheith aige le húsáideoirí suntasacha fuinnimh in 2018. I measc úsáideoirí suntasach fuinnimh na Comhairle atá Halla Baile Dhún Dealgan; Halla an Chontae, Dún Dealgan; agus soilsiú poiblí agus an flít, a d'úsáid, i dteannta a chéile, 75% den fhuinneamh a úsáideann an Chomhairle sa bhliain.

Rinne an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann agus Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú iniúchadh ar an gcóras i gcaitheamh na bliana agus choimeád an Chomhairle a chlárú maidir le comhlíonadh I.S. EN ISO 50001:2011.

## POBAIL NÍOS FEARR FUINNIMH 2018

Caitheadh €1.17milliún ar Thionscadail Pobail Fuinneamh Níos Fearr in 2018, a maoiníodh go páirteach le €368,000 i dtionscadail deontas pobail éifeachtúlachta fuinnimh ó Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI). San áireamh sa tionscadal bhí uasghráduithe ar chúig cinn d'áiteanna cónaithe; séipéal; oifig comharchreidmheasa; trí cinn d'ionaid pobail; óstán; club peile; foirgnimh údaráis áitiúil; agus trí ospidéal. Oibríodh an scéim trí dheontas a thabhairt do gach tairbhí den uaschéatadán ceadaithe i gcomhréir leis na costais incháilithe. Bronnadh Duais Aitheantais Speisialta ar Chomhairle Contae Lú, agus ar a chomhpháirtí Kingspan Ltd, i dTithíocht Shóisialta agus Pobal ag Duaiseanna LAMA (Cumann Chomhaltaí na nÚdarás Áitiúil) ar son na hoibre seo. Aithníodh an Chomhairle, leis, as a ghealltanas do thionscadail spárála fuinnimh nuair a ainmníodh é do Dhuaiseanna Fuinnimh Inmharthana an SEAI, sa chatagóir 'pobal'.

## POBAL FUINNIMH INBHUANAITHE AN SEAI

D'aontaigh CCL, ag deireadh 2018, meantóireacht a thairiscint do Choiste Bailte Slachtmhara na gCreagacha Dubha mar bhall den Phobal Fuinnimh Inmharthana. Thángthas ar an gcomhaontú seo tar éis meantóireacht a chur ar fáil do Bhaile na Lorgan agus beartaíonn an Chomhairle an tseirbhís chéanna a thairiscint do ghrúpaí eile bailte slachtmhara i gContae Lú.



# Seirbhísí Dóiteáin & Éigeandála

D'fhreastail Briogáidí Dóiteáin Lú ar 1,271 teagmhas in 2018, ar mhéadú beag é ar líon na bliana roimhe (1,257). Méadú mór ar ghlaonna ar chúnamh otharchairr in 2018 ba chúis leis sin, treocht atá i réim ó bhí 2016 ann. Bhí méadú mór ar shlógthaí go Contae na Mí in 2018.

D'fheabhsaigh Seirbhís Dóiteáin Lú a fhlít le linn 2018, nuair a ceannaíodh inneall dóiteáin nua Scania agus cúig cinn d'innill uisce athláimhe.

Iarradh cistiú caipitil don chéim dheiridh d'uasghrádú Ionad Oiliúna Dhún Dealgan. Cuireadh raon cúrsaí ar fáil ann in 2018 do sheirbhís dóiteáin Lú agus do sheirbhísí eile. San áireamh bhí cúrsa scileanna comhraiceora dóiteáin a mhaoirsigh agus a chreidiúnaigh Grúpa Náisiúnta Oiliúna Sheirbhísí Dóiteáin na nÚdarás Áitiúil. Fuair iarrthóirí ar éirigh leo dámhachtain Leibhéal 6 ar Chreat Náisiúnta na gCáilíochtaí.



Bhí Rannóg Coiscthe Dóiteáin Lú freagrach as féachaint chuige nach mbeadh aon bhaol dóiteáin ag Fleadh Cheoil na hÉireann, i nDroichead Átha. Chinntigh sé, leis, gur díríodh ar gach ceann de na saincheisteanna sábháilteacht dóiteáin a aithníodh i suirbhé a rinne an Chomhairle tar éis an dóiteáin ag Túr Grenfell i Londain Shasana.

Fuarthas céad iarratas ar Dheimhnithe Sábháilteachta ó Dhóiteáin sa Roinn Dóiteáin agus Rialaithe Foirgníochta in 2018, laghdú de 49 ar an mbliain roimhe. Laghdaigh líon na n-iarratas a fuarthas ar Dheimhnithe Rochtana Míchumais, leis, ó 96 in 2017 go 80 in 2018.





## SEIRBHÍSÍ DÓITEÁIN & ÉIGEANDÁLA IN AMHARC AMHÁIN

**1,271 THEAGMHAS**

**DÓITEÁIN ARAIDE / SCIPE** AN **TEAGMHAS IS COITIANTA**

**73% DE MHÉADÚ** I DTEAGMHAIS **A FUAIR CÚNAMH Ó LUCHT OTHARCHAIRR**

**100** IARRATAS AR DHEIMHNIÚ SÁBHÁILTEACHTA AR DHÓITEÁIN FAIGHTE

CEANNAÍODH **INNEALL DÓITEÁIN** NUA

**DROICHEAD ÁTHA AR AN STÁISIÚN** IS GNÓTHAÍ

**80** IARRATAS AR DHEIMHNIÚ ROCHTANA MÍCHUMAIS **FAIGHTE**

**14% DE MHÉADÚ** AR THEAGMHAIS AR FREASTALAÍODH ORTHU I GCONTAE NA **MÍ**

# 3

## TITHÍOCHT AGUS CAIGHDEÁN NA BEATHA

Éascaíonn Roinn Tithíochta agus Caighdeán na Beatha Chomhairle Contae Lú pobail inbhuanaithe trí chóiríocht agus tacaíochtaí a sholáthar chun gach riachtanas a chomhlíonadh. Tá plean eacnamaíochta agus pobail curtha i dtoll a chéile ag an gCoiste Áitiúil Forbartha Pobail mar chabhair chun pobail shábháilte a bhaint amach trí thacaíocht a thabhairt do líonraí pobail, do thionscadail agus do thionscnaimh agus trí sheirbhísí spóirt agus caitheamh aimsire, taitneamhachta, leabharlainne agus tacaíochta do na healaíonta a chur ar fáil.



Comhairle Contae **Lú**
**Louth** County Council



## SEIRBHISÍ TITHÍOCHTA IN AMHARC AMHÁIN

**4,020** STOC TITHÍOCHTA SÓISIALTA

**€12.3M** IONCAM Ó CHÍOSANNA

**€1.4M** CABHAIR DEONTAIS CURTHA AR FÁIL CHUN TITHE A OIRIÚNÚ DO MHÍCHUMAS

**525** COIRE SEIRBHÍSITHE

**292** THEACH LEITHDHÁILTE

**76** TEAGMHAS IOMPRAÍOCHTA FRITHSHÓISIALTA IMSCRÚDAITHE

**1,019** TEACH LE CUMAINN CHEADAITHE TITHÍOCHTA

**23** TEACH TRÉIGTHE ATHCHÓIRITHE TRÍ CHEANNACH ÉIGEANTACH

**86** TEACH FOLAMH ATHCHÓIRITHE LENA N-ATHLIGEAN

**51** IASACHT BAILE TAIRGTHE

TO LET

**897** CHÉAD CHIGIREACHT AR CHÓIRÍOCHT PHRÍOBHÁIDEACH AR CÍOS

# Tithíocht agus Cáilíocht na Beatha

Bhainistigh Comhairle Contae Lú stoc iomlán tithíochta sóisialta de 4,020 in 2018, in éineacht le 1,019 teach le cumainn cheadaithe tithíochta. Ba é €12.3 milliún an t-ioncam ó chíos. Leithdháileadh 208 teach tríd an Scéim Rogha Tithíochta in 2018, agus tugadh 54 teach dóibh siúd a raibh gá tús áite acu (34 faoi mhíchumas; 20 gan dídean).

Eisíodh 21 rabhadh as gan cíos a íoc agus athghabhadh teach amháin ar an gcúis sin i gcaitheamh na bliana. Cuireadh Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta ar fáil do 2,644 thionacht. Ag deireadh na bliana, bhí 1,746 iarratasóir ar an liosta tithíochta, anuas ó 2,343 in 2017.

## TITHE FOLMHA A ATHÚSÁID

Tá Comhairle Contae Lú, trí phlean Éire a Atógáil, ag iarraidh deimhin a dhéanamh de go mbíonn baile ag gach teaghlach sa chontae a oireann dá riachtanais ar cíos nó ar íocaíocht inacmhainne. Tá Comhairle Contae Lú chun tosaigh ó thaobh tithe tréigthe a athchóiriú lena n-athligean le teaghlaigh tríd an gcóras ceannaigh éigeantaigh. I gcaitheamh 2018, d'aithin an Chomhairle 23 teach a bhí folamh le fada. Is minic a tharraingíonn tithe neamháitithe mar seo iompraíocht fhrithshóisialta agus gur údar imní iad do na pobail ina bhfuil siad suite, agus bíonn tionchar chun donais acu ar an timpeallacht uirbeach. Cheannaigh Comhairle Contae Lú na tithe seo trí ordú ceannach éigeantaigh, deisíodh agus athchóiríodh iad agus cuireadh ar fáil iad ar thithíocht shóisialta.

## MOL DO THEAGHLAIGH GAN DÍDEAN I NDROICHEAD ÁTHA

Leathnaigh Comhairle Contae Lú na seirbhísí atá ar fáil do theaghlaigh gan dídean i gceantar Dhroichead Átha trí mhol do theaghlaigh a oscailt, áit ar féidir le teaghlaigh tréimhse ghearr a chaitheamh fad a bhíonn cóiríocht phríobháideacha ar cíos á tóraíocht acu agus Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta á shocrú. D'iarr Comhairle Contae Lú tairiscint chun seirbhísí tacaíochta a chur ar fáil sa mhol agus bronnadh an conradh ar Iontaobhas Peter McVerry.





# Ballraíocht an Choiste Áitiúil Forbartha Pobail (CÁFP) in 2018

| Earnáil Phoiblí | |
|---|---|
| Comhairle Contae Lú | An Cllr Colm Markey |
| Comhairle Contae Lú | An Cllr Dolores Minogue |
| Comhairle Contae Lú | An Cllr Pearse McGeough |
| Comhairle Contae Lú | An Cllr Liam Reilly |
| Oifigeach de chuid Chomhairle Contae Lú | Joan Martin |
| Oifigeach de chuid Chomhairle Contae Lú | Thomas Mc Evoy |
| BOO Lú na Mí | Sadie Ward McDermott |
| An Roinn Coimirce Sóisialaí | Anne Keeley |
| Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte | Annette McDonnell |

| Earnáil Phríobháideach | |
|---|---|
| Comhpháirtíocht Leader Lú | Ciaran Reid |
| Leasanna Pobail & Deonacha | Larry Magnier |
| Leasanna Pobail & Deonacha | Joanne Finnegan |
| Cuimsiú Sóisialta | Kevin Moran |
| Cuimsiú Sóisialta | Geordie McAteer |
| Comhshaol | Breffni Martin |
| Feirmeoireacht | Matthew McGreehan |
| Cumann Tráchtála Dhún Dealgan | Michael Gaynor - ar ghabh Pat McCormick a áit daingnithe ag CCL Meitheamh 2018 |
| Cumann Tráchtála Dhroichead Átha | Breanndán Casey |
| Ionad Saorálaithe Lú | Grainne Berrill |

# LECP

D'ullmhaigh Coiste Áitiúil Forbartha Pobail (CÁFP) plean áitiúil, eacnamaíochta agus pobail sé bliana (PÁEP) in 2016 lena n-áirítear gníomhaíochtaí chun dul i ngleic leis an mbochtaineacht agus leis an míbhuntáiste, tacú le fiontair, fostaíocht agus oiliúint, bonneagar pobail a fhorbairt agus forbairt eacnamaíoch a chur chun cinn.

Cuireadh na gníomhaíochtaí seo i bhfeidhm trí thionscnaimh agus imeachtaí éagsúla ó cheann ceann na bliana lena n-áirítear na pleananna seo a leanas a chur i dtoll a chéile agus a ghlacadh:

- Éire Shláintiúil do Lú
- Straitéis Aoischairdiúil Lú
- Plean Cuimsithe Míchumais Lú
- Plean Lú chun Dochar a Laghdú, Téarnamh a Thacú
- Comhlíonadh an ghealltа atá faoi Lú Tuaithe



# SICAP

Tar éis próiseas tairiscintí poiblí chun Clár Cuimsithe Sóisialta agus Gníomhachtaithe Pobail (SICAP) 2018-2022 a chur i bhfeidhm go déanach in 2017, bhronn CÁFP Lú an conradh ar Chuideachta Comhpháirtíochta Leader Lú.

In 2018, thacaigh SICAP le 66 grúpa pobail agus le 1,475 duine. I measc na ngnóthálacha móra eile in 2018:

- 1,025 duine atá gafa i dtacaíochtaí don mhargadh saothair foghlama ar feadh an tsaoil.
- Cuireadh tacaíocht ar fáil do 146 dhuine a tarchuireadh ón Roinn Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí chun a ngnólachtaí féin a bhunú tríd an Liúntas Fiontair um Fhilleadh ar an Obair.
- Tacaíodh le 110 duine chun fostaíocht a fháil.
- Fuair 37 duine deontais oideachais.
- Fuair 39 duine deontais fiontair.
- Fuair 11 ghrúpa deontais bheaga.



# LEADER

Is cur chuige pobalthreoraithe é LEADER i leith na forbartha áitiúla agus maoinítear é trí Chlár Forbartha Tuaithe 2014-2020 na hÉireann. Tacaíonn sé le tionscnaimh áitiúla trína bhféachtar le díriú ar riachtanais agus dúshláin a aithníodh sa cheantar áitiúil. Cuirtear ar fáil é trí líonra Grúpaí Áitiúla Gníomhaíochta (GAG), a roghnaíodh chun an Straitéis Áitiúil Forbartha a chur i bhfeidhm i gceantair éagsúla. Oibríonn an Coiste mar Ghrúpa Áitiúil Gníomhaíochta do Chontae Lú.

Cheadaigh an GAG €1.7milliún de chistiú in 2018 do thionscadail a bheadh dírithe ar fhorbairt eacnamaíoch agus fiontair agus ar chruthú post, ar chuimsiú sóisialta agus ar thimpeallacht na tuaithe. Is é Comhairle Contae Lú an príomh-chomhpháirtí airgeadais do chlár LEADER sa chontae.

## BUAICPHOINTÍ Ó CHLÁR LEADER IN 2018:

- Fuair Cúnamh do Mhná Dhún Dealgan cistiú chun clár oiliúna a chur ar fáil, 'Parenting Through Trauma- Domestic Violence' (Tuismitheoireacht le linn Tráma-Foréigean Teaghlaigh)
- Bronnadh deontas ar Chomhaltas Ceoltóirí Éireann i leith chostais bonneagair na Fleidhe.
- Cuireadh cistiú ar fáil do Bhailte Slachtmhara in Éineacht Lú chun pleananna forbairt a chur ar fáil do roinnt bailte agus sráidbhailte sa chontae.
- Bhronn an Grúpa cabhair deontais ar roinnt tionscadal pobail, lena n-áirítear cosán siúil pobail a sholáthar agus ionaid pobail a uasghrádú.
- Eisíodh 34 conradh do thionscnóirí tionscadail ar fud an chontae.

## CISTE UM ÉIRE SHLÁINTIÚIL 2018

Is é Éire Shláintiúil an creat náisiúnta gníomhaíochta chun sláinte agus folláine mhuintir na hÉireann a fheabhsú. In 2016, cheadaigh an Rialtas Ciste um Éire Shláintiúil a chruthú chun tacú le feidhmiú chlár agus tionscadcasl Éire Shláintiúil i suíomhanna éagsúla. Is é príomhaidhm an tionscadail tacú le tionscadail agus tionscnaimh nuálacha, trasearnála, bunaithe ar fhianaise, trína dtacaítear le feidhmiú phríomhbheartais náisiúnta sna réimsí seo a leanas: olltracht, caitheamh tobac, alcól, gníomhaíocht fhisiciúil agus sláinte ghnéasach. Gheofar thíos sonraí na dtionscadal i Lú a fuair cistiú tríd an gCiste um Éire Shláintiúil 2018:

| Ceannasaí an Tionscadail | Teideal an Tionscadail | Leithdháileadh |
|---|---|---|
| Comhaontas Aoischáirdiúil Lú | Rothaíocht beag beann ar aois | €8,587.50 |
| LSP | Tionscadal Marcála Clós Súgartha | €10,432.50 |
| Ionad Óige Dhún Dealgan | Tionscadal Sláinte Óige | €9,000 |
| Obair Óige Éireann | Clár Shláinte na dTaistealaithe Ban | €9,000 |
| TURAS | Sláinte & Folláine sa tSochaí a Chur chun Cinn | €8,170 |
| Gasóga Éireann | Bia sláintiúil do shaol campála | €10,000 |
| Club Dornálaíochta Uí Anluain | Bac Lasmuigh agus Oibreacha Gaolmhara | €10,810 |
| Comhpháirtíocht Leader Lú | Sláinte agus Folláine na Feirmeoireachta Sóisialaí | €9,000 |
| | **Iomlán** | **€75,000** |

# Tacaíocht Pobail 2018

## COMÓRTAS NÁISIÚNTA NA MBAILTE SLACHTMHARA

D'éirigh go rímhaith le Contae Lú i gComórtas na mBailte Slachtmhara 2018. Chruthaigh an contae go maith riamh sa chomórtas, ó thaobh an méid a baineadh amach agus an t-aitheantas a fuarthas. Chuaigh 23 baile agus sráidbhaile i gContae Lú isteach sa chomórtas in 2018, agus choimeád Na Creagacha Dubha, Droichead Átha agus Dún Dealgan a gcuid Bonn Óir. Bhuaigh Baile Átha Fhirdhia Bonn Óir den chéad uair, agus choimeád Droichead an Chnoic a mBonn Cré-umha. Bhuaigh Cill an Churraigh 'Duais na hIarrachta' as feabhsú mór ar mharcanna a fháil. Bhuaigh Coiste Bhailte Slachtmhara na Gráinsí an dara duais sa chatagóir 'Uiscí agus Pobal'.

## SCÉIM TIONSCADAIL NA MBAILTE SLACHTMHARA 2018

Thug Comhairle Contae Lú scéim nua cistiúcháin isteach do ghrúpaí Bhailte Slachtmhara in 2018 le go bhféadfadh grúpaí oibreacha feabhsúcháin ar an mionscála a chur i gcrích ina sráidbhaile féin.

Cuireadh €75,998.06 de chistiú ar fáil do 12 ghrúpa do thionscadail inar díríodh ar mharcanna níos fearr a fháil i gcomórtas náisiúnta na mBailte Slachtmhara agus i gcomórtas áitiúla. Tugadh gach ceann den 12 tionscadal chun críche in 2018.

## DUAISEANNA LÚ AG FÉACHAINT GO MAITH

Eagraíodh Duaiseanna Lú Ag Féachaint go Maith in Óstán an Crowne Plaza Hotel i Samhain 2018. Bhuaigh Coiste Bhailte Slachtmhara na gCreagacha Dubha duais mhór na hoíche agus bhuaigh Droim Ineasclainn agus Baile Átha Fhirdhia an dara agus an tríú duais faoi seach. Bhuaigh Mainistir Bhuithe an duais don 'Baile is Mó Feabhas' sa chomórtas agus bhuaigh Cairlinn 'Duais Speisialta an Mhóltora'. Aithníodh Dún Léire le 'Duais an Chathaoirligh', agus buaigh Páirc Oilibhéir i gCairlinn 'An tEastát Tithíochta is Fearr ar Fad' i Lú.

## DUAISEANNA DHROICHEAD ÁTHA AG FÉACHAINT GO MAITH

Is ceiliúradh bliantúil iad Duaiseanna Dhroichead Átha ag Féachaint go Maith den tiomantas agus den spiorad pobail a léiríonn grúpaí pobail, saorálaithe pobail agus an pobal gnó i nDroichead Átha. Eagraíodh Duaiseanna 2018 i Meán Fómhair in Óstán D, le catagóirí d'eastáit tithíochta, don ghairdín is fearr, don fháilteachas agus d'áitreabh gnó. Bronnadh dhá dhuais speisialta as 'Rannpháirtíocht Eisceachtúil Pobail' ar an oíche. Aithníodh Tionscadail an Dorais Dheirg as an nGleanntán a athnuachan, a fhágann gur áit níos taitneamhaí é do chónaitheoirí agus do chuairteoirí. Aithníodh Gairdín Pobail Chnoc an Phitséir don obair a rinne cónaitheoirí áitiúla sa cheantar cónaithe seo chun taitneamhacht chomharsanachta a dhéanamh den ghairdín.

## DUAISEANNA DHÚN DEALGAN AG FÉACHAINT GO MAITH

Eagraíodh Duaiseanna Dún Dealgan ag Féachaint go Maithe i mí Dheireadh Fómhair in Amharclann na Tána, Dún Dealgan. Ag an ócáid bhliantúil seo, aithnítear gach duine a oibríonn gan stad gan staonadh chun dea-chuma a chur ar Dhún Dealgan, agus is buaicphointe é i bhféilire na Comhairle. Bronnadh roinnt duaiseanna ar ionadaithe ó eastáit áitiúla, lena n-áirítear Móinéar Uí Chearbhúill, Páirc Chuaille agus Ard Easmuinn. Bronnadh 'Duais an Mholtóra' ar Pháirc Mhullaigh Chairlinn agus bhuaigh Teach Sochraide Uí Chuinn an duais don 'Áitreabh Gnó is Fearr'. Bronnadh an 'Duais don Fháilteachas is Breátha' ar Theach Ósta Rosemount, atá suite ar Bhóthar Bhaile Átha Cliath.

## CLÁR NA SCOILEANNA GLASA

Bronnadh bratacha glasa ar 31 scoil in 2018 ar son gníomhaíochtaí lena n-áirítear bithéagsúlacht, taisteal, fuinneamh agus uisce. Tugadh téama nua isteach in 2018 - 'Saoránacht Domhanda - Timpeallacht Mhuirí' - a d'fhág gur bhuaigh Scoil Náisiúnta Naomh Peadar, Droim Ineasclainn agus Scoil Mhuire na Trócaire i mBaile Átha Fhirdhia duaiseanna.

## DUAISEANNA COMHSHAOIL 'GROW' (FÁS) DO BHUNSCOILEANNA

Acrainm is an duais seo 'GROW' do 'Glas', 'Renewable (In-athnuaite)', 'Orgánach' agus 'Waste Minimisation (Íoslaghdú Dramhaíola)' agus féachtar leo le duaiseanna a thabhairt do scoileanna áitiúla ar son a gcuid iarrachtaí chun an timpeallacht a dhéanamh níos glaine, níos glaise agus níos inbhuanaithe. Bronnadh duaiseanna 2018 in Óstán Crowne Plaza ar scoileanna ar fud an chontae as iarrachtaí a bhí déanta acu. Bhuaigh Scoil Náisiúnta Naomh Peadar, Droim Ineasclainn, Bunscoil na Toirbhirte i nDroichead Átha agus Scoil Bhríde, Dún Dealgan, na duaiseanna móra do 'Scoil na Bliana'.

Bronnadh duaiseanna eile ar bhaill de chomórtas Eco Tribes 2018 ar son gairdíní pobail, a chruthaigh siad i gcomhpháirtíocht le grúpaí áitiúla Bailte Slachtmhara. Ainmníodh Scoil Naomh Peadar i nDroim Ineasclainn mar bhuaiteoir chomórtas Eco Tribes 2018.




## TRASHION FASHION

Ardán is ea Trashion Fashion, a eagraítear i gcomhar le Bailte Slachtmhara Le Chéile Lú, a thugann ardán do dhaltaí dara leibhéal chun rudaí a rinne siad féin as ábhar athchúrsáilte a thaispeáint. Bhí os cionn 200 dalta páirteach sna seachtú Duaiseanna Trashion Fashion i mí Eanáir ag Óstán Carrickdale. Cuireadh 60 dearadh éadaí ar taispeáint.

## COMÓRTAS FILÍOCHTA NÍOS GLAISE NA NOLLAG

Eagraítear Comórtas Filíochta Níos Glaise na Nollag do bhunscoileanna chun iad a chur ar an airdeall mar gheall ar dhramhaíl gan chúis a tharlaíonn aimsir na Nollag. Déantar na hiontrálacha a bhuann duais a thaifeadadh agus a sheinm ar LMFM mar fhógraí chun dramhaíl a chosc aimsir na Nollag. Ba iad buaiteoirí 2018:

- Scoil Náisiúnta Réalt na Mara, Dún Dealgan (Duais Cheantar Bardasach Dhún Dealgan);
- Bunscoil Naomh Oilibhéar, Droichead Átha (Duais Cheantar Bardasach Dhroichead Átha);
- Scoil Náisiúnta Chollainn agus Scoil Mhuire na Trócaire (comhbhuaiteoirí i gCeantar Bardasach Bhaile Átha Fhirdhia).



## BRATACHA GORMA

Choimeád Lú na trí Bhratach Ghorma a bhí aici in 2018 do na tránna ag Ceann Chlochair, An Port agus Baile an Teampaill. Tá an Bhratach Ghorm ar cheann de na lipéid éiceolaíochta is mó aitheantas ar domhan. Bronntar an bhratach ar thránna agus ar mharinas a bhfuil caighdeán uisce den scoth acu agus a bhaineann amach ardchaighdeáin ó thaobh oideachas comhshaoil, bainistiú na timpeallachta, cáilíocht uisce agus sábháilteacht. Cabhraíonn grúpai áitiúla pobail trí bhruscar a bhailiú go rialta ar an trá, ionas go mbíonn na tránna tarraingteach do chuairteoirí i gcaitheamh an tsamhraidh.

## MÓRTAS ÁITE

Bronntar Duaiseanna Mórtas Áite an IPB, i gcomhar le Comhoibriú Éireann, ar son gnóthachtálacha agus obair mhórluachmhar a dhéanann saorálaithe agus daoine atá bainteach le forbairt áitiúil pobail ar fud oileán na hÉireann. Éiríonn go maith le Lú gach bliain sa chomórtas seo. In 2018, fógraíodh Ionad Tacaíochta Gary Kelly don Ailse i nDroichead Átha ina bhuaiteoir iomlán náisiúnta sa chatagóir ‘Pobal ag Síneadh Amach Láimhe’. D’ionadaigh Callan ar son Lú sa chatagóir de dhaonra idir ‘300-1,000’.

## SCÉIM ATHNUACHANA BAILTE AGUS SRÁIDBHAILTE

Tugadh aon cheann déag de thionscadail pobail chun críche ag suíomhanna ar fud Contae Lú in 2018, le cistiú a fuarthas faoin Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte. Bunaíodh an scéim chun bailte agus sráidbhailte a athnuachan trí thimpeallacht maireachtála agus oibre a bpobail a fheabhsú. Fuarthas €775,726.16 de chistiú san iomlán faoin scéim.






## CLÁR

Tacaíonn An Clár le hidirghabhálacha a fhágann go mbíonn timpeallachtaí scoile/pobail níos sláintiúla agus níos sábháilte do leanaí atá ag dul ar scoil, agus do dhaoine fásta a úsáideann áiseanna pobail. Ceadaíodh €134,637.50 de chistiú in 2018 do chúig scoil i gContae Lú. Tugtar tacaíocht faoin gclár chun áiteanna súgartha scoile/pobail atá ann cheana nó cinn nua a bhreisiú. Ceadaíodh €131,569.11 de chistiú do shé thionscadal sa chontae faoin gcatagóir seo.

## AOISCHAIRDIÚIL

I measc bhuaicphointí imeachtaí agus tionscnamh Aoischairdiúla Lú in 2018 bhí:

- Chuir Seirbhísí Eolais an tSaoránaigh i Lú dhá leabhrán ar fáil do sheanóirí, ceann amháin ar shábháilteacht idirlín agus ceann eile ar an tslí le cur isteach ar an Scéim Tacaíochta do Thithe Altranais (Margadh Cóir).
- Ceardlann le Cumann Feirmeoirí Lú.
- Dul chun cinn ar Thionscadal Dhearcáin Aoischairdiúil Lú.
- Comhdhálacha chun slite comhtháite cúraim do sheanóirí a phlé.
- Óstáladh toscaireacht ó Hong Cong i mí Iúil, agus bhí taispeántas ann de chláir theicneolaíochta dírithe ar cháilíocht na beatha a fheabhsú do dhaoine atá ag dul in aois.
- Sheol an Comhchoiste ar Thithíocht, Pleanáil agus Rialtas Áitiúil a "Tuarascáil ar Roghanna Tithíochta do Sheanóirí" sa Great Northern Haven, Dún Dealgan i mí Iúil.

## COMHAIRLE NA NÓG

Rinne Comhairle Lú athbhreithniú ar a struchtúr agus ar a ghníomhaíochtaí. De bhun an athbhreithnithe seo, cinneadh grúpaí As Bardasaigh a bhunú ar bhonn píolótach. As sin bunaíodh grúpaí den Chomhairle i nDún Dealgan, i Lár Lú agus i nDroichead Átha. Rinne gach grúpa scata daoine óga a earcú agus a oiliúint agus tháinig siad le chéile gach seachtain chun saincheisteanna áitiúla a phlé agus dul i mbun oibre ar thionscadail áitiúla. Uair sa mhí tháinig na trí ghrúpa le chéile chun féachaint ar fhadhbanna ar fud an chontae. Is é Comhairle an nÓg Lú an chéad chomhairle a oibreoidh an struchtúr seo.




I Lár Lú, cheap na daoine óga tionscadal do chóir iompair faoin tuath. D'aithin siad easpa córacha iompair mar bhac mór ar ar rannpháirtíocht daoine óga i ngníomhaíochtaí sóisialta agus fóillíochta. Le cúnamh ó Rural Link, d'eagraigh siad sraith cuairteanna ar an bpictiúrlann, ionad snámha agus áiseanna siopadóireachta chun rud éigin le déanamh a thabhairt do dhaoine óga i gcaitheamh mhíonna an tsamhraidh.

D'fhreastail baill den Chomhairle ar Dhialóg Uile-Oileán do Shaoránaigh in DkIT i mí Bealtaine. Tar éis páipéar a thiomsú ar fhadhbanna do dhaoine óga a ghabhfadh leis an mBreatimeacht, chas an grúpa ar chinnteoirí náisiúnta agus Eorpacha chun an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige ar shaol daoine óga a aibhsiú.



# Cúrsaí

## AONAD SPÓRT

Seoladh Plean Straitéiseach Chomhpháirtíocht Spóirt Áitiúil Lú 2018-22 in 2018 leis an sprioc rannpháirtíocht i gcúrsaí spóirt agus gníomhaíocht fhisiciúil a mhéadú:

- Struchtúir éifeachtacha.
- Líonra eagraíochtaí.
- Raon leathan clár ar fud an chontae.
- Cumhachtú pobal.

Chuir Comhairle Contae Lú, na nithe seo a leanas ar fáil trí Chomhpháirtíocht Spóirt Lú, i gcaitheamh na bliana:

- 44 thionscadal agus tionscnamh.
- Dhá dheontas bheaga do chlubanna chun tacú le forbairt clubanna agus saorálaithe.
- 39 gclár rannpháirtíochta.
- 52 chúrsa oiliúna chun scileanna saorálaithe agus oiliúnóirí a fheabhsú.
- Cuireadh 50+ ócáid áitiúil chun cinn.

I Samhain 2018, bhuaigh Clár Míchumais na Comhairle do Chuimsiú sa Spórt duais náisiúnta CARA.






SEIRBHÍSÍ LEABHARLAINNE
IN AMHARC AMHÁIN

**362,916**
MÍR LEABHARLAINNE EISITHE

**259,058 gCUAIRT**
AR BRAINSÍ LEABHARLAINNE
**3% DE MHÉADÚ**
AR 2017

**15,378**
gCOMHALTA
**24% DE MHÉADÚ**
AR 2017

**179 gCUAIRT SCOILE** AR LEABHARLANN'

**430 IMEACHT**
A EAGRAÍODH IN
**5 BHRAINSE**

**1,128**
gCUAIRT POBAIL

**208** gCUAIRT
**AR THITHE ALTRANAIS**

**52 CUAIRT**
AR CHREIS

# Leabharlanna, Cartlanna, Músaem, Ealaíona agus Oidhreacht

## SEIRBHÍS LEABHARLAINNE LÚ

I gcaitheamh 2018, chuir Seirbhís Leabharlainne Lú Library na spriocanna straitéiseacha a bhí leagtha amach in Ár *Leabharlanna Poiblí 2022* a chomhlíonadh, chun áit iontaofa chruinnithe a dhéanamh den leabharlann sa phobal áit a bhfaighfear treoir agus tacaíocht i réimsí amhail léitheoireacht agus litearthacht, foghlaim ar feadh an tsaoil, gnó agus fostaíocht, maireachtáil shláintiúil agus folláine.

## AN CLÁR CEART LÉITHEOIREACHTA

Leathnaigh Seirbhís Leabharlainne Lú Líonra an Ceart Léitheoireachta chun clár Genesis, Coiste Seirbhísí do Pháistí agus do Dhaoine Óga, Coiste Cúram Leanaí Contae Lú agus DkIT a chur san áireamh ann. Ba iad buaicphointí an chláir:

- **Am Scéalaíochta an Earraigh**
  Bhain os cionn 300 rannpháirtí sult as léitheoireacht teaghlaigh agus as scéalta a roinnt le linn dheich gcinn de sheisiúin scéalaíochta i mí Aibreáin.
- **Clár Léitheoireachta Réaltaí an tSamhraidh**
  Chláraigh 1,092 pháiste agus lean siad ar aghaidh ag léamh le linn laethanta saoire an tsamhraidh.
- **Campaí Litearthachta & Uimhearthachta Leabharlainne do Scoileanna DEIS**
  D'óstáil Dún Dealgan trí champa do thrí scoil áitiúla..
- **Féile Leabhar na bPáistí 2018**
  D'óstáil Leabharlanna Lú 19 ócáid chomhoibritheacha chun forbairt léitheoirí agus litearthacht a chur chun cinn le linn Fhéile Leabhar na bPáistí 2018. Ar na buaicphointí bhí imeachtaí le hIonad Ealaíon Dhroichead Átha mar chuid d'Fhéile Leanbh do Pháistí. Chomhoibrigh Seirbhís Leabharlainne Lú le Comhairle Contae na Mí chun Tom Palmer, údar leabhair do pháistí, a thabhairt go himeachtaí a cuireadh ar fáil in Ionad Ealaíon Dhroichead Átha agus in Ionad Fáilteachais agus Comhtháthaithe Mhaigh Muirí.

## ÉIRE SHLÁINTIÚIL I DO LEABHARLANNSA

Tionscnamh a threoraíonn agus a mhaoiníonn an rialtas is ea Éire Shláintiúil i do Leabharlann chun foinse mhórluachmhar eolas ar chúrsaí sláinte a dhéanamh de leabharlanna sa phobal. In 2018, díríodh ar ócáid a bhí bainteach le cúrsaí sláinte do dhaoine fásta agus do leanaí. San áireamh sa chlár bhí cainteanna ar dhiospraicse, disléicse, tacaíocht cothú cíche, aireachas, airtríteas, ADHD agus athshlánú d'othair stróice. Cuireadh bailiúchán tábhachtach nua leabhar agus acmhainní leictreonacha ar chúrsaí sláinte le gach ceann de chúig bhrainse Lú.

## IS FIÚ AN OBAIR

Tacaíonn tionscnaimh 'Is fiú an Obair ag An Leabharlann' le gnólachtaí, fiontair agus fostaíocht sa phobal áitiúil trí thacú le daoine aonair chun fostaíocht a aimsiú, gairm a athrú nó a ngnó féin a fheabhsú. San áireamh in acmhainní an tionscnaimh bhí spásanna oibre i dtrí leabharlann lánaimseartha, WiFi in aisce, ríomhairí glúine/deisce le húsáid, roinnt leabhar agus eolais úsáidigh, clár do phoist agus Clár Is Fiú an Obair d'imeachtaí, de chainteanna agus de cheardlanna. Rinneadh dul chun cinn in 2018 ó thaobh deiseanna comhoibritheacha a chur ar fáil, i gcomhar le SOLAS, INTREO, LEO, Seirbhísí Eolais do Shaoránaigh Lú, Ionad Saorálaithe Lú agus Bord Oideachais agus Oiliúna Lú na Mí. Bhí ceardlanna agus cainteanna ar gach gné den fhostaíocht, ullmhú CV agus scileanna agallaimh san áireamh in imeachtaí Is Fiú an Obair.

## SPÁSANNA FOGHLAMA DIGITÍ SA LEABHARLANN PHOIBLÍ

I Meán Fómhair, cheadaigh Michael Ring, T.D., Aire Forbartha Tuaithe agus Pobail, €274,991 de chistiú do leabharlanna Lú, as ciste náisiúnta €8m. Leis an gcistiú seo, sholáthair Seirbhís Leabharlainne Lú bogearraí oideachasúil, crua-earraí agus troscán chun spásanna foghlama digiteacha a chur ar fáil i ngach ceann de chúig leabharlann an chontae. San áireamh anseo bhí ríomhairí nua, trealamh do sheomra cruinnithe, trealamh do phodchraoltaí, consóil

chluichíochta, ríomhaire ardsonraíochta a thacóidh le cluichíocht agus le teicneolaíocht na Réaltachta Fíorúla. Thug Seirbhís Leabharlainne Lú conradh d'éascaitheoir páirtaimseartha foghlama bunaithe ar STEAM sa cheathrú ráithe de 2018, le cistiú ó Éire Chruthaitheach, chun clár STEAM a dhearadh do pháistí, do dhaoine fásta óga agus don phobal i gcoitinne i dtrí bhrainse lánaimseartha de Sheirbhís Leabharlainne Lú i nDún Dealgan, Baile Átha Fhirdhia and Droichead Átha.

## FÉILE EOLAÍOCHTA LÚ

Sheol Seirbhis Leabharlainne Lú an chéad Fhéile Eolaíochta Lú i leabharlann Dhún Dealgan i mí Dheireadh Fómhair. Chuir Fundúireacht Eolaíochta Éireann an cistiú ar fáil do bhreise is 50 imeacht do bhunscoileanna, do mheánscoileanna agus don phobal i gcoitinne i ngach brainse i mí na Samhna. Bhí imeachtaí códúcháin, eolaíocht an víris HPV, priontáil 3T, nanaiteicneolaíocht agus róbaitic i measc ábhair an chláir.

## AN FHÉILE STAIRE

Mar chuid de Dheich mBliana na gComórthaí Céad Bliain eagraíodh Féile Staire i Seirbhís Leabharlainne Lú, féile a mhaoinigh an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta. Sa tsraith seimineár phléigh acadóirí cáiliúla Éireannacha imeachtaí a bhí á gcomóradh leis an lucht féachana.

## OÍCHE CHULTÚIR

D'óstáil Leabharlann Dhún Dealgan Len Graham, an t-amhránaí Gaelach traidisiúna agus bailitheoir amhrán, i gcomóradh dátheangach ar Oíche Chultúir. Bhí amhráin, scéalta agus dánta le cloisteáil an oíche sin. Oireachtas na Gaeilge a mhaoinigh an ócáid sin.

## WEE COUNTY BIG BOOK (CLUB LEABHAR MÓR AN CHONTAE BHIG)

Trí thionscnamh comhoibritheach idir Seirbhís Leabharlainne Lú, Creative Spark, agus Ionad Ealaíon na Tána, dar teideal 'Wee County Big Book Club', iarradh ar chlubanna leabhair ar fud Lú On Tuesdays *I'm a Buddhist* le Michael Harding a léamh agus bheith páirteach i gclár ceardlann don scríbhneoireacht chruthaitheach agus léamhanna údar ar fud an chontae. Ag deireadh an chláir, thug Michael Harding taibhiú uaidh in Ionad Ealaíon na Tána i mí Mheán Fómhair.

## FEIDHMCHLÁR LEABHARLAINNE

Cuireadh feidhmchlár nua leabharlainne ar fáil in 2018 mar bhreisiú ar na seirbhísí leabharlainne. Tugann an feidhmchlár úsáideoirí díreach chuig réimse uile sheirbhísí na leabharlainne, agus seirbhís nua Léitheoir Preasa san áireamh. Tá rogha ag úsáideoirí as 3,547 nuachtán agus 3,773 irisleabhar le híoslódail ar ghléas ar bith in áit ar bith ar domhan saor in aisce. Mhéadaigh úsáid na ríomhacmhainní de 26% in 2018.







## LEABHARLANNA LÚ MAR ÁIT TEARMAINN

Is ball é Seirbhís Leabharlainne Lú den ghrúpa nuabhunaithe in DkIt dar teideal 'WELCOME' College of Sanctuary group (grúpa 'FÁILTE' Choláiste Tearmainn). Is tionscnamh é seo trína n-oibríonn iarrthóirí tearmainn agus DkIT/Seirbhís Leabharlainne le chéile ar mhaithe le foghlaim óna chéile. Is iad cuspóirí an tionscnaimh imeascadh, cuimsiú agus leas dídeanaithe, iarrthóirí tearmainn agus imircigh leochaileacha a chur chun cinn, trí ghealltanas praiticiúil chun bheith mar áiteanna fáilte agus sábháilteachta.



## MÚSAEM CONTAE DHÚN DEALGAN

Bhí an nath 'is díol spéise é anois an rud a tharla ansin' le sonrú mar théama ar roinnt taispeántas ag Músaem Contae Dhún Dealgan in 2018. Buaicphointe amháin ab ea Taispeántas ***One team, One Dream*** i dtaobh chlub peile Dhún Dealgan ó Mheán Fómhair 2017-Meán Fómhair 2018 agus a bhí le feiceáil ar eipeasóid den chlár ***'Creedon's Road Less Travelled'*** ar RTÉ, a craoladh i gcaitheamh samhradh 2018 mar chuid den chuntas ar Jimmy Hasty, dhuine de laochra Chraobh na hÉireann.


I nDeireadh Fómhair 2018, osclaíodh taispeántas sa mhúsaem inar scrúdaíodh an toradh eacnamaíoch, mothúchánach agus pobail a bhí ag cur go tóin poill an SS Dundalk 100 bliain ó shin. Bhí an long ceannaí 235 troigh ag filleadh ar Chuan Dhún Dealgan ó Dhuga Collinwood in Learphol ar an 14 Deireadh Fómhair 1918 nuair a scaoil fomhuireán Gearmánach toirpéad leis. Cailleadh 20 fear san ionsaí agus nuair a chuaigh an long go tóin poill dá bharr - 19 de chriú agus paisinéir amháin, ar mhuintir Dhún Dealgan agus Lú Thuaidh a bhformhór. Taispeántar sa taispeántas giotaí físeáin a rinneadh le déanaí den soitheach ina luí ar ghrinneall na farraige, compás an tsoithigh, agus míreanna eile ilmheán, agus faightear léargas ar an trádáil mhór a bhí ar bun i gcalafoirt Lú sna 1900í luatha, straitéis chogaíochta na nGearmánach sa Chéad Chogadh Domhanda, an saol i nDún Dealgan aimsir an chogaidh, agus toradh na mbásanna ar




theaglaigh agus ar chairde na bhfear a cailleadh.




D'óstáil an Músaem comhdháil i nDeireadh Fómhair dar teideal Do Borders Matter? The Role of Museums and Heritage in Crossing the Line' ('An Fiú Teorainneacha: Ról na Músaem agus na hOidhreachta i dtaca le Trasnú na Líne') mar chomóradh ar Bhliain Eorpach na hOidhreachta Cultúrtha 2018. Scrúdaíodh sa chomhdháil seo cineál agus modh oibríochta teorainneacha in Éirinn agus go hidirnáisiúnta agus bhí tráchtairí polaitíochta, cultúrtha agus ealaíon i láthair.




Óstálann an Músaem imeachtaí cultúrtha éagsúla ó cheann ceann na bliana, lena n-áirítear léachtaí; taispeántais ealaíne, turais siúil ar Dhún Dealgan; turais threoraithe ar an Músaem agus ceardlanna do scoileanna áitiúla; gníomhaíochtaí Nollag agus tuilleadh nach iad.

# Na Cartlanna

Déanann foireann Chartlanna Contae Lú a ndícheall chun an bailiúchán suntasach de chartlanna poiblí agus príobháideacha sa chontae a aithint, a chaomhnú agus a chur ar fáil don phobal agus chun aird a tharraingt ar a thábhachtaí atá siad don tír. Cuireann Cartlanna an Chontae seirbhísí bainistithe taifead ar fáil do Chomhairle Contae Lú, lena n-áirítear comhairle ar an bhfoireann ar an tslí le taifid a choimeád agus a bhainistiú.

Mar aon le hobair shuirbhéireachta ar bhainistíocht taifead agus taifid neamhreatha a aistriú go stóras mar aon le húsáid na dtaifead a chlárú, rinne na Cartlanna Contae socruithe le go bhféadfaí grúpa leabhar miontuairiscí den Chomhairle a chaomhnú. Chabhraigh sé freisin le Tionscadal Reilig Naomh Pádraig, ar comhthionscadal é le DkIT agus Cumann Shean-Dhún Dealgan chun feidhmchlár aimsithe uaigheanna agus suíomh gréasáin a chur ar fáil don reilig.

Tá tuairim is 260,000 mír aonair ag Cartlanna Contae Lú. Bhíothas an-sásta cur leo seo i mbliana nuair a fuarthas leabhar cuntas ó lár an 18ú haoise ó ghníomhaire agus ceannaí inar sonraíodh díolacháin agus costais a bhain le mórchuid teaghlach mór i Lú; litir agus doiciméid a bhaint le teaghlaigh Uí Chiarrabháin agus Uí Bhroin; bailiúchán Mhic Aodha - Mac Airdeall; bailiúchan cartlainne Brendan Hall; liostaí toghcháin ó dheireadh an 19ú haois agus liosta de dhaoine a raibh ceadúnas madra acu; agus leabhar sochraidí de chuid Dolan's, Baile Átha Fhirdhia.

I measc na mbuaicphointí ó chlár Chartlanna Chontae Lú in 2018 bhí:

- ***Joseph Dolan - A Distinguished Ardonian*** (taispeántas a d'oscail in 2017 mar chuid de Chlár Lú de Chomóradh Céad Bliain ar 1916, arna chistiú ag Éire 2016).
- ***Taispeántas Taistil de Jacob's Biscuit Factory & Dublin: An Assorted History*** (ar iasacht ó Chartlanna Chathair Bhaile Átha Cliath ó Lúnasa -Meán Fómhair 2018).
- Óstáil taispeántas grianghraf Chumann Oidhreachta Iarnród Dhún Dealgan ar Iarnród Mór an Tuaisceirt (Great Northern Railway (Ireland)) mar chomóradh ar chothrom seasca bliain ó dúnadh é.
- Taispeántas cothrom céad bliain ar 1918 dar teideal ***It is resolved that...*** a chuir Cartlanna an Chontae i dtoll a chéile in 2018 le cistiú ón Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta agus ó Chomhairle Contae Lú.





# Na hEalaíona

Chuir CreateLouth, seirbhís ealaíon Chontae Lú, raon gníomhaíochtaí ar fáil in 2018, agus iad ar fad i gcomhréir le chúig mhór-réimse oibre na Seirbhíse - Ealaíona Forbraíochta & Pobail; Deontais & Dámhachtainí; Eolas & Comhairle; Clárú Ealaíonta; agus Ionadaíocht & Pleanáil.

## FORBAIRT & POBAL

- Eagraíodh **Trad @ Heart,** clár seachtaine de 13 thaibhiú agus imeachtaí beaga coil, i seacht suíomh ospidéil agus cúram sláinte do shaoránaigh nárbh fhéidir leo freastal ar Fhleadh Cheoil na nÉireann i nDroichead Átha de dheasca drochshláinte.
- Mar chuid de **Cheol sa Bhaile,** i gcomhar le LMFM, craoladh ceithre chlár raidió laethúla ar LMFM le linn sheachtain Fhleadh Cheoil na hÉireann, inar díríodh ar cheoltóirí Lú.
- Ceiliúradh **Oíche Chultúir 2018** i gContae Lú le himeachtaí in Ionad Ealaíon na Tána, in Creative Spark agus in Ionad Ealaíon an Droichid.
- I bhfómhar 2018, cuireadh clár de líníochtaí agus do phortráidí ón mbeo ar fáil sna meánscoileanna agus cuireadh ceardlanna drámaíochta agus gluaiseachta ar fáil mar chuid de **Dheireadh Seachtaine Cónaithe na hAmharclainne Óige** do 36 rannpháirtí óg i dtrí cinn d'amharclanna óige i Lú.
- Cuireadh sé thaibhiú ar fáil i suíomhanna tithe cúraim ar fud an chontae mar chuid de **Bealtaine 2018,** do chónaitheoirí agus do chuairteoirí lae araon.

## DEONTAIS & DÁMHACHTAINÍ

In 2018, chuir CreateLouth sparánachtaí agus dámhachtainí éagsúla ar fáil do dhaoine aonair agus d'eagraíochtaí i gContae Lú, lena n-áirítear: Deontais CreateLouth faoin Acht Ealaíon; An Scéim Ceannaigh Uirlisí Ceoil Scoile; Dámhachtain Ionad Tyrone Guthrie; Dámhachtain Chumann Drámaíochta na hÉireann. Rud eile de, chabhraigh Ciste Deontais Pobail Éire Chruthaitheach le tionscadail pobail i seánra na n-ealaíon cruthaitheach i Lú.

## INFORMATION & ADVICE

Is é suíomh gréasáin **www.createlouth.**ie an lárionad d'imeachtaí, do dheiseanna, do thionscadail agus d'acmhainní ealaíon i gContae Lú. Gheofar ar createlouth.ie gach eolas ar Thaisce Lú, bailiúchán ealaíne Chomhairle Contae Lú, trí bhunachar sonraí idirghníomhach a thugtar chun dáta gach lá. Slí eile le gníomhaíochtaí ealaíon a chur chun cinn i gContae Lú is ea leathanach Twitter Chomhairle Contae Lú (#louthharts).

## CLÁIR EALAÍON

In 2018, eagraíodh comóradh ar thiomnú oifigiúil an Seomra Forógra i Halla an Bhaile, Dún Dealgan. Sa seomra seo gheofar cóip d'Fhorógra 1916, a bronnadh i 1959 ar Chomhairle Ceantair Uirbigh Dhún Dealgan. Tá sraith obair ealaíne, a bhaineann le himeachtaí 1916 ar crochadh sa seomra, obair a choimeád Seirbhís Ealaíon Chomhairle Contae Lú mar chomóradh ar na gceiliúrthaí cothrom céad bliain ar 1916 i Lú.





## IONADAÍOCHT & PLEANÁIL

Tacaíonn Seirbhís Ealaíon Chontae Lú agus a chomhpháirtithe straitéiseacha leo siúd ar mian leo ealaín a chruthú i Lú, chun caighdeán na beatha agus saibhreas chultúr Lú a bhreisiú i gcónaí. Déantar amhlaidh trí obair ealaíne nua a choimisiúnú i raon meán mar léiriú ar oidhreacht phobal Lú, agus chun tacú le scéimeanna cónaithe d'ealaíontóirí agus le clár comhoibritheach Éire Chruthaitheach do Lú 2017 - 2022.

Dearadh clár comhoibritheach Éire Chruthaitheach do Lú 2017 - 2022 chun folláine daoine aonair agus phobail Lú a chur chun cinn. Ar na rudaí a baineadh amach i gclár 2018 bhí:

- Chuir Foireann Cultúir Lú 11 thionscadal chomhoibritheacha ar fáil sna réimsí seo a leanas: STEAM, an stair, na hamharcealaíona, an drámaíocht, an litríocht, an scannánaíocht, an ceol, an cheardaíocht, an oidhreacht thógtha agus an comhshaol.
- Thacaigh Ciste Pobal Cultúrtha Éire Chruthaitheach le 14 ghrúpa chun taighde, pleanáil a dhéanamh do thionscadail agus iad a chur i gcrích.
- I gceist i gCruinniú na nÓg 2018 bhí ocht n-imeacht do dhaoine óga ar fud Chontae Lú, lena n-áirítear amharclann óige, coiméide do dhéagóirí, graifítí, rince Hip Hop, drámaíocht agus ceardlanna STEAM.

# Fleadh Cheoil na hÉireann 2018

Ba é Contae Lú a d'óstáil Fleadh Cheoil na hÉireann in 2018, an fhéile ceoil thraidisiúnta is mó in Éirinn, nuair a tháinig os cionn leathmhilliún duine chun an chontae idir an 12ú agus an 21ú Lúnasa. Sháraigh an fhéile gach ionchas.

Ba é an fáth gur éirigh chomh maith leis ná an obair dhian agus an comhoibriú idir Comhairle Contae Lú, Coiste Feidhmiúcháin na Fleáidhe agus muintir Dhroichead Átha, lena n-áirítear mórchuid grúpaí pobail agus grúpaí deonacha. Lasmuigh dá ndualgais rialála ag tacú leis an bhFleadh, d'oibrigh foireann Chomhairle Contae Lú os cionn 1,200 uair an chloig saor in aisce chun tacú le comórtais, ceolchoirmeacha agus imeachtaí gaolmhara eile. Bhí clár seanbhunaithe agus leitheadach ealaíon, oidhreachta agus cultúrtha Lú ina bhonn taca leis an bhFleadh, mar aon le clár tiomnaithe de chuid Éire Chruthaitheach.

Bhí an ócáid slán sábháilte agus taitneamhach don líon mór cuairteoirí a thriail air de bharr cur chuige tras-stiúrthóireachta, a comhordaíodh trí Rúnaíocht na Fleaidhe, chun an uile rud a bhain leis an ócáid -- ceadúnais reachtúla d'imeachtaí, trádálaithe sráide, bainistíocht tráchta, iarrataí ar chóiríocht agus eolas do thurasóirí, glanadh sráideanna agus cothabháil na bpríomhsheirbhísí amhail seirbhísí dóiteáin agus éigeandála – a bhainistiú.





# 4

## PLEANÁIL, BONNEAGAR, FORBAIRT EACNAMAÍOCH & GNÓTHAÍ EORPACHA

Tacaíonn Aonad Forbartha Eacnamaíche le forbairt chomhordaithe eacnamaíoch an chontae trí dhul i mbun pleanála do thionscnaimh, a thúsaítear agus a bhainistítear ar mhaithe le forbairt leanúnach gheilleagar Lú. San aonad seo tá LEO, oifig turasóireachta, seirbhís ealaíon, oibreacha oidhreachta, pleanála agus caomhantais agus Gnóthaí Eorpach. Bíonn sé páirteach i margú agus i gcur chun cinn na Comhairle mar áit ghnó-chairdiúil agus déanann pleanáil straitéiseach eacnamaíoch a úsáidtear mar bhonn le cinntí beartais Chomhairle Contae Lú.




Comhairle Contae **Lú**
**Louth** County Council
LADY JANE
LADY JANE DA79
DA99

**SEIRBHÍSÍ PLEANÁLA** IN AMHARC AMHÁIN

**385 IARRATAS** RÉAMHPHLEANÁLA **FAIGHTE**

**1,082 IARRATAS** PLEANÁLA FAIGHTE

2 BHAILE I GCONTAE LÚ, **DROICHEAD ÁTHA** AGUS **DÚN DEALGAN,** AINMNITHE MAR **THIOMÁNAITHE RÉIGIÚNACHA** SA CHREAT NÁISIÚNTA PLEANÁLA

**5 CHOMHAIRLIÚCHÁN** RÉAMHIARRATAIS D'FHORBAIRT STRAITÉISEACH TITHÍOCHTA

**CISTIÚ FAIGHTE** LE HAGHAIDH SIÚLÓID FHADA DHÚN DEALGAN AGUS FÍS AN GHEATA THIAR I NDROICHEAD ÁTHA FAOI **TIONSCADAL ÉIREANN 2040**

**5 AIGHNEACHT CISTIÚCHÁIN** DÉANTA FAOIN GCISTE ATHGHINIÚNA AGUS FORBARTHA TUAITHE

**228** GEARÁN FAIGHTE FAOI FHORBAIRT NEAMHÚDARAITHE

**8** SUÍOMH CLÁRAITHE AR **CHLÁR NA LÁITHREÁN** FOLAMH

**45** GHEARÁN FAIGHTE FAOI **STRUCHTÚIR CHONTÚIRTEACHA**

# Fís an Gheata Thiar

I Meitheamh 2018, d'fhógair Comhairle Contae Lú mionsonraí a físe dearaidh chun ceantar an Gheata Thiar i nDroichead Átha a athghiniúint, ag díriú ar Shráid na gCapall agus an ceantar máguaird. Is straitéis spriocdhírithe é Fís an Gheata Thiar trína bhféachtar le hinfheistíocht a mhealladh isteach san áit lárnach seo, mar mhalairt ar fhorbairt a dhéanamh ar shuíomhanna úra ar imeall an bhaile.



# An Oidhreacht

Fuair Comhairle Contae Lú 37 iarratas in 2018 ar an Scéim Infheistíochta san Oidhreacht Thógtha. Roinne €50,000 de chistiú idir cúigear iarratasóirí. San áireamh anseo bhí Donore Road Thatch i nDroichead Átha (ceann tuí, deisiú dín, ballaí láibe ar theach tábhairne); Highlanes Gallery, Droichead Átha (deisiú fuinneog); Tully Thatch, An Chorr Chríochach (deisiú fuinneog); teach ar Ardán Kelso, Dún Dealgan (deisiú simléir), agus The Alleys, Naomh Peadar, Droichead Átha (deisiú dín). Fuarthas €50,000 de chistiú, leis, faoin Scéim Struchtúir i mBaol 2018 le haghaidh tionscadal éagsúil amhail ceann tuí páirteach ar Theachín Bhaile an Rátha, Droim Ineasclainn, agus deisiú dín ar fhána chuil Theach Ráth Eascair, ceann de thithe stairiúla Lú ón ochtú haois déag.

- Fuinneoga Highlanes Gallery.
- Ceann tuí Bhaile an Rátha / Deisiú do dhíon Theach Ráth Eascair.







# Bealach Glas

Chuaigh an obair ar aghaidh ar bhealach glas Loch Chairlinn, a fuair €3.46 milliún de chistiú AE, faoi cheannas Chomhairle Contae Lú, i gcomhar le Comhairle an Iúir, Mhorna agus an Dúin agus East Border Region Ltd. Osclófar an chéad chuid den bhealach glas, ó Bháisín Albert go Loc Victoria, don phobal i mBealtaine 2018. Meastar go n-osclófar an bealach glas iomlán, ó Chairlinn go dtí an tIúr, go luath in 2021. Tá na comhpháirtithe tionscadail ag obair as lámha a chéile i gcónaí, i gcomhar le Doran's Consultants, chun na haighneachtaí ábhartha pleanála sa dá dhlínse a réiteach. Is é Clár INTERREG VA an Aontais Eorpaigh, a chuireann an cistiú ar fáil, faoi bhainistíocht Chomhlacht Speisialta na gClár AE.







# Éire Chruthaitheach

Chomhoibrigh an Oifig Caomhantais agus Stiúideo Priontála Creative Spark chun raon cuimhneachán nua-aimseartha a dhearadh agus a phriontáil, ina dtarraingítear aird ar chomharthaí críche ailtireachta i gContae Lú. Ba é Éire Chruthaitheach a mhaoinigh 'Love Louth's Landmarks'.










# Turasóireacht

## COSÁN OIDHREACHTA LÚ A THAISCÉALADH

Dearadh agus foilsíodh mapa nua den chosán oidhreachta 'Explore Lú' ('Taiscéal Lú') mar chomhlánú ar na suíomhanna gréasáin VisitLouth.ie and Drogheda.ie agis cur le tairiscintí Lú don turasóir. Spreagann an mapa daoine chun dul ag taiscéaladh i Sráidbhailte Cósta Dhroichead Átha & Lú, i nDún Dealgan agus i Leithinis Chuailgne, agus i Lár Lú agus i nGleann na Bóinne. Scaipeadh na mapaí ar oifigí turasóireachta agus ar asraonta turasóirí, ar fud an chontae roimh Fhleadh Cheoil na nÉireann, a eagraíodh i nDroichead Átha i mí Lúnasa.




## FÉILTE

Eagraíodh Féile Mhuirí Éireann, féile a bhfuil duaiseanna buaite aici, arís i mbliana, i Meitheamh 2018, i gcomhpháirtíocht le Calafort Dhroichead Átha. D'fhill na 'Stowaway Sessions' agus thug Cabhlach na Fraince cuairt ar an mbaile.



Thacaigh Comhairle Contae Lú agus chuir siad cistiú ar fáil d'Fhéile "Frostival" Dhún Dealgan agus d'Fhéilte Lá 'le Pádraig i nDún Dealgan, i nDroichead Átha agus i mBaile Átha Fhirdhia.



Lean Comhairle Contae Lú dá thacaíocht d'eagóirí féilte áitiúla in 2018, leis an scéim deontais d'Fhéilte & Imeachtaí. D'éirigh le 15 iarratasóir cistiú a fháil.

# Gnóthaí Eorpacha

Ó bunaíodh an Oifig Eorpach in 2014, tá ardleibhéal saineolais agus eolais ar chistiú AE faighte ag an oifig. Cuireadh sruthanna éagsúla cistiú AE chun cinn in 2018, lena n-áirítear:

**INTERREG VA** - Bealach Glas Loch Chairlinn. Bealach glas nua 10km a chur ar fáil ó Ó Méith i gCo. Lú go dtí an tlúr i gCo. an Dúin.

**Clár an Fhorimill ó Thuaidh agus an tArtach** - Tionscadal Fuinnimh Nialais Nach Mór. Tionscadal trasteorann caomhnú fuinnimh agus inbhuanaitheachta a fhorbairt.

**Iompar Inbhuanaithe INTERREG** - Tionscadal na bhFeithiclí Leictreacha. Líonra trasteorann feithiclí leictreacha féinluchtaithe a fhorbairt agus a leathnú.



## CLÁR PEACE IV - PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA LÚ

Tionscnamh trasteorann ar leith is ea Clár PEACE IV, a mhaoinítear trí Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa de chuid an Aontais Eorpaigh agus faoi bhainistíocht ag Comhlacht na gClár Speisialta AE. Dearadh é chun tacú chun síocháin agus athmhuintearas i dTuaisceart Éireann agus i Réigiún Teorann na hÉireann.

In 2018, fuair Lú €881,612.00 de leithdháileadh trí phróiseas REBID, rud a thug leithdháileadh iomlán Lú go dtí seo go €3.1 milliún.

Rinneadh dul chun cinn i gcaitheamh na bliana chun na tionscadail maoinithe sin a fhorbairt. Bhí comhoibriú forleathan ann idir foireann Peace IV Lú agus údaráis áitiúla eile i dTuaisceart Éireann, chun tionscnaimh trasteorann a fhorbairt. Méadaíodh an cur chun cinn a bhí á dhéanamh ar Chlár Peace IV in earnáil dheonach Lú. Maoiníodh sé thionscadal déag san iomlán.

Seoladh trí thionscadal - Clár Tógála Peace do na hEalaíona Óige; Tionscadal Ceannaireachta Saoránaí & Cothú na Síochána, agus Deiseal - i Nollaig 2018. Ba é cuspóir na dtionscadal difríocht bhuan shuntasach a dhéanamh do shaol daoine óga i gContae Lú.

Peace Northern Ireland - Ireland European Regional Development Fund EUROPEAN UNION

Comhairle Contae **Lú** **Louth** County Council

# Forbairt Eacnamaíoch

## DREASACHTAÍ MIONDÍOLA

Chuir Comhairle Contae Lú 17 de Dheontais ar fáil in 2018 chun Aghaidheanna Siopaí a Fheabhsú, a chabhraigh le gnólachtaí i lár an bhaile a n-áitreabh a uasghrádú, as ar lean eispéireas níos fearr ar lár an bhaile do chustaiméirí agus do chuairteoirí araon.

## FÓRAM EACNAMAÍOCH LÚ

D'fhoilsigh Fóram Eacnamaíoch Lú a Phlean Oideachais & Oiliúna i Márta 2018. Aithnítear sa phlean a thábhachtaí atá an t-oideachas chun pobail inbhuanaithe cothromaithe a fhorbairt agus a chumasú do dhaoine bheith páirteach i saol sóisialta, i saol an tsaoránaigh agus i saol oibre. Tá roinnt acmhainní tábhachtacha ag Lú ó thaobh forbairt scileanna agus aistriú eolais. Tógann an Plean seo ar neart na hearnála oideachais agus oiliúna i gContae Lú, ar mhaithe le hiomaíochas an chontae a bhreisiú go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta ó thaobh raon na gclár oideachais agus oiliúna a chuirtear ar fáil, na n-acmhainní agus na dtacaíochtaí atá ar fáil, an leibhéil rannpháirtíochta, chomhordú an fhorchéimnithe tríd an gcóras oideachais agus ó thaobh na dtorthaí a bhaintear amach.




## STRAITÉIS BIA GHLEANN NA BÓINNE

Bliain láidir eile ab ea do chur i bhfeidhm Straitéis Bia Ghleann na Bóinne. Aithnítear an réigiún i gcónaí mar cheann de na príomhchinn scríbe bia in Éirinn don turasóireacht bia; bhain sé an dara háit don dara bliain as a chéile sna 2018 Foodie Destinations, agus bhain an chéad áit in 2016. Seoladh athbhrandáil ar Boyne Valley Food, mar "Discover Boyne Valley Flavours", i mí Aibreáin. Cuireadh suíomh gréasáin ar fáil chun baill agus imeachtaí Shraith Bia Ghleann na Bóinne a chur chun cinn. Bhí aon cheann is caoga de na himeachtaí sin ann anuraidh, mar aon le cúig cinn d'imeachtaí líonra bia.

Seoladh dearbhán Boyne Valley Flavours i mí na Samhna 2018.

## BIDS DHÚN DEALGAN

Tar éis pobalbhreith i measc íocóirí rátaí, cheadaigh an Chomhairle síneadh cúig bliana ar Scéim Feabhsúcháin Ghnó Cheantar Dhún Dealgan i Meán Fómhair 2018. Ba é aidhm na Scéime BID seo tuilleadh forbartha agus feidhmithe a dhéanamh ar shraith tionscnamh trína bhféachfar le haitheantas cultúrtha an bhaile a bhreisiú, a phróifíl idirnáisiúnta a threisiú, agus timpeallacht trádála an cheantair a fheabhsú.

# Oifig Áitiúil Fiontair (LEO)

Is é ról LEO Lú borradh a chur faoi fhorbairt na bhfiontar áitiúil, agus poist a chruthú i micrifhiontair agus i ngnólachtaí beaga. Tacaíonn sé le gnólachtaí nuabhunaithe, agus le micrifhiontair agus gnólachtaí beaga trí eolas, comhairle, oiliúint, meantóireacht, seimineáir agus tacaíocht roghnaitheach airgeadais a chur ar fáil dóibh. Cuireann LEO comhaontú leibhéal seirbhíse ar fáil d'Fhiontraíocht Éireann.

**Ceithre cholún** atá i gceist i ngníomhaíochtaí LEO Lú:

**1.** Seirbhísí Eolais agus Comhairle Gnó, lena n-áirítear Siopa Ilfhreastail a chur ar fáil do na fiontair bheaga agus mheánmhéide uile chun tacaíochtaí Stáit a fháil.

**2.** Seirbhísí Tacaíochta Fiontair, chun cumas gnó a uasmhéadu agus chun comhoibriú níos mó a chur chun cinn le Fiontraíocht Éireann.

**3.** Seirbhísí Tacaíochta Fiontraíochta, trí chultúr dea-chleachtais fiontair a chur chun cinn.

**4.** Seirbhísí Áitiúla Forbartha Eacnamaíocha, a chuireann raon na seirbhísí údaráis áitiúil agus tacaíochtaí ar fáil don lucht gnó agus a bhreisíonn an timpeallacht eacnamaíoch chun é a dhéanamh níos fusa gnó a dhéanamh i gContae Lú.

I measc tosaíochtaí LEO Lú tá cabhrú le fiontair áitiúla ullmhú don tionchar a bheidh ag an mBreatimeacht orthu agus chun siopa ilfhreastail a fhorbairt do ghnólachtaí.




Is cuid d'fhís LEO Lú é gníomhú mar chatalaíoch agus mar thacaí chun cultúr fiontraíochta dea-chleachtais a bhunú i measc fiontair nuabhunaithe, micrifhiontair agus gnólachtaí beaga, agus chun fiontraíocht agus féinfhostaíocht a chur chun cinn mar shlí bheatha indéanta i measc an daonra trí chéile. Cuireadh an cuspóir seo i bhfeidhm in 2018 trí raon leathan clár, tacaíochtaí agus gníomhaíochtaí, lena n-áirítear:

- Seachtain Fiontair Áitiúil i Márta 2018.
- Naoi gcinn de chláir Cuir Tús le do Ghnó Féin a chur ar fáil do bhreis agus 150 rannpháirtí.
- Tacaíochtaí meantóireachta do 292 rannpháirtí agus cúnamh d'Ionaid Fiontair.
- Meantóireacht Breatimeachta a chur ar fáil do 41 ghnólacht, roinnt seimineár Breatimeachta ardphróifíle sa chontae a eagrú agus a thacú, úsáid an 'Scórchárta Breatimeachta' a chur chun cinn, agus cúnamh deontais theicniúil a cheadú do dheich ngnólacht.
- €536,620 a cheadú do 26 ghnólacht i gCo. Lú.
- Bhain 42 ghnólacht i Lú leas as Dearbhán Trádála ar Líne.






OIFIG ÁITIÚIL FIONTAIR IN AMHARC AMHÁIN

OS CIONN 600 IARRAIDH TIONSCADAIL FAIGHTE

98 bPOST BREISE CRUTHAITHE

4 CHLIANT A AISTRÍODH GO PUNANN FHIONTRAÍOCHT ÉIREANN

D'FHREASTAIL 1500 DUINE AR 62 ÓCÁID OILIÚNA GNÓ, SEIMINEÁIR AGUS CLÁIR FORBARTHA GNÓ

€536,620 CEADAITHE I NDEONTAIS CISTIÚCHÁIN

7 SCOIL RANNPHÁIRTEACH I GCLÁR FIONTRAÍOCHTA NA SCOILEANNA

FUAIR 41 GHNÓLACHT MEANTÓIREACHT BREATIMEACHTA

10 N-IARRATAS CURTHA ISTEACH AR IASACHT DO MHICRIFHIONTAR



# 5

## OIBRÍOCHTAÍ AGUS BAINISTÍOCHT DRAMHAÍOLA / COMHSHAOL

Bainistíonn rannóg Oibríochtaí agus Bainistíocht Dramhaíola / Comhshaoil Chomhairle Contae Lú mórchuid de na seirbhísí is infheicthe a sholáthraíonn an Chomhairle, lena n-áirítear cothabháil agus feabhsúcháin ar bhóithre, cothabháil ár bpáirceanna poiblí agus clóis súgartha a bhfuil duaiseanna buaite acu, cothabháil calafort, piaraí agus reiligí ar fud an chontae. I measc na seirbhísí eile a chuir an rannóg ar fáil bhí seirbhísí tréidliachta, seirbhís maor bruscair, banc buidéal agus seirbhísí athchúrsála, bainistíochta tráchta, seirbhísí pápháirceála, trádáil ócáideach sa chontae, glanadh sráideanna agus seirbhísí poiblí bosca bruscair.


Comhairle Contae Lú
Louth County Council

## OIBRÍOCHTAÍ IN AMHARC AMHÁIN

**300KM** DE **CHOSÁIN** BAINISTITHE AGUS COTHABHÁILTE

**€9M** CAITE AR FHEABHSÚCHÁIN, COTHABHÁIL & DEISIÚ **BÓITHRE**

**600** DROICHEAD COTHABHÁILTE

**13,700 SOLAS** POIBLÍ COTHABHÁILTE

**9 bPÁIRC** AGUS **23 CHLÓS SÚGARTHA** COTHABHÁILTE

**111 CHEADÚNAS** IMEACHTA EISITHE

**200** CRANN CURTHA

**€250,000** I MAOINIÚ DO 6 SCÉIM FEABHSÚCHÁIN ÁITIÚLA

**40,000KM** DE BHÓITHRE AR CUIREADH **GREANADH** ORTHU

**€353,000** INFHEISTITHE I 6 SCÉIM RANNPHÁIRTÍOCHTA POBAIL AR FUD LÚ

# Cothabháil agus Feabhsú Bóithre

Tá Rannóg Oibríochtaí Chomhairle Contae Lú freagrach as cothabháil bheartaithe, cothabháil fhrithghníomhach agus cigireacht oibre ar 1,614 km de bhóithre agus de shráideanna poiblí ar fud an chontae, mar aon leis na cosáin, droichid agus struchtúir eile a ghabhann leo. San áireamh anseo tá cosáin a atógáil agus dromchla nua a chur orthu; leacú bealaí isteach; deisiú agus athsholáthar an charrbhealaigh; ainmphlátaí sráid a sholáthar agus a chothabháil; troscán sráide a bhainistiú agus a cheadúnú; freagra a thabhairt ar iarrataí ó na seirbhísí éigeandála agus freagairt a thabhairt a ghuaiseanna fógartha. Conraitheoirí príobháideacha agus aonaid oibre dírí, ag oibriú as dhá cheantar (Lú Thuaidh & Lú Theas), a dhéanann an obair chothabhála seo.

In 2018, cuireadh clár infheistíochta arbh fhiú €8m é ar fáil (lena n-áirítear €1.75m ón mbuiséad ioncaim), ag díriú ar atógáil na mbealaí coise agus ar dhromchla nua a chur ar charrbhealaí. Cuireadh €0.5m eile ar fáil chun damáiste a rinne Stoirm Emma do líonra na mbóithre a dheisiú.








# Bainistíocht Tráchta & Sábháilteacht ar Bhóithre

Ina theannta sin, bainistíonn Rannóg Oibríochtaí Chomhairle Contae Lú trácht agus sábháilteacht na mbóithre sa chontae.

**I measc na ngníomhaíochtaí in 2018 bhí:**

- Forbairt leanúnach ar bhealaí rothair agus ar áiseanna do dhaoine atá faoi mhíchumas nó maol-luaineach.
- Oiliúint rothaíochta a sholáthar le cinntiú go n-úsáidtear an líonra rothair ar shlí shábháilte.
- 79 solas tráchta a dheisiú agus a chothabháil.
- Rialacháin páirceála a fhorfheidhmiú i gcónaí.
- Tacú le scoileanna chun gur féidir leo Cláir éifeachtacha oideachais agus oiliúna maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre a chur ar fáil.
- Seirbhís Maor Scoile a chur ar fáil do scoileanna ar fud Lú.








# Bainistíocht Dramhaíola & Comhshaol

Tá Rannóg Bainistíochta Dramhaíola & Comhshaol Chomhairle Contae Lú freagrach as glanadh na sráideanna; grafaítí agus guma choganta a bhaint, seirbhís maor bruscair, rialáil dramhaíola, iarchúram láithreacha líonta talún, agus gníomhaíochtaí ar son na haeráide a chomhordú.



Tá straitéis bainistithe dramhaíola Lú bunaithe ar chosc/íoslaghdú dramhaíola; misniú agus tacaíocht chun fuíollábhair a athchúrsáil; fuíollábhair a aisghabháil lena n-athchúrsáil; dramhaíl iarmharach a chur de láimh go sábháilte agus an prionsabal 'an truaillitheoir a íocann' a chur i bhfeidhm i gcónaí.

**Príomhfhorbairtí/príomhghníomhaíochtaí in 2018:**

- Cuireadh tús leis an bPlean Gníomhaíochta Torainn 2018-2023.
- Cuireadh tús leis an dara Timthriall den Phlean Bainistíochta Abhantraí.
- Sampláil agus tuairisciú caighdeán an uisce ag ceithre cinn d'áiteanna snámha - bhain gach uisce snámha i Lú rátáil Sárchaighdeáin amach sna rátálacha bliantúla do cháilíocht an uisce 2018.
- Cuireadh tús leis an Straitéis um Oiriúnú don Athrú Aeráide.



## BAINISTÍOCHT DRAMHAÍOLA & COMHSHAOL IN AMHARC AMHÁIN

**3,067** IMSCRÚDÚ BRUSCAIR

**€53,000** D'FHÍNEÁLACHA EISITHE

**404** CHIGIREACHT AR **FHUÍOLLUISCE**

**117** mBANC **GLOINE**

**32** BANC BEIR LEAT

**7,600 TONA** DRAMHAÍOLA **ATHCHÚRSÁILTE** I LÁITHREÁIN CONLÁISTE

# Páirceanna agus Spásanna Oscailte


Lean foireann Páirceanna agus Spásanna Oscailte Chomhairle Contae Lú dá clár dian cothabhála maidir le gearradh féir, cothabháil crann (gearradh agus leagan crann) agus obair eile a bhaineann leis an tírdhreach in 2018.


**Príomhfhorbairtí/príomhghníomhaíochtaí in 2018:**

- Ceithre bhrat ghlasa: le haghaidh Páirc na gCreagacha Dubha, Páirc San Eiléana, Páirc Naomh Dominic agus Páirc Chnoc an Tí Oighir. Sin an líon brat glas is airde a bronnadh ar aon chontae lasmuigh de Bhaile Átha Cliath.
- Cuireadh 200 crann agus cuireadh ciseáin crochta agus bláthanna ar taispeáint i láithreacha difriúla ar fud an chontae.
- Cuireadh clár i bhfeidhm chun glúineach bhiorach a bhaint agus a rialú - rinneadh amhlaidh in achar 2000m² in áiteanna éagsúla ar fud an chontae.
- Cuireadh cúnamh ar fáil leis na hullmhúcháin do Fhleadh Cheoil na hÉireann, agus úsáideadh Páirc San Dominic mar cheann de na príomhláithreacha don Fhleadh.
- Cuireadh comhairle, tacaíocht agus cúnamh bunúsach ar fáil do ghrúpaí Bailte Slachtmhara agus do ghrúpaí scoile.
- Cigireachtaí, oibreacha feabhsúcháin agus cothabháil clós súgartha.









SEIRBHÍSÍ TRÉIDLIACHTA IN AMHARC AMHÁIN

379 MADRA TÓGTHA ISTEACH AG AN BPÓNA IN 2018 LAGHDÚ 7% 'LAGHDÚ AR 2017

COMHAIRLE CONTAE LÚ - I gCOMHPHÁIRTÍOCHT LE AN POST CHUN BUNACHAR SONRAÍ NÁISIÚNTA CEADÚNAS MADRA A CHUR AR FÁIL

4,932 CEADÚNAS MADRA EISITHE

33% DE MHADRAÍ TÓGTHA AR AIS AG ÚINÉIRÍ

90% DE MHADRAÍ ATHSHOCRAITHE

MÉADÚ 10% AR CHEADÚNAIS MADRAÍ A CHEANNACH AR LÍNE

232 FÍNEÁIL SHOCRAITHE EISITHE MAIDIR LE RIALÚ MADRAÍ

37 GCAPALL TÓGTHA GO DTÍ PÓNA NA N-AINMHITHE











## Sábháilteacht Bia

Mhéadaigh líon na monarchana próiseála feola atá faoi chigireacht ag rannóg tréidliachta Chomhairle Contae Lú ó 13 go 16 in 2018. I gceist anseo tá seamlas amháin, 12 mhonarcha ceadaithe gearrtha/cócarála feola agus trí mhonarcha feola cláraithe. Cuireann an contae seirbhísí cigireachta feola agus sábháilteachta bia ar fáil ar chonradh seirbhíse le hÚdarás Sábháilteacht Bia na hÉireann.



**16**
**CHIGIREACHT AR MHONARCHA PRÓISEÁLA FEOLA SUAS Ó 13**

# Seirbhísí Uisce

Bainistíonn Comhairle Contae Lú soláthar uisce do 48,600 teach agus gnólacht ar fud an chontae thar ceann Uisce Éireann. Mar chuid de chomhaontú Chomhairle Contae Lú le hUisce Éireann, tá cúram ar an gComhairle as cóireáil fuíolluisce. Rinneadh infheistíocht shuntasach chaipitil i mbonneagar uisce an chontae in 2018. Áiríodh air sin príomhphíobán uisce nua a sholáthar i nDún Dealgan agus i nDroichead Átha, oibreacha cóireála Chnoc an Chabháin agus Steach Luine agus Bhaile Átha Fhirdhia a uasghrádú agus Gléasra Cóireála Fuíolluisce a thógáil in Ó Méith.






**SEIRBHÍSÍ UISCE**
IN AMHARC AMHÁIN

**39 MILLIÚN LÍTEAR UISCE** DÁILTE **GACH LÁ** TRÍ 1,185KM DE PHRÍOMHPHÍOBÁIN PHOIBLÍ

**220** IARRATAS AR NASC

**2,390** CEIST AGUS GEARÁN Ó CHUSTAIMÉIRÍ RÉITITHE AGUS DEISIÚ DÉANTA

TUAIRIM IS **183** DHEISIÚ DÉANTA AR PHRIOMHPHÍOBÁIN AGUS AR NAISC

TUAIRIM IS **45,525 BAILE** AGUS **4,200 GNÓLACHT** AR CUIREADH UISCE AR FÁIL DÓIBH



# 6

## AGUISÍNÍ

**Ráitis Airgeadais**

**Táscairí Feidhmíochta**

**Taifead Freastail ar Chomhdhálacha**

**Íocaíochtaí le comhaltaí as Cruinnithe, Coiste agus Ionadaíocht**

**Plean Corparáideach**

Comhairle Contae **Lú**
**Louth** County Council



# Ráiteas ar an Ioncam Cuimsitheach

## RÁITEAS AR IONCAM CUIMSITHEACH (RÁITEAS AR CHUNTAS IONCAIM & CAITEACHAIS) DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2018

Tugtar le chéile sa Ráiteas ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais gach ioncam agus caiteachas a bhaineann le hioncam.

Taispeánann sé an barrachas/easnamh don bhliain. Taispeántar aistrithe chuig/ón gcúlchiste mar mhíreanna ar leithligh agus ní leithdháiltear iad de réir rannán seirbhíse.

# Caiteachas de réir Rannáin

| **Caiteachas de réir Rannáin** Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2018 | Ollchaiteachas 2018 | Ioncam 2018 | Glanchait -eachas 2018 | Glanchait -eachas 2017 |
|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € |
| Tithíocht & Tógáil | 24,837,954 | 24,932,192 | (94,238) | 1,105,280 |
| Bóithre, Iompar & Sábháilteacht | 23,925,079 | 12,512,744 | 11,412,335 | 8,822,013 |
| Seirbhísí Uisce | 5,570,877 | 5,015,463 | 555,415 | (104,384) |
| Bainistíocht Forbartha | 11,834,242 | 6,546,470 | 5,287,771 | 5,121,531 |
| Seirbhísí Comhshaoil | 15,008,931 | 1,950,566 | 13,058,366 | 13,167,897 |
| Caitheamh Aimsire & Taitneamhachtaí | 7,623,254 | 986,150 | 6,637,104 | 6,759,627 |
| Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte & Leas | 947,735 | 435,013 | 512,722 | 545,849 |
| Seirbhísí Ilghnéitheacha | 11,260,774 | 6,417,438 | 4,843,336 | 5,934,526 |
| | **101,008,846** | **58,796,035** | | |
| **Glanchostas na Rannán atá le maoiniú as Rátaí & Cáin Mhaoine Áitiúil** | | | **42,212,811** | 41,352,337 |
| Rátaí | | | 31,894,008 | 31,806,290 |
| Cáin Mhaoine Áitiúil | | | 9,866,198 | 9,866,198 |
| ***Barrachas/(Easnamh) don Bhliain roimh Aistrithe*** | | | **(452,605)** | 320,151 |
| **Aistrithe ó/(chuig) cúlchistí** | | | 602,530 | 75,443 |
| **Barrachas/(Easnamh) Foriomlán don bhliain** | | | **149,926** | 395,594 |
| **Cúlchiste Ginearálta @ 1 Eanáir 2018** | | | 395,594 | - |
| Cúlchiste Ginearálta @ 31 Nollaig 2018 | | | **545,520** | 395,594 |

# Ráiteas ar an Staid Airgeadais

| **Ráiteas ar an Staid Airgeadais**<br>(Clár Comhardaithe) AG 31 NOLLAIG 2018 | **2018** | **2017** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| **Sócmhainní Seasta** | | |
| Oibríochtúil | 690,513,431 | 687,286,565 |
| Bonneagair | 1,355,364,519 | 1,355,364,519 |
| Pobail | 4,293,182 | 4,351,176 |
| Neamhoibríochtúil | 50,035,497 | 50,035,497 |
| | **2,100,206,629** | 2,097,037,757 |
| **Obair idir Lámha agus Réamhchostais** | 20,036,453 | 18,040,677 |
| **Féichiúnaithe Fadtéarmacha** | 90,452,617 | 80,890,123 |
| **Sócmhainní Reatha** | | |
| Stoic | - | - |
| Féichiúnaithe Trádála & Réamhíocaíochtaí | 25,450,211 | 28,993,209 |
| Infheistíochtaí Bainc | 42,525,469 | 29,425,054 |
| Airgead sa Bhanc | 3,585,945 | 5,034,666 |
| Airgead Tirim faoi Thuras | 317,092 | 321,870 |
| | **71,878,717** | 63,774,798 |
| **Dliteanais Reatha** (Méideanna a dhlífear laistigh de bhliain) | | |
| Rótharraingt Bhainc | - | - |
| Creidiúnaithe & Fabhruithe | 27,282,154 | 25,052,365 |
| Léasanna Airgeadais | - | - |
| | **27,282,154** | 25,052,365 |
| **Glansócmhainní Reatha / (Dliteanais)** | **44,596,563** | 38,722,433 |
| **Creidiúnaithe** (Méideanna a dhlífear tar éis níos mó ná bliain) | | |
| Iasachtaí Iníoctha | 147,837,154 | 147,826,980 |
| Léasanna Airgeadais | - | - |
| Taiscí In-aisíoctha | 14,506,606 | 13,505,951 |
| Eile | 24,205,505 | 14,352,456 |
| | **186,549,265** | 175,685,388 |
| **Glansócmhainní** | **2,068,742,998** | 2,059,005,604 |
| **Arna n-ionadú ag** | | |
| Cuntas Caipitlithe | 2,100,206,629 | 2,097,037,757 |
| WIP Ioncaim | 18,951,290 | 16,556,763 |
| Cúlchiste Ioncaim ar Leith | 469,071 | 469,071 |
| Cúlchiste Ginearálta Ioncaim | 545,520 | 395,594 |
| Iarmhéideanna Eile | (51,429,513) | (55,453,583) |
| **Cúlchistí Iomlána** | **2,068,742,998** | 2,059,005,604 |

# Achoimre ar Mhórbhailiúcháin Ioncaim do 2018

| A | B | C | D | E | F | G | H | I | J | K |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Cineál Féichiúnaí | Riaráiste isteach @ 1/1/2018 | Fabhruithe - dochar na bliana reatha (Comhlán) | Coigear-tuithe do réadmhaoin fholamh | Díscríofa | Tarscaoilt | Iomlán le bailiú = (B+C-D-E-F) | Méid a bailíodh | Riaráiste deiridh @ 31/12/2018 = (G-H) | Riaráiste amhrasach ar leith | % Bailithe = (H)/(G-J) |
| | € | € | € | € | € | € | € | € | € | € |
| Rátaí | 12,504,700 | 31,894,008 | 3,711,268 | 780,888 | - | 39,906,551 | 30,367,831 | 9,538,720 | 1,913,929 | 80% |
| Cíosanna & Blianachtaí | 5,089,880 | 11,183,990 | - | 135,077 | - | 16,138,793 | 12,332,703 | 3,806,090 | - | 76% |
| Iasachtaí Tithíochta | 362,039 | 1,176,205 | - | 8 | - | 1,538,235 | 1,176,402 | 361,833 | - | 76% |

# Táscairí Feidhmíochta

| Topic | | Indicator | Value |
|---|---|---|---|
| **Tithíocht: H1, H2 & H4** | H1 | A. Líon na n-áiteanna cónaithe faoi úinéireacht an ÚÁ ag 1/1/2018 | 3,783 |
| | | B. Líon na n-áiteanna cónaithe a cuireadh le stoc faoi úinéireacht an ÚÁ le linn 2018 (cibé tógtha nó ceannaithe) | 45 |
| | | C. Líon na dtithe faoi úinéireacht ÚL a díoladh in 2018 | 16 |
| | | D. Líon na dtithe faoi úinéireacht ÚL a leagadh in 2018 | - |
| | | E. Líon na dtithe faoi úinéireacht ÚL ag 31/12/2018 | 3,812 |
| | | F. Líon na dtithe faoi úinéireacht ÚL a beartaíodh a leagan faoin scéim cheadaithe de chuid na Roinne TPRÁ | 3 |
| | H2 | A. Céatadán na dtithe iomlán faoi úinéireacht ÚL a bhí folamh ar an 31/12/2018 | 2.70 % |
| | | Líon na dtithe sa stoc iomlán a bhí gan tionónta ar an 31/12/2018 | 103 |
| | H4 | A. Caiteachas le linn 2018 ar chothabháil thithíocht ÚL tiomsaithe ón 1 Eanáir 2018 go dtí an 31 Nollaig 2018, roinnte ar líon na dtithe i stoc ÚL ag 31/12/2018, i.e. líon H1E lúide líon H1F | €655.93 |
| | | Caiteachas ar stoc ÚL a chothabháil, tiomsaithe ón 1 Eanáir 2018 go 31 Nollaig 2018, lena n-áirítear cothabháil bheartaithe agus caiteachas a cháiligh do dheontais, ar nós deontais an Údaráis Fuinnimh Inmharthana le haghaidh oibreacha cúlfheistithe éifeachtúlachta fuinnimh nó an Clár um Uasghrádú Creatlaigh ach gan caiteachas ar áitreabh folamh ná caiteachas faoi mhórscéimeanna athchóirithe (.i. Athghiniúint cheadaithe nó faoi na Scéimeanna Oibreacha Deisiúchain a chur san áireamh). | €2,498,443 |
| | | Caiteachas ar stoc ÚL a chothabháil, tiomsaithe ón 1 Eanáir 2017 go dtí an 31 Nollaig 2017, lena n-áirítear cothabháil bheartaithe agus caiteachas a cháiligh do dheontais, ar nós deontais an Údaráis Fuinnimh Inmharthana le haghaidh oibreacha cúlfheistithe éifeachtúlachta fuinnimh nó an Chlár um Uasghrádú Creatlaigh ach gan caiteachas ar áitreabh folamh ná caiteachas faoi mhórscéimeanna athchóirithe (.i. Athghiniúint cheadaithe nó faoi na Scéimeanna Oibreacha Deisiúcháin a chur san áireamh. | €6,173,684 |

| Topic | | Indicator | Value |
|---|---|---|---|
| **Tithíocht: H3 & H5** | H3 | A. An t-am i seachtaine' a thóg sé ó dháta an fholmhaithe go dtí an dáta in 2018 nuair a cuireadh tús le tionóntacht nua sa teach, meánaithe trasna na dtithe uile a athligeadh in 2018<br>B. An méid a caitheadh chun an teach a chur i riocht do thionónta nua in 2018, meánaithe trasna na dtithe uile a athligeadh in 2018<br>Líon na dtithe inar lonnaíodh tionónta nua in 2018 (seachas iad siúd a bhí folamh de bharr scéim athchóirithe ar fud an eastáit)<br>Líon na seachtainí ón dháta an fholmhaithe go dtí dáta na tionóntachta nua<br>An caiteachas iomlán ar dheisiúcháin a bhí riachtanach chun na tithe a athligean | 16.42 sn<br>€17,875<br>47<br>771.86 sn<br>€840,136 |
| | H5 | A. Líon iomlán dtionóntachtaí cláraithe i gceantar ÚL ag deireadh Mheitheamh 2018<br>B. Líon na dtithe ar cíos a ndearnadh cigireacht orthu in 2018<br>C. Céatadán na dtithe a ndearnadh cigireacht orthu in 2017 a bhfuarthas nár chomhlíon na Rialacháin Caighdeán<br>D. Líon na dtithe neamhchomhlíontacha a tháinig le bheith comhlíontach le linn 2018<br>Líon na dtithe a ndearnadh cigireacht orthu in 2018 agus a fuarthas nár chomhlíon na Rialacháin Tithíochta (Caighdeáin do Thithe ar Cíos) | 7,574<br>983<br>100%<br>98<br>983 |

# Táscairí Feidhmíochta

| Topic | | Indicator | Value |
|---|---|---|---|
| **Tithíocht: H6** | H6 | A. Líon na ndaoine fásta i gcóiríocht éigeandála a aicmítear mar dhaoine atá gan dídean le fada an lá mar % de líon iomlán na ndaoine fásta gan dídean agus a bhí i gcóiríocht éigeandála ag deireadh 2018 | 33.33 % |
| | | Líon na ndaoine fásta a aicmítear mar dhaoine gan dídean agus a bhí i gcóiríocht éigeandála ar oíche 31 Nollaig 2018 mar a taifeadadh iad ar chóras PASS | 144 |
| | | Líon na ndaoine sin a bhí, ar 31/12/2007, i gcóiríocht éigeandála le 6 mhí as a chéile, nó le 6 mhí san iomlán sna 12 mhí dheiridh | 48 |
| **Bóithre: R1 & R2** | R1 | % na chiliméadair de bhóithre réigiúnacha a fuair PSCI rátáil sa tréimhse 24 mhí roimh 31/12/2018 | 98% |
| | | % na gciliméadar de phríomhbhóithre áitiúla a fuair rátáil PSCI sa tréimhse 24 mhí roimh 31/12/2018 | 96% |
| | | % na gciliméadar de bhóithre tánaisteacha áitiúla a fuair rátáil PSCI sa tréimhse 24 mhí roimh 31/12/2018 | 97% |
| | | % na gciliméadar de bhóithre treasacha áitiúla a fuair rátáil PSCI sa tréimhse 60 mhí roimh 31/12/2018 | 87% |
| | | % na gciliméadar de bhóithre réigiúnacha iomlána a fuair rátáil PSCI de 1-4 ag 31/12/2018 | 6% |
| | | % na gciliméadar de bhóithre réigiúnacha iomlána a fuair rátáil PSCI de 5-6 ag 31/12/2018 | 22% |
| | | % na gciliméadar de bhóithre réigiúnacha iomlána a fuair rátáil PSCI de 7-8 ag 31/12/2018 | 25% |
| | | % na gciliméadar de bhóithre réigiúnacha iomlána a fuair rátáil PSCI de 9-10 ag 31/12/2018 | 46% |
| | | % na gciliméadar de phríomhbhóithre áitiúla a fuair de 1-4 ag 31/12/2018 | 14% |
| | | % na gciliméadar de phríomhbhóithre áitiúla a fuair rátáil PSCI de 5-6 ag 31/12/2018 | 29% |
| | | % na gciliméadar de phríomhbhóithre áitiúla a fuair de 7-8 ag 31/12/2018 | 45% |

| Topic | | Indicator | Value |
|---|---|---|---|
| | | % na gciliméadar de phríomhbhóithre áitiúla a fuair de 9-10 ag 31/12/2018 | 12% |
| | | % na gciliméadar de bhóithre tánaisteacha áitiúla a fuair rátáil PSCI de 1-4 ag 31/12/2018 | 22% |
| | | % na gciliméadar de bhóithre tánaisteacha áitiúla a fuair rátáil PSCI de 5-6 ag 31/12/2018 | 31% |
| | | % na gciliméadar de bhóithre tánaisteacha áitiúla a fuair rátáil PSCI de 7-8 ag 31/12/2018 | 39% |
| | | % na gciliméadar de bhóithre tánaisteach áitiúla a fuair rátáil PSCI de 9-10 ag 31/12/2018 | 6% |
| | | % na gciliméadar de bhóithre treasacha áitiúla a fuair rátáil PCSI de 1-4 ag 31/12/2018 | 26% |
| | | % na gciliméadar de bhóithre treasacha áitiúla a fuair rátáil PCSI de 5-6 ag 31/12/2018 | 28% |
| | | % na gciliméadar de bhóithre treasacha áitiúla a fuair rátáil PCSI de 7-8 ag 31/12/2018 | 23% |
| | | % na gciliméadar de bhóithre treasacha áitiúla a fuair rátáil PCSI de 9-10 ag 31/12/2018 | 13% |
| | R2 | A1. Ciliméadair de bhóithre réigiúnacha a neartaíodh le linn 2018 | 9.4 km |
| | | A2. An méid a caitheadh ar neartú bóithre réigiúnacha le linn 2018 | €1,783,657.00 |
| | | B1. Ciliméadair de bhóithre réigiúnacha a athshéalaíodh le linn 2018 | 6.3 km |
| | | B2. An méid a caitheamh ar obair athshéalaithe ar bhóithre réigiúnacha le linn 2018 | €406,665.00 |
| | | C1. Ciliméadair de bhóithre áitiúla a neartaíodh le linn 2018 | 18.9 km |
| | | C2. An méid a caitheadh ar bhóithre áitiúla a neartú le linn 2018 | €1,371,936.00 |
| | | D1. Ciliméadair de bhóithre áitiúla a athshéalaíodh le linn 2018 | 47.2 km |
| | | D2. An méid a caitheadh ar bhóithre áitiúla a athshéalú le linn 2018 | €1,577,859.00 |

# Táscairí Feidhmíochta

| Topic | | Indicator | Value |
|---|---|---|---|
| **Motarcháin: R3** | R3 | A. Céatadán na n-idirbheart mótarchánach ar líne (i.e. rinneadh an t-idirbheart a phróiseáil agus eisíodh an diosca cánach) in 2018 | 67.84 % |
| **Uisce: W1** | W1 | % de Scéimeanna Príobháideacha Uisce Óil a chomhlíon riachtanais reachtúla maidir le monatóireacht a dhéanamh ar chaighdeán na soláthairtí príobháideacha uisce óil le linn 2018 | 100% |
| **Dramhaíl: E1** | E1 | A. Líon na líonta tí, bunaithe ar Dhaonáireamh 2016, atá suite i limistéar faoi chlúdach ag oibreoir ceadúnaithe a sholáthraíonn seirbhís 3 araid ag 31/12/2018 | 20,141 |
| | | B. Líon na líonta tí, i gceantar an údaráis áitiúil (agus de réir Dhaonáireamh 2016) atá i gceist san uimhir ag A | 44.40 % |
| **Comhshaoil Truailliú: E2** | E2 | A1. Líon iomlán na gcásanna truaillithe a ndearnadh gearán ina leith le linn 2018 | 3,265 |
| | | A2. Líon na gcásanna truaillithe a dúnadh idir 1/1/2017 agus 31/12/2018 | 3,409 |
| | | A3. Líon iomlán na gcásanna a bhí idir lámha ag 31/12/2018 | 255 |
| | | Líon na gcásanna a tugadh ar aghaidh ó dheireadh bliana 2017 | 399 |
| **Truailliú Bruscair: E3** | E3 | A1. % an cheantair de limistéar an ÚÁ a bhí truaillithe go dona nuair a rinneadh suirbhé air | 2% |
| | | A2. % an cheantair de limistéar an ÚÁ a bhí truaillithe go dona in 2018 nuair a rinneadh suirbhé air | 64% |
| | | A3. % an cheantair de limistéar an ÚÁ a bhí truaillithe go dona in 2018 nuair a rinneadh suirbhé air | 24% |
| | | A4. % an cheantair de limistéar an ÚÁ a bhí truaillithe go dona in 2018 nuair a rinneadh suirbhé air | 6% |
| | | A5. % an cheantair de limistéar an ÚÁ a bhí truaillithe go dona in 2018 nuair a rinneadh suirbhé air | 4% |

| Topic | | Indicator | Value |
|---|---|---|---|
| **Stádas Bratach Ghlas: E4** | E4 | A. % na scoileanna ar bronnadh stádas bratach ghlas orthu | 52.17 % |
| **Pleanáil: P1** | P1 | A. Foirgnimh a scrúdaíodh mar chéatadán d'fhoirgnimh nua a fógraíodh don údarás áitiúil | 8.38 % |
| | | Líon iomlán na bhfoirgneamh nua a fógraíodh don údarás áitiúil i.e. foirgnimh inar sheirbheáil tógálaí nó forbróir fógra bailí Tús Feidhme idir 1/1/2018 agus 31/12/2018 ar an údarás áitiúil | 955 |
| | | Líon na bhfoirgneamh nua a fógraíodh don údarás áitiúil in 2018 a ndearna an t-údarás áitiúil cigireacht amháin ar an láthair ar a laghad orthu le linn 2018 | 80 |
| **Pleanáil: P2 & P3** | P2 | A. Líon na gcinntí pleanála údaráis áitiúil a bhí mar ábhar le hachomharc chuig an mBord Pleanála a chinn an Bord ar dháta ar bith in 2018 | 51 |
| | | B.% na gcinntí ag A lenar deimhníodh (le héagsúlú nó gan éagsúlú) an cinneadh a rinne an t-údarás áitiúil | 68.63 % |
| | | Líon na gcinntí lenar deimhníodh cinneadh an údaráis áitiúil (le héagsúlú nó gan éagsúlú | 35 |
| | P3 | A Iomlán na gcásanna pleanála a tarchuir nó a thionscain údarás áitiúil idir 1/1/2018 agus 31/12/2018 agus a imscrúdaíodh | 228 |
| | | B. Iomlán na gcásanna imscrúdaithe a dúnadh le linn 2018 | 246 |
| | | C.% na gcásanna ag B a caitheadh amach mar chásanna beagbhríocha, mionchúiseanna nó cúiseanna gan bhunús nó a dúnadh de bhrí go raibh siad faoi urchosc reachta nó ina bhforbairt dhíolmhaithe | 38.21 % |
| | | D. % na gcásanna ag B a réitíodh chun sástacht an ÚÁ trí chainteanna | 8.13 % |

# Táscairí Feidhmíochta

| Topic | | Indicator | Value |
|---|---|---|---|
| | | E. % na gcásanna ag B a dúnadh tar éis imeachtaí forfheidhmithe | 53.66 % |
| | | F. Líon iomlán na gcásanna pleanála a bhí á n-imscrúdú ag 31/12/2018 | 187 |
| | | Líon na gcásanna ag 'B' a caitheadh amach faoi alt 152(2), An tAcht um Pleanáil agus Forbairt 2000 | 94 |
| | | Líon na gcásanna ag 'B' a réitíodh chun sástacht an ÚÁ trí chainteanna | 20 |
| | | Líon na gcásanna ag 'B' a dúnadh tar éis imeachtaí forfheidhmithe | 132 |
| **Planning: P4 & P5** | P4 | A. An Ráiteas Bliantúil Airgeadais (RBA) Sonraí Chlár D roinnte ar dhaonra cheantar ÚL de réir Dhaonáireamh 2016 | €25.81 |
| | | RBA sonraí Chlár D comhdhéanta de D01-Pleanáil ar aghaidh, D02 - Bainistíochta Forbartha, D03 - Forfheidhmiú (lena n-áirítear an céatadán ábhartha den mhuirear lárnach bainistíochta maidir le Clár D) le haghaidh 2018 | €3,325,905 |
| | P5 | A. Céatadán na n-iarratas ar dheimhnithe sábháilteachta dóiteáin a cinneadh (ceadaithe nó diúltaithe) laistigh de laistigh de dhá mhí ón uair a fuarthas iad. | 27.84 % |
| | | B. Céatadán na n-iarratas ar dheimhnithe sábháilteachta dóiteáin a fuarthas in 2018 a cinneadh (ceadaithe nó diúltaithe) laistigh de a aontaíodh leis an iarratasóir | 72.16 % |
| | | Líon iomlán na n-iarratas ar dheimhnithe sábháilteachta ar dhóiteán a fuarthas in 2018 nár aistarraing an t-iarrthóir | 97 |
| | | Líon na n-iarratas ar dheimhnithe sábháilteachta at dhóiteán a fuarthas in 2018 a cinneadh (ceadaithe nó diúltaithe) laistigh de dhá mhí ón dáta a fuarthas an t-iarratas | 27 |

| Topic | | Indicator | Value |
|---|---|---|---|
| | | Líon na n-iarratas ar dheimhnithe sábháilteachta ar dhóiteán a fuarthas in 2018 a cinneadh (ceadaithe nó diúltaithe) laistigh de thréimhse fhadaithe aontaithe | 70 |
| **Seirbhís Dóiteáin: F1** | F1 | A. An Ráiteas Bliantúil Airgeadais (RBA): Sonraí an chaiteachais i gcás Clár E maidir le 2018 roinnte ar dhaonra cheantar ÚL de réir fhigiúirí Dhaonáirimh 2016 don daonra a bhfreastalaíonn an t-údarás dóiteáin orthu de réir thuarascálacha Chur Chuige Rioscabhunaithe Chéim 1 | €56.20 |
| | | Sonraí caiteachais Chlár E den RBA comhdhéanta de E11 - Oibriú na Seirbhíse Dóiteáin agus E12 - Cosc Dóiteáin maidir le 2018 | €8,477,404 |
| **Seirbhís Dóiteáin: F2 & F3** | F2 | A. An meán-am a thóg sé, i nóiméid, chun briogáid dóiteáin a shlógadh i stáisiúin lánaimseartha i gcás dóiteáin | 1.31 min |
| | | B. An meán-am a thóg sé, i nóiméid, chun briogáid dóiteáin a shlógadh i stáisiúin pháirtaimseartha i gcás dóiteáin | 4.4 min |
| | | C. An meán-am a thóg sé, i nóiméid, chun briogáid dóiteáin a shlógadh i stáisiúin lánaimseartha i gcás teagmhas éigeandála eile (neamhdhóiteáin) | 1.51 min |
| | | D. An meán-am a thóg sé, i nóiméid, chun briogáid dóiteáin a shlógadh i stáisiúin pháirt-aimseartha (seirbhís dóiteáin choimeádta) i gcás teagmhas éigeandála eile (neamhdhóiteáin) | 2.4 min |
| | F3 | A. % de chásanna dóiteáin ina rabhthas ar an láthair den chéad uair laistigh de 10 nóiméad | 71.38 % |
| | | B. % de chásanna dóiteáin ina rabhthas ar an láthair den chéad uair tar éis 10 nóiméad ach laistigh de 20 nóiméad | 25.36 % |
| | | C. % % de chásanna dóiteáin ina rabhthas ar an láthair den chéad uair tar éis 20 nóiméad | 3.26 % |
| | | D. % de chásanna i gcás gach teagmhas éigeandála eile ina rabhthas ar an láthair den chéad uair laistigh de 10 nóiméad | 60.85 % |

# Táscairí Feidhmíochta

| Topic | | Indicator | Value |
|---|---|---|---|
| | | E. % de chásanna i gcás gach teagmhas éigeandála eile ina rabhthas ar an láthair den chéad uair tar éis 10 nóiméad ach laistigh de 20 nóiméad | 35.94 % |
| | | F. % de chásanna i gcás gach teagmhas éigeandála eile ina ina rabhthas ar an láthair den chéad uair tar éis 20 nóiméad | 3.20 % |
| | | Líon iomlán na nglaoch amach maidir le dóiteáin idir 1/1/2018 agus 31/12/2018 | 828 |
| | | Líon na gcásanna dóiteáin seo ina raibh an chéad inneall dóiteáin ar an láthair den chéad uair laistigh de 10 nóiméad | 591 |
| | | Líon na gcásanna dóiteáin seo ina raibh an chéad inneall dóiteáin ar an láthair den chéad uair tar éis 10 nóiméad ach laistigh de 20 nóiméad | 210 |
| | | Líon na gcásanna dóiteáin seo ina raibh an chéad inneall dóiteáin ar an láthair den chéad uair tar éis 20 nóiméad | 27 |
| | | Líon iomlán na nglaoch amach maidir le gach teagmhas éigeandála eile (.i. neamhdhóiteáin) idir 1/1/2018 agus 31/12/2018 | 281 |
| | | Líon na gcásanna neamhdhóiteáin seo ina raibh an chéad inneall dóiteáin laistigh de 10 nóiméad | 171 |
| | | Líon na gcásanna neamhdhóiteáin seo ina raibh an chéad inneall dóiteáin ar an láthair den chéad uair tar éis 10 nóiméad ach laistigh de 20 nóiméad | 101 |
| | | Líon na gcásanna neamhdhóiteáin seo ina raibh an chéad inneall dóiteáin ar an láthair den chéad uair tar éis 20 nóiméad | 9 |

| Topic | | Indicator | Value |
|---|---|---|---|
| **Seirbhís Leabharlainne: L1** | L1 | A. Líon na gcuairteanna ar leabharlanna de réir líon na ndaoine i gceantar ÚL de réir Dhaonáireamh 2016 | 2.01 |
| | | B. Líon na míreanna a eisíodh d'iasachtaithe sa bhliain | 362,916 |
| | | Líon na gcuairteanna ar a leabharlanna idir 1/1/2018 agus 31/12/2018 | 259,058 |
| **Seirbhís Leabharlainne: L2** | L2 | A. An Ráiteas Bliantúil Airgeadais (RBA) Sonraí Chlár F maidir le 2017 roinnte ar dhaonra an cheantair údaráis áitiúil de réir Dhaonáireamh 2016 | €23.31 |
| | | Sonraí Chlár F den Ráiteas Bliantúil Airgeadais comhdhéanta de F02 – Oibriú na Leabharlainne agus na Seirbhíse Cartlainne (lena n-áirítear an céatadán ábhartha den mhuirear lárnach bainistíochta maidir le Clár F) maidir le 2018 | €3,004,137 |
| **Óige agus Pobal: Y1 & Y2** | Y1 | A. Céatadán na scoileanna áitiúla atá páirteach i scéim Chomhairle na nÓg | 89% |
| | | Líon iomlán na scoileanna dara leibhéal i gceantar ÚL 31/12/2018 | 19 |
| | | Líon na scoileanna dara leibhéal i gceantar ÚL ar fhreastail ionadaithe uathu ar Chruinniú Cinn Bhliana Chomhairle na nÓg in 2018 | 17 |
| | Y2 | A. Líon na n-eagraíochtaí a bhí san áireamh ar an gClár Contae agus céatadán na n-eagraíochtaí sin a roghnaigh a bheith mar chuid den Choláiste Cuimsithe Sóisialta laistigh den PPN | 33.33 |
| | | Líon iomlán na n-eagraíochtaí a bhí san áireamh i gClár an Chontae maidir leis an gceantar údaráis áitiúil amhail ag 31/12/2018 | 303 |
| | | Líon iomlán na n-eagraíochtaí a chláraigh den chéad uair in 2018 | 33 |
| | | Líon na n-eagraíochtaí a roghnaigh dul isteach sa Choláiste Cuimsithe Sóisialta ar cibé dáta ar chláraigh siad don PPN | 101 |

# Táscairí Feidhmíochta

| Topic | | Indicator | Value |
|---|---|---|---|
| **Corparáideach: C1, C2, C4 & C5** | C1 | A. Líon na foirne coibhéiseach lánaimseartha ag 31 Nollaig 2018 | 625.15 |
| | C2 | A. Céatadán na laethanta íoctha oibre a cailleadh de bharr breoiteachta trí shaoire a dheimhnigh dochtúir in 2018 | 4.35 % |
| | | B. Céatadán na laethanta íoctha oibre a cailleadh de bharr breoiteachta trí shaoire féindeimhnithe in 2018 | 0.55 % |
| | | Líon iomlán na laethanta oibre a cailleadh de bharr breoiteachta trí shaoire a dheimhnigh dochtúir in 2018 | 7,545 lá |
| | | Líon iomlán na laethanta oibre a cailleadh de bharr breoiteacht trí shaoire féindeimhnithe in 2018 | 804 lá |
| | | Líon iomlán na laethanta oibre neamhíoctha a cailleadh de bharr breoiteachta a cuireadh san áireamh in iomlán na laethanta saoire bhreoiteachta féindeimhnithe in 2018 | 30 lá |
| | | Líon iomlán na laethanta oibre neamhíoctha a cailleadh de bharr breoiteachta a cuireadh san áireamh in iomlán na laethanta saoire bhreoiteachta a dheimhnigh dochtúir in 2018 | 1,377 lá |
| | | Má tá aon bhall foirne ar shaoire bhreoiteachta fhadtéarmach (.i. tréimhse leanúnach de bhreis is 4 seachtaine), bíodh nóta téacs de líon na foirne atá ar shaoire bhreoiteachta fhadtéarmach san áireamh | 74 bhall foirne ar saoire bhreoiteachta fadtéarmach |
| | C4 | A. Gach costas TFC sa tréimhse ó 1/1/2018 go 31/12/2018, roinnte ar líon na bpost Coibhéiseach Lánaimseartha | €3,340.96 |
| | | Gach costas TFC in 2018 | €2,088,599 |
| | C5 | A. Gach costas TFC a ríomhadh in C4 mar chéatadán de chaiteachas Ioncaim | 2.07 |
| | | Caiteachas iomlán Ioncaim ó 1/1/2018 go 31/12/2018 roimh aistrithe chuig nó ó chúlchistí | €101,008,846 |

| Topic | | Indicator | Value |
|---|---|---|---|
| **Corparáideach: C3** | C3 | A. Líon iomlán na n-amharc ar leathanach ar shuíomh gréasáin an údaráis áitiúil in 2018 | 1,239,736 |
| | | B. Líon iomlán na leantóirí ag deireadh 2018 de chuntais meán sóisialta ÚL | 38,664 |
| | | Líon na gcuntas meán sóisialta arna n-oibriú ag an údarás áitiúil | 18 |
| **Airgeadas: M1 & M2** | M1 | A. Barrachas/iarmhéid carnach ag 31/12/2014 sa Chuntas Ioncaim ón Ráiteas ar an gCuntas Ioncaim & Caiteachais den RBA | -€2,607,461 |
| | | B. Barrachas/iarmhéid carnach ag 31/12/2015 sa Chuntas Ioncaim ón Ráiteas ar an gCuntas Ioncaim & Caiteachais den RBA | -€2,510,887 |
| | | C. Barrachas/iarmhéid carnach ag 31/12/2016 sa Chuntas Ioncaim ón Ráiteas ar an gCuntas Ioncaim & Caiteachais den RBA | €0 |
| | | D. Barrachas/iarmhéid carnach ag 31/12/2017 sa Chuntas Ioncaim ón Ráiteas ar an gCuntas Ioncaim & Caiteachais den RBA | €395,594 |
| | | E. Barrachas/iarmhéid carnach ag 31/12/2018 sa Chuntas Ioncaim ón Ráiteas ar an gCuntas Ioncaim & Caiteachais den RBA | -€545,520 |
| | | F. Barrachas/iarmhéid carnach ag 31/12/2014 mar chéatadán den Ioncam Iomlán in 2018 ón Ráiteas ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais den RBA | -0.06 % |
| | | G. Caiteachas Ioncaim in aghaidh an duine in 2018 | €783.72 |
| | | Figiúr an ioncaim iomláin 2017 ón Ráiteas ar Ioncaim agus Caiteachais den RBA | €100,556,241 |
| | | Figiúr an chaiteachais iomlán 2018 ón Ráiteas ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais den RBA | €101,008,846 |

# Táscairí Feidhmíochta

| Topic | | Indicator | Value |
|---|---|---|---|
| | M2 | Leibhéal bailithe na Rátaí ón RBA maidir le 2014 | 56% |
| | | Leibhéal bailithe na Rátaí ón RBA maidir le 2015 | 60% |
| | | Leibhéal bailithe na Rátaí ón RBA maidir le 2016 | 69% |
| | | Leibhéal bailithe na Rátaí ón RBA maidir le 2017 | 75% |
| | | Leibhéal bailithe na Rátaí ón RBA maidir le 2018 | 80% |
| | | Leibhéal bailithe cíosanna agus blianachtaí ón RBA maidir le 2014 | 82% |
| | | Leibhéal bailithe cíosanna agus blianachtaí ón RBA maidir le 2015 | 73% |
| | | Leibhéal bailithe cíosanna agus blianachtaí ón RBA maidir le 2016 | 71% |
| | | Leibhéal bailithe cíosanna agus blianachtaí ón RBA maidir le 2017 | 69% |
| | | Leibhéal bailithe cíosanna agus blianachtaí ón RBA maidir le 2018 | 76% |
| | | Leibhéal bailithe iasachtaí tithíochta ón RBA maidir le 2014 | 66% |
| | | Leibhéal bailithe iasachtaí tithíochta ón RBA maidir le 2015 | 69% |
| | | Leibhéal bailithe iasachtaí tithíochta ón RBA maidir le 2016 | 73% |
| | | Leibhéal bailithe iasachtaí tithíochta ón RBA maidir le 2017 | 75% |
| | | Leibhéal bailithe iasachtaí tithíochta ón RBA maidir le 2018 | 76% |

| Topic | | Indicator | Value |
|---|---|---|---|
| **Forbairt Eacnamaíoch: J1 go J4** | J1 | A. Líon na bpost a cruthaíodh le cabhair ón Oifig Aitiúil Fiontair idir 1/1/2018 agus 31/12/2018 | 98.0 |
| | J2 | A. Líon na n-iarratas ar dhearbhán trádála ar líne a cheadaigh an Oifig Áitiúil Fiontair in 2018<br>**Trácht: 21 Tarraingthe Anuas** | 42 |
| | | B. Líon na ndearbhán trádála ar líne a tarraingíodh anuas in 2018 | 21 |
| | J3 | A. Líon na rannpháirtithe a fuair meantóireacht sa tréimhse 1/1/2018 go 31/12/2018 | 292 |
| | J4 | A. An bhfuil straitéis reatha turasóireachta ag an údarás áitiúil? | Yes |
| | | B. . An bhfuil Oifigeach Turasóireachta ainmnithe ag an údarás áitiúil Oifigeach?<br><br>**Trácht: Oifigeach Turasóireachta comhroinnte le Contae na Mí** | Yes |

# Leabhar Tinrimh na gComhairleoirí 2018

| Teideal | Dátaí | Costas na gComhaltaí | Costas Taistil | Costais Chomhdhála | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| **Comhdhálacha sa Bhaile** | | | | | |
| Comhdhálacha Ceilteacha An tOchtú Leasú | 23 -25 Márta 2018 | Cllr Richie Culhane<br>Cllr Pio Smith | <br>€600.00 | €100.00<br>€100.00 | €100.00<br>€700.00 |
| Scoil Samhraidh McGill, Na Gleanntacha, Co. Dhún na nGall | 25-27 Lúil 2018 | Cllr John McGahon | €585.41 | paid by Cllr | €585.41 |
| **Oiliúint** | | | | | |
| Creat Náisiúnta Pleanála AILG | Fea 2017 | Cllr Kevin Callan | €203.73 | paid 2017 | €203.73 |
| AILG modúl 1, Comhairleoirí & Iriseoirí Mullingar Park Hotel | 22 Fea 2018 | Cllr Colm Markey<br>Cllr Pio Smith<br>Cllr Jim Tenanty | <br>€89.47<br>€83.20 | €55.00<br>€55.00<br>€55.00 | €55.00<br>€144.47<br>€138.20 |
| Seimineár Oiliúna Earraigh LAMA 2018 The Central Hotel, Baile Dhún na nGall | 5 & 6 Aibreán 2018 | Cllr Kevin Callan<br>Cllr Richie Culhane<br>Cllr Conor Keelan<br>Cllr Pio Smith<br>Cllr Jim Tenanty<br>Cllr Oliver Tully | €312.89<br>€424.87<br><br>€398.00<br>€395.31<br>€295.87 | €160.00<br>€160.00<br>€160.00<br>€160.00<br>€160.00<br>€160.00 | €472.89<br>€584.87<br>€160.00<br>€558.00<br>€555.31<br>€455.87 |
| Comhdháil Oiliúna Earraigh AILG 2018 The Park Hotel, Dún Garbháin | 12-13 Aibreán 2018 | Cllr Kevin Callan<br>Cllr Emma Coffey<br>Cllr Frank Godfrey<br>Cllr Conor Keelan<br>Cllr John McGahon<br>Cllr Pio Smith<br>Cllr Jim Tenanty<br>Cllr Oliver Tully | €356.21<br><br>€367.74<br><br>€499.22<br>€602.80<br>€489.37<br>€472.35 | €135.00<br>€135.00<br>€135.00<br>€135.00<br>€135.00<br>€135.00<br>€135.00<br>€135.00 | €491.21<br>€135.00<br>€502.74<br>€135.00<br>€634.22<br>€737.80<br>€624.37<br>€607.35 |
| Modúl Oiliúna AILG, Comhairleoirí & Sábháilteacht Pobail, Lucan Spa Hotel | 15 Bealtaine 2018 | Cllr Oliver Tully | €95.42 | €55.00 | €150.42 |
| Modúl 3 AILG, Uisce Éireann, Crowne Plaza, Dún Dealgan | 23 Meitheamh 2018 | Cllr Conor Keelan<br>Cllr Jim Tenanty | €0.00<br>€0.00 | €55.00<br>€55.00 | €55.00<br>€55.00 |
| Modúl 4 AILG, Ríomhphleanáil & Tionscadal Bainisithe, Náisiúnta Tógála, County Arms, Biorra | 21 Meán Fómhair 18 | Cllr Pio Smith<br>Cllr Jim Tenanty | €271.86<br>€153.97 | €55.00<br>€55.00 | €326.86<br>€208.97 |
| Cara Droma Rúisc | 11 Meán Fómhair 18 | Cllr Oliver Tully | €119.45 | €55.00 | €174.45 |
| Seimineár Oiliúna Fómhair LAMA 2018 River Hotel, Oileán Ciarraí, Co. Chiarra | 28-29 MF 2018 | Cllr Richie Culhane<br>Cllr Pio Smith<br>Cllr Jim Tenanty<br>Cllr Oliver Tully | €527.88<br>€792.41<br>€785.92<br>€453.31 | €180.00<br>€180.00<br>€180.00<br>€180.00 | €707.88<br>€972.41<br>€965.92<br>€633.31 |
| AILG modúl 5, Airgeadas & Buiséadú Údaráis Áitiúil Sligeach | 13 DF 2018 | Cllr Richie Culhane<br>Cllr Pio Smith<br>Cllr Oliver Tully | €201.44<br>€322.43<br>€263.11 | €55.00<br>€55.00<br>€55.00 | €256.44<br>€377.43<br>€318.11 |
| Longford Arms Hoteel | 11 DF 18 | Cllr Jim Tenanty | €132.78 | €55.00 | €187.78 |
| Comhdháil Oiliúna Fómhair AILG 2018 Hillgrove Hotel, Muineachán | 25 & 26 DF 2018 | Cllr Emma Coffey<br>Cllr Maria Doyle<br>Cllr Conor Keelan<br>Cllr Jim Tenanty<br>Cllr Oliver Tully | <br><br><br>€247.81<br>€208.63 | €135.00<br>€135.00<br>€135.00<br>€135.00<br>€135.00 | €135.00<br>€135.00<br>€135.00<br>€382.81<br>€343.63 |
| AILG Modúl 6, GDPR Léim an Bhradáin | 17 Samh 2018 | Cllr John McGahon<br>Cllr Oliver Tully | €119.61<br>€78.70 | €55.00<br>€55.00 | €55.00<br>€133.70 |
| Kilmore Hotel, An Cabhán | 22nd Samh 2018 | Cllr Kevin Callan<br>Cllr Jim Tenanty | <br>€123.17 | €55.00<br>€55.00 | €55.00<br>€178.17 |

# Íocaíochtaí le Comhaltaí as Cruinnithe, Coistí & Ionadaíocht 2018

| | Íocaíochtaí le Comhaltaí d'Údaráis Áitiúla Lú | Comhairle Contae Lú |
|---|---|---|
| 1 | Líon na gCruinnithe Comhairle agus Coiste | 104 |
| 2 | Liúntas na gCostas Bliantúil (taisteal, cothabháil & costais ilghnéitheacha amhail postas, costais dearbhaithe san áireamh). Iomlán na gcostas a íocadh le comhaltaí as freastal ar chruinnithe na Comhairle agus a coistí | €138,741.14 |
| 3 | Íocaíocht ionadach | €489,152.86 |
| 4 | Liúntas an Chathaoirligh | €19,997.36 |
| 5 | Liúntas an Leaschathaoirligh | €4,000.00 |
| 6 | Cathaoirligh na SPCanna/MPCanna | €24,000.00 |
| 7 | Cathaoireach na gCeantar Bardasach | €30,000.00 |
| 8 | Liúntas Chomhalta den Cheantar Bardasach | €43,498.84 |
| 9 | Fóin phóca /Blackberry agus leathanbhanda | €11,466.67 |
| 10 | Costais Chomhdhálacha agus Oiliúna<br>(a) Sa bhaile<br>(b) I gcéin | <br>€15,699.37<br>€2,754.78 |

# Miondealú ar an Ionadaíocht

## FORBAIRT EACNAMAÍOCH & TACAÍOCHT FIONTAIR

Seo a leanas comhaltacht an Choiste:-

| | |
|---|---|
| An Cllr. Mark Dearey | Cathaoirleach |
| An Cllr. David Saurin | Comhairle Contae Lú |
| An Cllr. Tomás Sharkey | Comhairle Contae Lú |
| An Cllr. Kevin Callan | Comhairle Contae Lú |
| An Cllr. Marianne Butler | Comhairle Contae Lú |
| An Cllr. Conor Keelan | Comhairle Contae Lú |
| An Cllr. Pio Smith | Comhairle Contae Lú |
| Mr. Ciaran McDonnell | Talmhaíocht/Feirmeoireacht |
| Mr. Eddie Phelan | Forbairt/Foirgníocht |
| Mr. Simon McCormack | Gnó/Tráchtáil |
| Mr. Pat Mulligan | Pobail/Deonach |
| Ms. Karen Devine | Comhshaol/Caomhnú |
| Ms. Colette Moss | Comhairle Contae Lú |

## PLEANÁIL & COMHSHAOL

Seo a leanas comhaltacht an Choiste:-

| | |
|---|---|
| An Cllr. Maria Doyle | Cathaoirleach |
| An Cllr. Peter Savage | Comhairle Contae Lú |
| An Cllr. Tom Cunningham | Comhairle Contae Lú |
| An Cllr. Antoín Watters | Comhairle Contae Lú |
| An Cllr. Anne Campbell | Comhairle Contae Lú |
| An Cllr. John McGahon | Comhairle Contae Lú |
| Mr. Michael Smyth T | almhaíocht/Feirmeoireacht |
| Mr. Eddie Phelan | Gnó/Tráchtáil |
| Mr. Richie Barry | Pobail/Deonach |
| Mr. Breffni Martin | Comhshaol/Caomhnú |

## SEIRBHÍSÍ TITHÍOCHTA, PLEANÁLA AGUS ÉIGEANDÁLA

Seo a leanas comhaltacht an Choiste:-

| | |
|---|---|
| An Cllr. Joanna Byrne | Cathaoirleach |
| An Cllr. Jim Tenanty | Comhairle Contae Lú |
| An Cllr. Maeve Yore | Comhairle Contae Lú |
| An Cllr. Ruairi Ó Murchú | Comhairle Contae Lú |
| An Cllr. Pearse McGeough | Comhairle Contae Lú |
| An Cllr. Paul Bell | Comhairle Contae Lú |
| An Cllr. Liam Reilly | Comhairle Contae Lú |
| An Cllr. Tommy Byrne | Comhairle Contae Lú |
| Mr. Bill Baldwin | Forbairt/Foirgníocht |
| Mr. Colm O'Hanrahan | Ceardchumann |
| Mr. Aubrey Halley | Pobail/Deonach |
| Mr. Garrett Weldon | Cuimsiú Sóisialta |

## BONNEAGAR, GNÓTHAÍ EORPACHA AGUS TRASTEORANN

Seo a leanas comhaltacht an Choiste:-

| | |
|---|---|
| An Cllr. Emma Coffey | Cathaoirleach |
| An Cllr. Oliver Tully | Comhairle Contae Lú |
| An Cllr. Edel Corrigan | Comhairle Contae Lú |
| An Cllr. Kenneth Flood | Comhairle Contae Lú |
| An Cllr. Colm Markey | Comhairle Contae Lú |
| An Cllr. Frank Godfrey | Comhairle Contae Lú |
| An Cllr. Dolores Minogue | Comhairle Contae Lú |
| Mr. Matthew McGreehan | Talmhaíocht/Feirmeoireachta |
| Mr. Paddy Malone | Gnó/Tráchtáil |
| Folamh | Pobail/Deonach |
| Mr Sean Connolly | Comhshaol/Caomhnú |

# Comhaltaí Choiste na gCeantar Bardasach 2018

## CEANTAR BARDASACH DHÚN DEALGAN

An Cllr. John McGahon, Cathaoirleach
An Cllr. Mark Dearey
An Cllr. Maria Doyle
An Cllr. Marianne Butler
An Cllr. Emma Coffey
An Cllr. Edel Corrigan
An Cllr. Anne Campbell
An Cllr. Conor Keelan
An Cllr. Ruairí Ó Murchú
An Cllr. Peter Savage
An Cllr. Tomás Sharkey
An Cllr. Maeve Yore
An Cllr. Antóin Watters
Líon na gcruinnithe 2018 - 13

## CEANTAR BARDASACH BHAILE ÁTHE FHIRDHIA

Cllr. Liam Reilly, Chairperson
Cllr. Dolores Minogue
Cllr. Tom Cunningham
Cllr. Colm Markey
Cllr. Pearse McGeough
Cllr. Jim Tenanty
No. of meetings 2018 - 13

## CEANTAR BARDASACH DHROICHEAD ÁTHA

An Cllr. Pio Smith, Mayor
An Cllr. Oliver Tully
An Cllr. Paul Bell
An Cllr. Tommy Byrne
An Cllr. David Saurin
An Cllr. Richie Culhane
An Cllr. Kenneth Flood
An Cllr. Frank Godfrey
An Cllr. Joanna Byrne
An Cllr. Oliver Tully
Líon na gcruinnithe 2018 - 13

## AN COISTE INIÚCHÓIREACHTA

An Dr. Philip Byrne
Mr. Richard Bowden, Bowden Walsh & Co.
Mr. Billy Doyle, CEO, Comharchreidmheasa Dhún Dealgan
An Cllr. Kevin Callan
An Cllr. Conor Keelan

# Fóram Áitiúil Póilíneachta 2018

## FÓRAM ÁITIÚIL PÓILÍNEACHTA DHÚN DEALGAN

Ionadaíonn Fóram Póilíneachta Dhún Dealgan do Cheantar Bardasach Dhún Dealgan agus do Cheantar Garda Dhún Dealgan. Seo an chomhaltacht:

An Cllr. Conor Keelan Cathaoirleach
An Cllr. Marianne Butler
An Cllr. Maeve Yore
An Cllr. John McGahon
An Cllr. Mark Dearey
An Cllr. Emma Coffey
An Cllr. Maria Doyle
An Cllr. Edel Corrigan
An Cllr. Peter Savage
An Cllr Tomas Sharkey
An Ceannfort Gerard Curley Ceantar Garda Dhún Dealgan
Frank Pentony Stiúrthóir Seirbhísís

| | |
|---|---|
| Comhaltaí den Oireachtas | Gerry Adams TD |
| | Declan Breathnach TD |
| | Fergus O'Dowd TD |
| | Peter Fitzpatrick TD |
| | Imelda Munster TD |
| | An Seanadóir Gerald Nash |
| | An Seanadóir Jim D'Arcy |
| | An Seanadóir Mary Moran |
| Pat McVeigh | Ionadaí Pobail & Deonaigh |
| John Temple | Ionadaí Pobail & Deonaigh |
| Folamh | Ionadaí Pobail & Deonaigh |
| Matthew McGreehan | Ionadaí Chumann Feirmeoirí Éireann |
| Frank Watters | Ionadaí Gnó |

## FÓRAM PÓILÍNEACHTA DHROICHEAD ÁTHA

Ionadaíonn Fóram Póilíneachta Dhroichead Átha do leasanna Cheantar Bardasach Dhún Dealgan agus do Cheantar Garda Dhún Dealgan. Seo an chomhaltacht:

An Cllr. Kenneth Flood Cathaoirleach
An Cllr. Kevin Callan
An Cllr. Richard Culhane
An Cllr. Tommy Byrne
An Cllr. Paul Bell
An Cllr. Joanna Byrne
An Cllr. Pio Smith
An Cllr. Frank Godfrey
An Cllr. Oliver Tully
An Ceannfort Andrew Watters Ceantar Garda Dhroichead Átha
Paddy Donnelly Stiúrthóir Seirbhísí

| | |
|---|---|
| Comhaltaí den Oireachtas | Gerry Adams TD |
| | Declan Breathnach TD |
| | Fergus O'Dowd TD |
| | Peter Fitzpatrick TD |
| | Imelda Munster TD |
| | An Seanadóir Gerald Nash |
| Tony Mullins | Ionadaí Pobail & Deonaigh |
| Flora Okobi | Ionadaí Pobail & Deonaigh |
| David McCloskey | Ionadaí Gnó |
| Nicholas Sullivan | Ionadaí Chumann Feirmeoirí Éireann |

## FÓRAM PÓILÍNEACHTA BHAILE ÁTHA FHIRDHIA

Ionadaíonn Fóram Póilíneacht Bhaile Átha Fhirdhia do leasanna Cheantar Bardasach Bhaile Átha Fhirdhia agus do Cheantar Garda Bhaile Átha Fhirdhia. Ba chóir a chur san áireamh go bhfuil Stáisiún an Gharda i nDún Léire suite i gceantar bardasach údarás áitiúil Bhaile Átha Fhirdhia, is í Ceantar Garda Dhroichead Átha a fhreastalaíonn air. Seo an chomhaltacht:

An Cllr. Pearse McGeough Cathaoirleach
An Cllr. Jim Tenanty
An Cllr. Dolores Minogue
An Cllr. Tom Cunningham
An Cllr. Liam Reilly
An Cllr. Colm Markey
An Ceannfort Andrew Watters Ceantar Garda Bhaile Átha Fhirdhia
An Cigire Brendan Cadden Ceantar Garda Dhroichead Átha
Joe Mc Guinness Stiúrthóir Seirbhísí

| | |
|---|---|
| Comhaltaí den Oireachtas | Gerry Adams TD |
| | Declan Breathnach TD |
| | Fergus O'Dowd TD |
| | Peter Fitzpatrick TD |
| | Imelda Munster TD |
| | Seanadóir Gerald Nash |

| | |
|---|---|
| Hugh Conlon | Ionadaí Pobail & Deonaigh |
| Folamh | Ionadaí Pobail & Deonaigh |
| David Ring | Ionadaí Gnó |
| Denis Brennan | Ionadaí Chumann Feirmeoirí Éireann |

# COMHAIRLE CONTAE LÚ

# PLEAN CORPARÁIDEACH 2014-2019
# TUAIRISC AR DHUL CHUN CINN

## RÁITEAS MISIN

"Ceannaireacht a sholáthar, agus seirbhísí ardchaighdeáin freagrúla éifeachtacha a chur ar fáil, agus iad dírithe ar an saoránach".

Comhairle Contae **Lú**
**Louth** County Council

# Sprioc 1 - Cúram do Chustaiméirí

## Go bhfuil fáil ag mhuintir Lú ar sheirbhís phoiblí fhreagrúil, a léiríonn comhbhá leo trí éisteacht leo agus bheith cásmhar leo agus seirbhís ghairmiúil éifeachtach ar chostas a thabhairt.

| Cuspóir | Dul chun cinn |
|---|---|
| An tseirbhís uainn a bheith cuimsitheach agus meas a léiriú ar chách. | Cuirtear oiliúint rialta ar an bhfoireann ionas go gcuirfear spriocanna na cairte do chustaiméirí i gcrích. |
| Táscairí seirbhísí agus táscairí áitiúla atá bainteach leis an gcustaiméir a fhorbairt. | Tá teagmháil ann idir an Chomhairle agus údaráis áitiúla eile maidir le táscairí seirbhís do chustaiméirí a cheapadh. |
| Cultúr feabhais ó thaobh sheirbhís do chustaiméirí a fhorbairt, a chur chun cinn agus a thacú. | Déanann Comhairle Contae Lú athbhreithniú rialta ar a nósanna imeachta agus ar a fheidhmíocht chun an tseirbhís don phobal agus do chomhaltaí tofa a fheabhsú. |
| An eagraíocht a dhéanamh níos so-rochtana trí úsáid na teicneolaíochta. Glacadh le deiseanna meán sóisialta chun é sin a bhreisiú. | Tá líon ár leantóirí Twitter ag dul i méid i gcónaí; úsáideann an Chomhairle an fóram seo chun eolas atá cothrom le dáta a chur ar fáil don phobal. |
| Forbairt leanúnach ar chomhéadain na seirbhíse do chustaiméirí, go pearsanta. | Déantar measúnú rialta ar an tseirbhís le cinntiú go mbíonn sí á nuashonrú agus á feabhsú i gcónaí. |

# Sprioc 2 - Tithíocht & Forbairt Pobail

**Pobail inbhuanaithe a éascú trí chóiríocht agus tacaíocht a sholáthar a chomhlíonann riachtanais an uile dhuine. Pobal sábháilte a chothú, ag an am céanna, trína gcinnteofar go mbeidh seirbhís urrúnta éigeandála ar fáil.**

## TITHÍOCHT

| Cuspóir | Dul chun cinn |
|---|---|
| Raon iomlán na dtacaíochtaí tithíochta a chur ar fáil. | Cuireadh 308 teach nua sóisialta ar fáil in 2018 agus beartaítear 1147 a chur ar fáil idir 2018-2021, de réir sprice. |
| Cabhrú le daoine imeallaithe tríd an gClár Cóiríochta do Thaistealaithe 2014-18 agus Plean Ghníomhaíochta an Oirthuaiscirt do Dhaoine gan Dídean 2014-17 a chur i bhfeidhm agus straitéis a cheapadh chun tithíocht a chur ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas. | Sáraíodh na spriocanna a socraíodh faoin **gClár Cóiríochta do Thaistealaithe 2014-2018.** Tá tús curtha le próiseas chun Clár Cóiríochta do Thaistealaithe a chur i dtoll a chéile.<br><br>**Plean Gníomhaíochta an Oirthuaiscirt do Dhaoine gan Dídean 2014-2017**<br>Tháinig 402 duine gan dídean i láthair idir Eanáir agus Meitheamh 2018 mar aon le 79 duine aonair 12 teaghlach a fuair tacaíocht trí Bhuanú Tionantachta.<br><br>**Straitéis chun Tithíocht a chur ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas**<br>Cuireadh é sin i gcrích in 2016. |
| Straitéis nua iompraíochta frithshóisialta a chur i dtoll a chéile. | Ceapadh Straitéis maidir le hIompraíocht Fhrithshóisialta agus cuireadh i bhfeidhm í in 2016. |
| Ár stoc tithíochta a chothabháil ar shlí phleanáilte chórasach. | Táimid ag athrú ó chothabháil fhrithghníomhach go cothabháil phleanáilte ach tá obair shuntasach de dhíth fós sa réimse seo. |
| Scéimeanna éagsúla deontais a chur ar fáil chun riachtanais na saoránach uile a chomhlíonadh. | Ceadaíodh 39 ndeontas ar chostas €1,498,067 in 2018. |

## POBAL

| Cuspóir | Dul chun cinn |
|---|---|
| Tacú le struchtúr LCDC agus Plean LECP a chur i bhfeidhm. | Tríd an LCDC déantar maoirsiú ar gach cistiú pobail i gContae Lú agus monatóireacht dhá uair sa bhliain ar chur i bhfeidhm na ngníomhartha pobail sa Phlean LECP. |
| Tacú leis an Líonra Rannpháirtíochta Poiblí. | Tá an PPN ag dul ó neart go neart agus tá os cionn 300 grúpa cláraithe ann anois. |
| Straitéis Sábháilteachta Pobail a fhorbairt. | Bhí struchtúr LDCD agus na Comhchoistí áitiúla Póilíneachta i bhfeighil ar chomhlíonadh Straitéis Sábháilteacht Pobail an Chontae. |
| Tacú le Líonra na mBailte Slachtmhara chun a bpobail a fhorbairt. | In 2018 thug Comhairle Contae Lú isteach Scéim Deontais Chaipitil Bailte Slachtmhara chun méadú a fháil sna marcanna a bhronntar i gcomórtas náisiúnta na mBailte Slachtmhara. Mhéadaigh gach iontrálaí i gContae Lú a gcuid marcanna iomlána in 2018. |
| Tacú le riachtanais forbartha na bpobal agus na n-eastát. | Bronnadh tacaíocht cistiúcháin ar líon pobal/eastát níos mó ná riamh in 2018 trí Scéim Deontais Taitneamhachta na Comhairle. Chuir Lárionad Spóirt Pobail Mhuirtheimhne Mór cláir éagsúla spóirt ar fáil. |
| Straitéis Spórt agus Caithimh Aimsire a fhorbairt chun riachtanais reatha a chomhlíonadh agus gníomhaíochtaí spóirt pobail a fhorbairt. | D'fhoilsigh Comhpháirtíocht Spóirt Lú a phlean straitéiseach go luath in 2018 ag féachaint le rannpháirtíocht sa spórt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil a mhéadú. |
| Leanúint ar aghaidh le Straitéis Contae Aoischairdiúil a chur i dtoll a chéile agus i bhfeidhm. | Féachtar ar Lú mar phríomhghníomhaire i gcúrsaí aoischairdiúla agus déanann an LCDC monatóireacht ar fheidhmiú straitéis an chontae. |
| Clár Chomhairle na nÓg a éascú. | Dhírigh Comhairle na nÓg a n-iarrachtaí ar thionscnaimh meabhairshláinte agus folláine do dhaoine óga a chur i dtoll a chéile in 2018. |
| Seirbhís nua-aimseartha freagrúil leabharlainne a sholáthar a chomhlíonann riachtanais an phobail agus a chomhlíonann an straitéis 'Deiseanna do Chách.'. | Spásanna lárnacha pobail, cathartha agus cultúrtha is ea leabharlanna Lú a thairgeann ballraíocht saor in aisce agus fáil ar sheirbhís náisiúnta tríd an gcóras náisiúnta dáileacháin.<br><br>**3 chlár straitéiseacha**<br>**1. Léitheoireacht agus litearthacht:**<br>Mar chuid de thionscnamh Ceart chun Léitheoireachta Lú bhunaigh an tseirbhís leabharlainne Líonra Ceart chun Léitheoireachta Lú chun gníomhaireachtaí áitiúla a nascadh ionas go bhféadfaí réimsí riachtanais a aithint chun léitheoirí agus litearthacht a fhorbairt sa phobal agus mar bhonn leis an gclár imeachtaí léitheora agus litearthachta. |

# Sprioc 2 - Tithíocht & Forbairt Pobail

## POBAL ar leanúint

| Cuspóir | Dul chun cinn |
|---|---|
| | **2. Foghlaim agus Eolas**<br>Tá na céadta imeachtaí agus seisiún foghlama ar fáil le saineolaithe áitiúla agus náisiúnta mar bhonn le trí aidhm straitéiseacha Fhéile Eolaíochta Lú, a mhaoiníonn Fundúireacht Eolaíochta Éireann. Tá acmhainní scríofa agus ar líne ar fud na seirbhíse á bhforbairt i gcónaí mar bhonn le háiseanna foghlama agus eolais.<br>Tacaíonn **Seirbhís Is fiú an Obair** le cuardaitheoirí poist agus le lucht gnó trí bhailiúcháin bhreise leabhar/ ar líne a chur ar fáil. Tá trí cinn de dheasca ar leith ar fáil chuige seo anois i leabharlanna Dhún Dealgan, Dhroichead Átha agus Bhaile Átha Fhirdhia. Tá comhpháirtíochtaí ann idir an tSeirbhís Leabharlainne agus LEO, INTREO, agus Bord Oideachais agus Oiliúna Lú na Mí chun an tseirbhís a chur chun cinn agus cainteanna agus seisiúin eolais a chur ar fáil d'úsáideoirí.<br>Tríd an **tionscnamh Éire Shláintiúil ag do Leabharlann** tig le duine ar fáil teacht ar eolas iontaofa saor in aisce ar chúrsaí sláinte in aon cheann de na brainsí leabharlainne, sna bailiúcháin bhreisithe de leabhair shláinte agus tríd an gclár imeachtaí agus ón bhfoireann oilte leabharlainne.<br><br>**3. Pobal agus Cultúr**<br>Tá an infheistíocht a bhronn an Roinn Forbartha Pobail agus Tuaithe i Ráithe 3 de 2018 á húsáid chun athrú ó bhonn a dhéanamh ar thaithí úsáideoirí na leabharlainne ar an tseirbhís, mar shampla trí fheabhsúcháin a dhéanamh ar na spásanna foghlama digiteacha féinseirbhíse agus timpeallacht leabharlainne an 21ú haois a bhaint amach.<br>Déantar obair leanúnach sna grúpaí staidéir, sna cartlanna agus sa mhúsaem áitiúil chun **banc cuimhne chultúrtha Lú** a chosaint agus comóradh é in imeachtaí le linn Dheich mBlianta na gComórthaí.<br>Cuirfear **breis uaireanta oscailte** ar fáil trí Mo Leabharlann Oscailte i mBaile Átha Fhirdhia nuair a bheidh teacht ar na spásanna agus ar na hacmhainní go huathoibritheach ó 8 ar maidin go 10 istoíche, 365 lá sa bhliain, roimh dheireadh 2018. |

## SEIRBHÍSÍ ÉIGEANDÁLA

| Cuspóir | Dul chun cinn |
|---|---|
| Seirbhís Dóiteáin athléimneach dea-oilte a choimeád. | Déanann pearsanra Sheirbhís Dóiteáin Lú gach cúrsa oiliúna agus athnuachana a cheanglaítear faoi na riachtanais náisiúnta oiliúna. Tá clár cuimsitheach druileála ann don fhoireann lánaimseartha faoin gcóras 5GDS agus comhlíonann an pearsanra páirtaimseartha na riachtanais náisiúnta druileála. Bíonn gach chéad chriú soláthair ar fáil i gcónaí. |
| Straitéis chuimsitheach phoiblí sábháilteacht ar dhóiteáin. | Leathnaigh Seirbhís Dóiteáin Lú a chlár poiblí sábháilteacht ó dhóiteán de réir na straitéise seo. Áirítear anseo clár gníomhaíochtaí do sheachtain an charbóin monocsaíde, an dara clár scoile do leanaí óga agus cainteanna agus taispeántais eagsúla in ionaid siopadóireachta. |
| Straitéis Dóiteáin náisiúnta 'Pobail a Choimeád Sábháilte' a chur i bhfeidhm. | Chríochnaigh Seirbhís Dóiteáin Lú catagóirí riosca ceantair agus fuarthas scéala ón Stiúrthóireacht Náisiúnta gur chomhlíon seirbhís dóiteáin Lú na riachtanais. Comhlíonann leibhéil na gcéad chriúnna soláthair riachtanais an KCS. Freastalaíonn seirbhís dóiteáin Lú ar theagmhais dóiteáin agus neamhdhóiteáin araon, de réir an KCS. Mhol an KCS do bhriogáidí eile lánaimseartha úsáid a bhaint as córas 5GDS atá ag obair i Lú. |
| Cinntiú go bhfuil Struchtúr Bainistíochta Móréigeandála leordhóthanach ann. | Bhí an tOifigeach MEM páirteach sa ghrúpa oibre réigiúnach agus chabhraigh sé leis na cleachtaí agus na cláir agus chuir sé breithmheasanna ar fáil. Eagraíodh cleachtadhmóréigeandála ar son Flogas, Droichead Átha, ar an 24 Bealtaine 2018. D'úsáid Comhairle Contae Lú struchtúir mhóréigeandála nuair a bhí imeachtaí adhaimsire ann. Tá an Plean Móréigeandála agus an Plean Adhaimsire á dtabhairt chun dáta faoi láthair ag an Oifigeach MEM. |
| An tSeirbhís Cosanta Sibhialta a fhorbairt a mhéad is féidir. | Tá na moltaí a rinneadh san Athbhreithniú ar Chosaint Shibhialta á gcur i bhfeidhm i gcónaí i gContae Lú. Áirítear air sin baill nua a earcú agus struchtúr nua a chur i bhfeidhm. Sholáthair Cosaint Shibhialta Lú, le cabhair ó na haonaid Cosanta Sibhialta sna contaetha comharsanachta, cumhdach míochaine ar fáil ó thús deireadh Fhleadh Cheoil 2018. |

# Sprioc 3 - Bonneagar

**Líonra iompair ardchaighdeán a choimeád, líonra atá inrochtana, sábháilte, cliste agus comhtháite agus leanúint de bhonneagar nua-aimseartha sofaisticiúil a sholáthar chun teacht áisiúil a thabhairt do shaoránaigh an chontae**

## IOMPAR

| Cuspóir | Dul chun cinn |
|---|---|
| Gréasán bóithre an Chontae a chothabháil agus a fheabhsú. | **FEABHSÚCHÁIN AR BHÓITHRE NÁISIÚNTA**<br>**N52 Seachbhóthar Bhaile Átha Fhirdhia**<br>Tá doiciméid tairisceana á dtabhairt chun críche agus á n-athbhreithniú faoi láthair. Tá sé beartaithe tús a chur leis na hoibreacha ar an suíomh i 2019. Iarradh tairiscintí do chonradh fálaithe réamhoibreacha<br><br>**Céim 4. HBX go Rosán**<br>Eagraíodh comhairliúchán poiblí ar an réimse staidéir ar shrianta ar an 26 Meán Fómhair 2017. Rinneadh teagmháil roimh ré le húinéirí talún maidir le suirbhéireacht bhreise topagrafach a dhéanamh. Is é an tréimhse ama a mheastar don bhealach is dóigh a roghnófar Ráithe 1 2019 N53, Rosán agus Carraig an Stoca, Conraitheoir athnuachana cosán ar an suíomh le bheith críochnaithe in 2018.<br><br>**Uasghrádú an N2 ó thuaidh de Bhaile Átha Fhirdhia**<br>Comhoibriú le Comhairle Contae Mhuineacháin (mar Phríomh-Údarás) chun an scéim a chur ar aghaidh. Sainchomhairleoirí á gceapadh ag Comhairle Contae Mhuineacháin do Staidéar Comhshaoil agus do roghanna bealaí. Sainchomhairleoirí fostaithe chun bearta féideartha eatramhacha i gContae Lú a aithint.<br><br>**Athnuachan Cosán i mBaile Átha Fhirdhia (Thuaidh)**<br>Tá an t-imscrúdú suímh tugtha chun críche anois. Tuarascáil measúnaithe ar chosáin fós ar bun. Le cur i gcrích in 2019.<br><br>**N33, Athnuachan Cosán**<br>Déanta.<br><br>**N2 Collann, Athnuachan Cosán**<br>Oibreacha déanta.<br><br>**FEABHSÚCHÁIN AR BHÓITHRE RÉIGIÚNACHA AGUS ÁITIÚLA**<br>**Rochtain an Bhaile Nua, Droichead Átha**<br>D'éirigh leis an iarratas ar LIHAF. Teagmháil leis an Roinn agus leis an bhforbróir. Rinne an sainchomhairleoir dul chun cinn ar an dearadh agus ullmhaíodh doiciméid |

## **IOMPAR** ar leanúint

| Cuspóir | Dul chun cinn |
|---|---|
| | chonartha. Imscrúdú suímh déanta. Ceapadh Oifigeach LIHAF. Tá clár á chur i dtoll a chéile chun an tionscadal agus tithíocht a chur ar fáil.<br><br>**Feabhsúchán ar Ascaill an Mhóta**<br>D'éirigh leis an iarratas ar LIHAF. Tá an mapa gabhála talún tugtha chun críche anois. Dul i dteagmháil leis an Roinn, an forbróir agus na húinéirí talún. An mhapáil don cheannach éigeantach tugtha chun críche. Tá teagmháil ann i gcónaí leis na húinéirí talún. Tá doiciméid tairisceana á n-ullmhú ag an Oifigeach LIHAF ar feitheamh ar cheapadh sainchomhairleora. Tá clár á chur i dtoll a chéile chun an tionscadal agus tithíocht a chur ar fáil.<br><br>**Clár Náisiúnta um Athchóiriú Soilse Poiblí**<br>D'aontaigh Comhairle Contae Lú a bheith páirteach sa Chlár Náisiúnta um Athchóiriú Soilse Poiblí faoina n-athsholáthrófaí gach solas le LED. Bheadh cistiú ar fáil chuige seo agus tá sé fógartha le déanaí gur éirigh leis an RMO cistiú náisiúnta de €17.5 milliún a fháil ón gCiste um Ghníomh ar son na hAeráide le haghaidh Tionscadal Éifeachtúlacht Fuinnimh Shoilsiú Poiblí ÚL. Íocfar tuairim €676,794 le Lú. Meastar go n-iarrfar tairiscintí maidir leis seo in 2019 agus go gcuirfear tús leis an obair in 2020. |
| Dul chun cinn ó thaobh príomhthionscadail a chur i gcrích: Droichead Caol Uisce, Seachbhóthar Bhaile Átha Fhirdhia, Bealach Rochtana Chalafort Dhroichead Átha. | **Droichead Chaoluisce - Ordú Ceannaigh Éigeantaigh**<br>Aighneachtaí glactha ag Roinn Bonneagair, Pleanála Thuaisceart Éireann maidir le comhlíonadh roimh thús feidhme. Oibreacha lintéaraigh déanta gar do Thimpeallán A2, An Pointe.<br><br>**Rochtain ar an gCalafort ón gCrosbhealach Thuaidh**<br>Tá talamh á ceannach i gcónaí. Fálú ag an R132 tugtha chun críche. Taiscfear achomharc in aghaidh an chinnidh gan an tionscadal a mhaoiniú faoin gCiste Athghiniúna agus Forbartha Uirbí. Ábhar líonta á charnadh. Tosóidh an ESB atreorú na líne go gairid. |
| Cosáin, páirceáil, spásanna oscailte agus áiseanna eile a dhearadh, a chothabháil agus a fheabhsú le cinntiú go gcomhlíonann siad riachtanais na saoránach ar fud an chontae. | **Caisleán Bhaile Átha Fhirdhia**<br>Próiseas soláthair comhairliúcháin tugtha chun críche in 2018. Litir Ghlactha eisithe don chomhairleoir roghnaithe. Doiciméid dearaidh agus tairisceana le tosú agus le críochnú in 2019.<br><br>**Íosta Lú Theas**<br>Tús curtha le hobair scóipe chun an obair a aithint agus a ullmhú. Eiseofar mionteagasc chun sainchomhairleoirí a fhostú. Beidh oibreacha breise de dhíth le fáil amach an bhfuil an suíomh oiriúnach. |

# Sprioc 3 - Bonneagar

## IOMPAR ar leanúint

| Cuspóir | Dul chun cinn |
|---|---|
| | Beidh leasú de dhíth ar cheadúnas líonta talún an EPA má tá íosta le cur ar an suíomh. Tá an roinn comhshaoil ag ullmhú iarratas leasaithe agus an chuid seo den suíomh san áireamh ann. Tabharfar cuairt ar shuíomh malartach tochailte ar Bhóthar Dhún Uabhair chun a oiriúnacht a dheimhniú.<br><br>**Athchóiriú an Tholsel (Céim 2)**<br>Ceadaíodh iarratas chuig Failte Ireland ar chead chun dul ar aghaidh chuig Forbairt Chéim 1 (€40,000). Meastar go gcosnóidh na céimeanna forbartha €80,000.<br><br>**Bealach Glas - Ó Méith go dtí an tIúr. Comhthionscadal le Comhairle Ceantair an Iúir, Mhorna agus an Dúin agus Réigiún na Teorann Thoir.**<br>Nascfaidh an chéad chéim eile den Bhealach Glas Cairlinn leis an Iúr agus is tionscadal Interreg AE é. Tá an obair thógála déanta ón Iúr go dtí Loc Victoria ffeadh an bhruaich láir láimh leis an Rí. Tá sainchomhairleoir ceaptha. Déanfar dul chun cinn in 2019 leis an dearadh agus leis an bpleanáil.<br><br>**Nasc Siúil na Fuinnseoige**<br>Cuireadh iarratas isteach ar chistiu faoi chatagóir 2 d'Athghiniúint na Tuaithe i Meán Fómhair 2018 chun nasc siúil na Fuinnseoige a chur i gcrích.<br><br>**Feabhsúcháin ar chosáin Bhóthar na Carraige -** tabharfar faoi in 2019. |
| Clár Sábháilteacht Bóithre a chur i bhfeidhm a bheidh oiriúnach do riachtanais atá ag athrú. | **SCÉIMEANNA SÁBHÁILTEACHTA NA MBÓITHRE**<br>**Oibreacha chun Sábháilteacht a Fheabhsú**<br>Scoil an Chroí Ró-naofa, Droichead Átha - oibreacha déanta.<br><br>Geata Rí an Domhnaigh, Droichead Átha. Na Creagacha Dubha, Fochaird, Gráinseach an Dísirt, Baile Hót, Tearmann Feichín - conraithe ceaptha, oibreacha ar siúl.<br><br>Iarratas ar chistiú curtha isteach maidir le hoibreacha 2019.<br><br>**Acomhal Thulaigh Álainn ag Gleann Rí Liam**<br>Ceannaíodh talamh le haghaidh acomhal fiartha ag Gleann Rí Liam. Tá an mionteagasc ag an sainchomhairleoir lena phraghsáil. |

## **IOMPAR** ar leanúint

| Cuspóir | Dul chun cinn |
|---|---|
| | **Scéim Phíolótach Páirceála agus Comhroinn / Páirceála agus Taistil** Té an staidéar indéantachta leis an TII. Tá tacaíocht iarrtha ar an NTA don áis páirceála agus taistil. Tá teagmháil leis an úinéir talún aontaithe i bprionsabal. Tá an mionteagasc ag na sainchomhairleoirí lena phraghsáil. |
| Dul i mbun oibre leis an Roinn Oideachais chun an clár tógála scoileanna a fhorbairt agus a sheachadadh. | **TIONSCADAIL NA GCLÁR SCOILE**<br>**Scoil Athsholáthair le haghaidh Scoil Naomh St Íde agus Scoil Mhuire** Tá an tuarascáil measúnaithe suímh tugtha chun críche. Tá an suíomh aitheanta agus tá tús curtha leis an gcaibidlíocht.<br><br>**Scoil Náisiúnta Oideachas le Chéile Bhaile Átha Fhirdhia** Tá talamh á cheannach ó FSS. Tá an dearadh tosaigh tugtha chun críche. Tá Dearadh Chéim 2B ar siúl i gcónaí. Ceadaíodh Cuid 8 ar an 5 Aibreán. Tá doiciméid chonartha á n-ullmhú ag an bhFoireann Dearaidh.<br><br>**Colaiste Chú Chulainn & Páirc ag Na Méirsí Íochtaracha, Dún Dealgan** Rinneadh an t-aistriú deiridh ar an 21 Nollaig 2018. Críochnófar an pháirc phoiblí sa chéad ráithe de 2019. |
| Campas Earnála Poiblí a chur ar fáil ag oifigí Shráid an Aonaigh i nDroichead Átha. | **Oifigí Cathartha Dhroichead Átha, Oifigí Shráid an Aonaigh** Foireann dearaidh ceaptha agus tús curtha le hobair dearaidh mhionsonraithe. Suirbhéireachtaí speisialtóra déanta. Meastachán iomlán de €12m. Cuid 8 Leasaithe ceadaithe ag comhaltaí tofa i Samhain 2018. Déanfar dul chun cinn i gcéim an dearaidh agus na tairisceana in 2019. Clár á ullmhú ag sainchomhairleoir. |
| Féachaint le hathghiniúint baile/ sráidbhaile a chur chun cinn agus a chur ar aghaidh. | **AN RÉIMSE POIBLÍ**<br>**Sráid Chlann Bhreasaíl / Ceathrú San Nioclás** Foireann Dearaidh Uirbigh ceaptha ar an 28 Iúil 2017. Cuid 8 ceadaithe ag cruinniú de Cheantar Bardasach Dhún Dealgan den 3 Aibreán 2018. Tá an dearadh mionsonraithe ar siúl i gcónaí. Eisíodh tairiscintí chun conraitheoir oibreacha a cheapadh ar an 20 Meán Fómhair le bheith ar ais ar an 30 Deireadh Fómhair. Bronnadh an tairiscint i mí na Nollag 2018 agus beartaítear conradh a thosú ar an suíomh in Eanáir 2019.<br><br>Cuirfear achomharc in aghaidh an chinnidh gan an tionscadal a mhaoiniú faoin gCiste Athghiniúna Uirbí isteach in Eanáir 2019.<br><br>**Athbheochan Lár Bhaile Dhún Léire**<br>Cuireadh iarratas isteach faoin gCiste Athghiniúna Uirbí i Meán Fómhair 2018 maidir le hoibreacha sa réimse poiblí. |

# Sprioc 3 - Bonneagar

## **IOMPAR** ar leanúint

| Cuspóir | Dul chun cinn |
|---|---|
| | **Geata Thiar Dhroichead Átha**<br>Cuireadh iarratas isteach faoi chatagóir B den Chiste Athghiniúna Uirbí i Meán Fómhair 2018 chun Oibreacha sa Réimse Poiblí a dhearadh agus a phleanáil, iarratas ar éirigh leis.<br><br>**Siúl Fada Dhún Dealgan**<br>Cuireadh iarratas isteach faoi chatagóir B den Chiste Athghiniúna Uirbí i Meán Fómhair 2018 chun Oibreacha sa Réimse Poiblí a dhearadh agus a phleanáil, iarratas ar éirigh leis.<br><br>**Scéimeanna Athnuachana Baile agus Sráidbhaile**<br>Oibreacha déanta. Fuarthas cistiú le haghaidh Oibreacha Chéim 2 le cur i gcrích in 2019.<br><br>**Cosán Ghleann Rí Liam, Tulaigh Álainn**<br>Oibreacha déanta.<br><br>**Cosáin Chill Choire**<br>Fuarthas cistiú d'oibreacha ar chosáin a dhéanfar in 2019.<br><br>**Cosáin na gCreagacha Dubha**<br>Fuarthas cistiú d'oibreacha ar chosáin a dhéanfar in 2019. |

## MUIRÍ

| Cuspóir | Dul chun cinn |
|---|---|
| Lánúsáid a bhaint as ár gcalafoirt chun an méid a chuireann earnáil na gcalafort leis an ngeilleagar áitiúil a mhéadú. | Maoirsíonn Máistir Calafoirt de chuid Chomhairle Contae Lú gníomhaíochtaí agus úsáid an chumais múrála ag Port Oirialla, Ceann Chlochair agus ag Áth na gCasán. |
| Aitheantas a thabhairt dár gcalafoirt mar ionaid thábhachtacha stairiúla, cultúrtha, sóisialta agus caithimh aimsire. | Mar chuid den Chreat Náisiúnta Pleanála 2040 agus mar léiriú ar a thábhachtaí atá an earnáil muirí, méadóidh Comhairle Contae Lú an t-aitheantas a thugtar dár gcalafoirt mar ionaid stairiúla, cultúrtha, sóisialta agus caitheamh aimsire. |
| Dul i gcomphháirtíocht lenár gcalafoirt chun idirghníomhaíocht idir earnáil na gcalafort agus na gcórais pleanála agus forbartha a chinntiú ar mhaithe le forbairt inbhuanaithe leanúnach ar earnáil na gcalafort. | Tá Comhairle Contae Lú ag obair le Calafort Dhroichead Átha chun máistirphlean don tréimhse 2020 - 2050 a chur i dtoll a chéile. Foilsíodh an páipéar saincheisteanna in 2018 . Anois go bhfuil an chéim seo den phróiseas tugtha chun críche, fillfidh cuideachta calafoirt Dhroichead Átha ar chéim dhianphleanála inmheánaí agus beartaíonn sé dréacht de Mháistirphlean a fhoilsiú go luath in 2019, agus beidh an máistirphlean deiridh ar fáil faoi lár na bliana.<br><br>Rinne Comhairle Contae Lú iarratas ar chistiú faoin gciste Athghiniúna Uirbí ar chéim 1 den PANCR. |
| Tacú leis an mBeartas Náisiúnta Calafort agus é a chur i bhfeidhm. | Mar chuid de na Straitéisí Réigiúnacha Spásúla agus Eacnamúla, tá Comhairle Contae Lú ag féachaint chuige go ndírítear ar a thábhachtaí atá sé forbairt a dhéanamh ar chalafoirt a bhfuil tábhacht réigiúnach leo agus ar chalafoirt bheaga i gContae Lú, mar chuid den phlean forbartha contae, le cinntiú go ndéantar réigiúin cathracha agus ceantair réigiúnacha agus tuaithe a mhéadú agus a fhorbairt ar shlí inbhuanaithe faoin gCreat Náisiúnta Pleanála 2040. |
| Leanúint den obair le hOifig na nOibreacha Poiblí chun déileáil leis an mbagairt ó chreimeadh cósta agus ón méadú ar leibhéal na taoide. | **Staidéar Measúnaithe agus Bainistíochta Riosca i gcás Tuilte Dobharcheantair**<br>Tar éis cleachtadh náisiúnta scagtha a dhéanamh in 2011, d'aithin Oifig na nOibreacha Poiblí 300 áit ina bhféadfadh tuile tarlú, a dtugtar Ceantair le haghaidh Measúnú Breise, a ndírítear orthu sa Staidéar thuas.<br><br>Tá ocht gceantar den sórt sinn ann i gContae Lú, mar atá liostaithe thíos, sé cinn i gceantar staidéir Loch nEathach na Banna agus dhá cheann i gceantar staidéir an Oirthir. |

# Sprioc 3 - Bonneagar

## **IOMPAR** ar leanúint

| Cuspóir | Dul chun cinn |
|---|---|
| | Staidéar Loch nEathach na Banna - Áth na gCasán, Baile Átha Fhirdhia, Cairlinn, Dún Dealgan & Na Creagacha Dubha Theas, An Grianfort & Tearmann Feichín. Staidéar an Oirthir - Baile Trá & Droichead Átha.<br><br>Lainseáil an tAire Pleananna Bainistithe an Bhaol Tuilte ar an 3 Bealtaine 2018 agus ghlac an Chomhairle Contae iad i mí Iúil. Ceadaíodh cistiú le haghaidh cúig scéim i gContae Lú;<br><br>Dún Dealgan,<br>Droichead Átha,<br>Cairlinn/An Grianfort,<br>Baile Átha Fhirdhia,<br>Baile Trá.<br><br>Tá tús curtha i gcomhar le hOifig na nOibreacha Poiblí leis an bpróiseas chun sainchomhairleoirí a fhostú. Cás gnó curtha ar aghaidh chuig Oifig na nOibreacha Poiblí. Comhaontú Leibhéal Seirbhíse le haontú le hOifig na nOibreacha Poiblí.<br><br>Tá **Pleananna chun Baol Riosca i nDún Léire a Bhainistiú** curtha i gcrích anois a bheag nó a mhór.<br><br>**Scéim Maolú Tuilte i bPáirceanna an Bhaile** - Iarratas ar chistiú le hOifig na nOibreacha Poiblí. |

# Sprioc 4 - Oibríochtaí Muirí agus Uisce

**Líonra Iompar ardchaighdeán a chothabháil, a bheidh inrochtana, sábháilte, cliste agus comhtháite, agus a chomhlíonfaidh riachtanais mhuintir Chontae Lú; Soláthar a dhéanamh i gcomhar le hUisce Éireann chun seirbhísí uisce agus fuíolluisce ardchaighdeán tráthúla a sholáthar chun riachtanais forbartha Chontae Lú a chomhlíonadh.**

## IOMPAR

| Cuspóir | Dul chun cinn |
|---|---|
| Líonra bóithre an chontae a chothabháil agus a fheabhsú. | Déanann Comhairle Contae Lú cothabháil agus feabhsúcháin ar chosáin, ar pháirceáil agus ar spásanna oscailte a bhainistiú, mar chuid den Chlár Bliantúil Oibreacha Bóthair. Comhoibríonn Comhairle Contae Lú leis an TII agus leis na DTTaS chun feabhsúcháin ar roinnt líonraí iompair ar fud an chontae a phleanáil agus a chur i bhfeidhm. |
| Moltaí an Iniúchta Iompair Contae a chur i bhfeidhm trí fhreagra comhtháite ón earnáil phoiblí. | Is é Flexibus Local Link a chuireann seirbhísí iompair tuaithe ar fáil do Lú, don Mhí agus do Fhine Gall.<br><br>Bunaíodh seirbhís nua idir Baile an Riabhaigh agus Baile Átha Fhirdhia. Iarradh tairiscintí nua i gcás gach seirbhís iompair i gContae Lú le hinrochtaineacht a chinntiú ó gach seirbhís. Eisíodh tráthchláir ina bhfuil amanna tosaithe agus amanna críochnaithe araon. Ceannaíodh bus ospidéil faoi Chuntas na gCuntas Díomhaoin agus tá sé ag freastal ar an gcontae le TUS agus tiománaithe deonacha mar thiománaithe.<br><br>D’éirigh le Contae Lú cistiú a fháil do sheirbhís phíolótach tráthnóna ach ní bhfuarthas aon fhreagra ar an ngairm do thairiscintí. Rinne Lú iarratas chun an cistiú a choimeád agus táthar ag feitheamh ar fhreagra. |
| Féachaint le príomhchuspóir an Bheartais Náisiúnta um Thaisteal Cliste a chur i bhfeidhm. | Cuireann Comhairle Contae Lú ról cinnireachta ar fáil in iompar fuinnimh éifeachtaigh agus i dTaisteal Níos Cliste.<br><br>Rinneadh amhlaidh trí Chóras Bainistíochta Fuinnimh a cheapadh agus a chothabháil, córas atá cláraithe a chomhlíonann ISO 50001, ina ndéantar soláthar le haghaidh iniúchtaí rialta ar fhuinneamh i gcúrsaí iompair, oiliúint éiceolaíoch do thiománaithe agus anailís ar shaolré feithiclí nua. Anuas ar sin, tá roinnt feithiclí feistithe le teileameatic.<br><br>Tá beartaithe ag Comhairle Contae Lú Plean Taistil chun an Ionaid Oibre a chur i dtoll a chéile in 2019 chun taisteal cliste ár bhfoirne chun na hoibre a chur chun cinn, ar aon dul le Gníomh 8 den Bheartas Náisiúnta um Thaisteal Níos Cliste. |

# Sprioc 4 - Oibríochtaí Muirí agus Uisce

## IOMPAR ar leanúint

| Objective | Progress |
|---|---|
| Bealaí rothaíochta, cosáin, páirceáil, páirceanna, clóis súgartha, bóithre agus áiseanna eile a dhearadh, a chothabháil agus a fheabhsú chun riachtanais mhuintir Lú a chomhlíonadh. . | Tá clár deisithe agus athnuachana cosán ag CCL, leis, chun cultúr siúil a chur chun cinn in Éirinn, ar aon dul le Gníomh 16 den Phlean Náisiúnta Sábháilteacht ar Bhóithre.<br><br>Déanann Comhairle Contae Lú soláthar, ina chlár trí bliana, d'fheabhsúcháin ar a líonra clós súgartha, páirceanna agus leithreas poiblí ar fud an chontae agus chun méadair pá-pháirceála a uasghrádú i nDroichead Átha agus i nDún Dealgan., Déanann an t-údarás áitiúil éascú agus tacú i gcónaí ar ghrúpaí áitiúla pobail áiseanna áitiúla ar nós clós súgartha agus tionscadail eile a chur ar fáil. Mar a dúradh roimhe seo, mar chuid den chlár bliantúil oibreacha bóthair, déanann ÚL bainistíocht leanúnach ar riachtanais chothabhála agus feabhsúcháin ar a líonra bóithre, bealaí rothaíochta agus cosán. |
| Clár Sábháilteachta Bóthair a chur i bhfeidhm, a bheidh oiriúnach do riachtanais atá ag athrú. | Ar aon dul le Straitéis Sábháilteacht ar Bhóithre an Rialtais, ullmhaíodh plean gníomhaíochta do Chontae Lú sa tréimhse 2017-2020, ag díriú ar laghdú a dhéánamh ar líon na n-imbhuailtí bóthair tríd an oideachas, an Innealtóireacht, an forfheidhmiú agus an measúnú a chur chun cinn. Bunaíodh 'Grúpa Sábháilteacht ar Bhóithre trí Obair le Chéile' chun cur chuige ilghníomhaireachta a sholáthar i leith an phlean gníomhaíochta do Chontae Lú a chur i bhfeidhm.<br><br>Comhpháirtíocht idir an Garda Síochána agus innealtóirí Chomhairle Contae Lú is ea an Clár um Imbhuailtí a Chosc, in iarracht chun suíomhanna ina dtarlaíonn mórchuid imbhuailtí a aithint agus beart coisctheach a dhéanamh chun líon na mbásanna agus na mórghortuithe a laghdú. Bíonn cruinnithe ráithiúla ag an gClár um Imbhuailtí a Chosc i gContae Lú.<br><br>Bainistíonn an tOifigeach Sábháilteachta ar Bhóithre cláir an Mhaoir Scoile agus an Mhaoir Shóisearaigh Scoile agus déanann sé cláir oiliúna sna scoileanna chun feasacht a chothú. Úsáidtear an heaischlib #LúRoadSafety chun aird a dhíriú ar fhadhbanna áirithe sábháilteachta ar bhóithre trí na meáin shóisialta chomh maith le comhairle a chur ar fáil ón Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre. |

## IOMPAR ar leanúint

| Cuspóir | Dul chun cinn |
|---|---|
| | D'éirigh le Comhairle Contae Lú tacaíocht a fháil do bhearta sábháilteachta scoile/pobail faoi mheicníocht maoinithe clár na Roinne Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta le haghaidh tionscadail bheaga bonneagair i gceantair thuaithe atá faoi mhíbhuntáiste). |

## MUIRÍ

| Cuspóir | Dul chun cinn |
|---|---|
| Tacú agus cothabháil a dhéanamh ar chalafoirt agus cuanta forbartha go háirithe iad siúd atá faoi úinéireacht na Comhairle. | Maoirsíonn Máistir Calafoirt de chuid Chomhairle Contae Lú gníomhaíochtaí agus úsáid an chumais múrála ag Port Oirialla, Ceann Chlochair agus ag Áth na gCasán. |
| Tacú leis na moltaí a rinneadh i Staidéar ar Thuilte Mhórcheantar Dhún Dealgan agus aon staidéar eile a rinneadh le linn thréimhse an phlean seo. | Comhoibríonn Contae Lú i gcónaí le hOifig na hOibreacha Poiblí chun an Plean Náisiúnta Bainistiú Tuilte a chur i bhfeidhm. |

## UISCE

| Cuspóir | Dul chun cinn |
|---|---|
| Oibriú le hUisce Éireann le cinntiú go gcuirfear soláthar leanúnach slán uisce óil ar fáil ar shlí leordhóthanach a chomhlíonfadh riachtanais mhuintir Lú. | Oibríonn Comhairle Contae Lú le hUisce Éireann faoi Chomhaontú Leibhéal Seirbhíse chun uisce óil slán sábháilte a chinntiú i gContae Lú agus le Foireann Ceangal agus Forbróra Uisce Éireann agus leis an bhFoireann Straitéis Sócmhainne chun riachtanais forbartha Contae Lú a chomhlíonadh |
| Clár caomhnaithe uisce a chur i bhfeidhm chun caillteanas uisce a íoslaghdú ón líonra dáileacháin i gcomhar le hUisce Éireann | Oibríonn Comhairle Contae Lú le hUisce Éireann chun clár gníomhach chun sceitheadh uisce ar fud an chontae a bhrath agus a dheisiú, uisce gan tásc a laghdú agus caillteanas ar fud an líonra a íoslaghdú. |
| Soláthar a dhéanamh do chórais cóireála fuíolluisce agus bailiúcháin, i gcomhar le hUisce Éireann, chun riachtanais na bPleananna Bainistíochta Dobharcheantair a chomhlíonadh. | Oibríonn Comhairle Contae Lú le hUisce Éireann chun bheith cinnte go gcomhlíonfaí an reachtaíocht ábhartha agus na gceadúnas doirte sceite. |

# Sprioc 5 - Comhshaol & Fuinneamh Inbhuanaithe

**Soláthar a dhéanamh le haghaidh seirbhís ardchaighdeán tráthúil uisce agus fuíolluisce chun riachtanais forbartha an Chontae a chomhlíonadh agus an timpeallacht a chosaint agus a bhreisiú ag an am céanna.**

## COMHSHAOL

| Cuspóir | Dul chun cinn |
|---|---|
| I gcomhar le hUisce Éireann, cinnteofar: go mbeidh soláthar leanúnach uisce óil slán sábháilte a bheidh dóthanach chun riachtanais forbartha an chontae a chomhlíonadh. | Oibríonn Comhairle Contae Lú le hUisce Éireann faoi Chomhaontú Leibhéal Seirbhíse chun uisce óil slán sábháilte a chinntiú i gContae Lú agus le foireann Ceangal agus Forbróra Uisce Éireann agus leis an bhFoireann Straitéise Sócmhainne chun riachtanais forbartha Contae Lú a chomhlíonadh. |
| Go leanfar de chlár caomhnaithe uisce a acmhainniú chun an chailliúint uisce ón gcóras dáileacháin a íoslaghdú | Oibríonn Comhairle Contae Lú le hUisce Éireann chun clár gníomhach chun sceitheadh uisce ar fud an chontae a bhrath agus a dheisiú, uisce gan tásc a laghdú agus caillteanas ar fud an líonra a íoslaghdú. |
| Go ndéanfar soláthar do chórais cóireála fuíolluisce agus bailiúcháin, a chomhlíonfaidh riachtanais na bpleananna bainistíochta dobharcheantar a rinneadh faoin gCreat-Treoir Uisce. | Oibríonn Comhairle Contae Lú le hUisce Éireann chun bheith cinnte go gcomhlíonfaí an reachtaíocht ábhartha agus na gceadúnas doirte sceite. |
| Go leanfar den pholasaí náisiúnta praghsála uisce a chur i bhfeidhm. | Níl aon bhaint níos mó ag Comhairle Contae Lú leis an bpolasaí praghsála. Is é Uisce Éireann i gcomhaontú leis an CRU a bhainistíonn an polasaí sin. |
| Go ndéanfar reachtaíocht comhshaoil a fheidhmiú go héifeachtach. | Rinneadh cigireachtaí ar an uisce, ar dhramhaíl, ar an aer agus ar thorann. Rinneadh na cigireachtaí sin faoi phlean RMCEL (Na Critéir Mholta do Chigireachtaí Comhshaoil) a cuireadh faoi bhráid na Gníomhaireachta um Chosaint Comhshaoil ar bhonn bliantúil. Nuair ba chuí, tionscnaíodh gníomhartha forfheidhmithe tar éis na gcigireachtaí. Bíonn caidreamh ag Comhairle Contae Lú leis an Líonra Réigiúnach Forfheidhmithe Dramhaíola chun tosaíochtaí náisiúnta a chur i bhfeidhm. Bhí Comhairle Contae Lú rannpháirteach in Oifig Abhantrach Uisce na nÚdarás Áitiúil ar leibhéil bainistíochta agus oibríochtúla maidir le gníomhaíochtaí faoin gcreat-treoir uisce agus chun réimsí molta gníomhaíochtaí faoin bPlean Bainistíochta Abhantraí 2018-2021 a chur i bhfeidhm. |

## COMHSHAOL ar leanúint

| Cuspóir | Dul chun cinn |
|---|---|
| | Fodhlíthe nua Forfheidhmithe Dramhaíola a thabhairt isteach; Comhsheasmhacht a bhaint amach i measc na n-údarás áitiúil i Réigiún Dramhaíola Oirthear Lár na Tíre agus chun rannpháirtíocht níos mó a bhaint amach sna seirbhísí bailithe dramhaíola, trí bhailitheoirí údaraithe nó trí sheachadadh díreach chuig láithreán údaraithe. Tá sé beartaithe Fodhlíthe nua a thabhairt isteach maidir leis an tslí a gcuirtear dramhaíl i láthair, a dtabharfar Fodhlíthe maidir le Leithroinnt, Stóráil agus Cur i Láthair na Dramhaíola Tí agus Tráchtála orthu. Má ghlacann an Chomhairle leo, cuirfidh siad leis na cumhachtaí forfheidhmithe atá anois ann do Dhaoine Údaraithe chun an dumpáil mhídhleathach a chomhrac.<br><br>Fostaíonn an Chomhairle maoir bhruscair i nDún Dealgan, Droichead Átha agus ar fud an chontae chun an tAcht um Thruailliú Bruscair 1997 agus na Fodhlíthe um Thruailliú Madraí agus Rialú Madraí 2015 a fhorfheidhmiú.<br><br>Chuir an Chomhairle tionscnaimh éagsúla frithdhumpála i ngníomh le maoiniú a fuarthas ón Roinn Comhshaoil; san áireamh bhí baill dhubha dumpála a ghlanadh agus baic agus geataí a chur in airde, agus feachtais feasachta. Féachfaidh an Chomhairle le cistiú breise do thionscnaimh eile frithdhumpála a fháil ón Roinn. |
| Straitéis um Oiriúnú don Athrú Aeráide (nua). | Tá rannóg ghníomhach um chomhlíonadh comhshaoil ag an gComhairle trína gcuirtear na hAchtanna um Bainistíocht Dramhaíola 1996, leasaithe, agus na hAchtanna um Thruailliú Aeir agus um Thruailliú Uisce i bhfeidhm. In éineacht leis sin, déantar monatóireacht ar na riachtanais ceadúnais do thrí cinn de láithreáin dúnta líonta talún. Foilsíodh an Chéad Chreat Náisiúnta Oiriúnaithe in Éirinn in Eanáir 2018. Leagtar amach sa Chreat sin an straitéis náisiúnta chun laghdú a dhéanamh ar a leochailí atá an tír d'éifeachtaí diúltacha an athraithe aeráide agus chun leas a bhaint as éifeachtaí dearfacha. Leagtar amach ann na hearnálacha a bhfuil pleananna oiriúnaithe le n-ullmhú maidir leo faoin gCreat, mar aon le tograí d'údaráis áitiúla nó straitéisí oiriúnaithe ar an leibhéal réigúnach. Mar sin chun riachtanais an Chreata a chomhlíonadh, faoina gceanglaítear ar an údarás áitúil Straitéis um Oiriúnú don Athrú Aeráide a réiteach. Tá grúpa oibre bunaithe san eagraíocht arb é a ról an plean oiriúnaithe agus maolaithe a chur i dtoll a chéile faoi Mheán Fómhair 2019 ar son na heagraíochta. Déanfar an plean a chomhlánú le plean Réigiúnach Lár na Tíre, atá á chomhordú ag Comhairle Contae Chill Dara. |

# Sprioc 5 - Comhshaol & Fuinneamh

## FUINNEAMH INBHUANAITHE

| Cuspóir | Dul chun cinn |
|---|---|
| Feasacht comhshaoil a chur chun cinn agus tacú le cuspóirí an Phlean Bainistíochta Dramhaíola. | Tá CCL rannpháirteach i gcónaí sa Líonra Réigúnach Forfheidhmithe Dramhaíola chun tosaíochtaí náisiúnta agus cuspóirí Phlean Dramhaíola Oirthear Lár na Tíre a chur i bhfeidhm. |
| Úsáid foinsí agus córais an fhuinnimh inbhuanaithe a chur chun cinn. | Tá Córas Bainistíochta Fuinnimh na Comhairle creidiúnaithe go leibhéal ISO 50001. Úsáideadh an córas sin chun éifeachtúlacht fuinnimh a chur chun cinn d'fhoireann na Comhairle. Anuas ar sin, d'fheidhmigh an Chomhairle mar dheonaí in iarratas deontais chuig Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann ar oibreacha fuinnimh do thairbhithe. Chumasaigh sé sin cur chun cinn na bhfoinsí agus na gcóras fuinnimh inbhuanaithe. Anuas ar sin, chuir an chomhairle eolas fuinnimh ar fáil do pháistí scoile trí Sheachtain na hEolaíochta sna Leabharlanna. D'aontaigh an Chomhairle meantóireacht a dhéanamh ar bhonn píolótach le Grúpa Bailte Slachtmhara sa chontae chun gach buntáiste a bhaint as ballraíocht i bPobail Fuinnimh Inbhuanaithe Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann. |
| Úsáid fuinnimh agus éifeachtúlacht fhoirgnimh agus shaoráidí na Comhairle a fheabhsú. | Tá Córas Bainistíochta Fuinnimh na Comhairle creidiúnaithe go leibhéal ISO 50001. Úsáideadh an córas sin chun éifeachtúlacht fuinnimh a chur chun cinn d'fhoireann na Comhairle. |
| Tionscnaimh nua spárála fuinnimh san earnáil ghnó a thacú agus a chur chun cinn. | D'fhreastail an Chomhairle ar imeachtaí a d'eagraigh Cumann Tráchtála Dhún Dealgan agus cuireadh a Chóras Bainistíochta Fuinnimh chun cinn mar shampla d'uirlis ghnó lenar féidir éifeachtúlacht fuinnimh a uasmhéadú agus costais fuinnimh a íoslaghdú. |
| Saineolas a fhorbairt i mbainistíocht fuinnimh inbhuanaithe mar acmhainn don Chomhairle agus d'earnálacha eile. | Tá Córas Bainistithe Fuinnimh na Comhairle creidiúnaithe go leibhéal ISO 50001 agus cuireadh a Córas Bainistithe Fuinnimh chun cinn mar eiseamláir. |
| Comhairle Contae Lú a fhorbairt mar eiseamláir éifeachtúlachta fuinnimh. | Tá Córas Bainistithe Fuinnimh na Comhairle creidiúnaithe go leibhéal ISO 50001, agus tá sé ar an mbeagán údarás áitiúil a rinne amhlaidh. Anuas ar sin, d'fheidhmigh an Chomhairle mar dheonaí in iarratas deontais chuig Údarás Fuinnimh Inmharthana |

## **FUINNEAMH INBHUANAITHE** ar leanúint

| Cuspóir | Dul chun cinn |
|---|---|
| | na hÉireann ar oibreacha fuinnimh do thairbhithe mar chabhair chun oibreacha feabhsúcháin fuinnimh a mhaoiniú ar shlí níos fusa. Tá an Chomhairle go maith chun cinn ó thaobh sprioc éifeachtúlachta fuinnimh 2020 d'eagraíochtaí earnála poiblí a shroicheadh. |
| Tionscnaimh spárála fuinnimh a chur i bhfeidhm san eagraíocht agus sa phobal i gcoitinne. | Feidhmíonn an Chomhairle mar dheonaí in iarratas deontais chuig Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann ar oibreacha fuinnimh do thairbhithe mar chabhair chun oibreacha feabhsúcháin fuinnimh a mhaoiniú ar shlí níos fusa. D'aontaigh an Chomhairle meantóireacht a dhéanamh ar bhonn píolótach le Grúpa Bailte Slachtmhara sa chontae chun gach buntáiste a bhaint as ballraíocht i bPobail Fuinnimh Inbhuanaithe Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann - táthar ag súil go spreagfaidh sé spáráil fuinnimh sa phobal i gcoitinne. |



# Sprioc 6 - Forbairt Eacnamaíoch

**Gurb é Contae Lú an láthair chéad rogha don fhorbairt eacnamaíoch, do dheiseanna cultúrtha agus oideachais le tacú ó bhonneagar sofaisticiúil a chuireann riachtanais eacnamaíocha na glúine seo agus na nglúnta a thiocfaidh inár ndiaidh san áireamh.**

| Cuspóir | Dul chun cinn |
|---|---|
| Ceannaireacht agus tacaíocht a chur ar fáil chun gníomhaíochtaí Fhóram Eacnamaíoch Lú a chur ar fáil. | Tionóladh cruinnithe dhá uair sa mhí d'Fhóram Eacnamaíoch Lú in 2018 le tacaíocht ón rúnaíocht á cur ar fáil ag Rannóg Forbartha Eacnamaíche Chomhairle Contae Lú. Tá grúpaí oibre bunaithe chun na Pleananna Gnó a chur i bhfeidhm, pleananna a chuir an Fóram i dtoll a chéile agus is é Comhairle Contae Lú a bhainistíonn iad. |
| Comhairle ghnó sothuigthe ardchaighdeán a chur ar fáil a mheallann infheistíocht isteach, a thacaíonn le gnóthais nua as a leanfaidh fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBM). | Oibríonn Forbairt Eacnamaíoch, LEO Lú, Pleanáil agus Fuinneamh Inbhuanaithe le chéile chun comhairle agus tacaíocht ghnó ar ardchaighdeán a thairiscint d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna). Áirítear ar sin eolas chun dáta ar infhaighteacht oifigí agus an tacaíocht leanúnacht a thugtar don Mhuileann. Bíonn cruinnithe rialta ag an gComhairle leis an IDA agus Fiontraíocht Éireann chun infheistíocht isteach ó chomhlachtaí eachtracha a mhealladh isteach sa Chontae. |
| Ról na nOifigí Fiontair Áitiúil a fhorbairt chun tacú le FBManna. | Tá LEO Lú bunaithe go maith laistigh den Stiúrthóireacht Eacnamaíoch agus tá Plean Gníomhaíochta aige a fhéachann le tacú le FBManna agus le comhlachtaí nuabhunaithe ar bhonn bliantúil. |
| Ár ndeiseanna turasóireachta a uasmhéadú, agus infheistíocht a spreagadh sna healaíona agus san oidhreacht chultúrtha. | Tugann an grúpa straitéise Turasóireachta agus Oidhreachta na príomhdhaoine sa tionscal turasóireachta le chéile chun an plean turasóireachta agus oidhreachta a lainseáladh in 2017 a bhrostú. Déanann an oifig Forbartha Eacnamaíche postáil rialta maidir le himeachtaí turasóireachta ar na meáin shóisialta agus ar twitter agus tugtar na suíomhanna gréasáin visitlouth.ie agus visitdrogheda chun dáta go rialta. Tá gaol láidir ag Comhairle Contae Lú le Fáilte Éireann trína nOifigeach Forbartha Réigiúnaí. Eagraíodh turais FAM le príomh-iriseoirí ón RA agus ón Ísiltír agus ionadaithe ó oibreoirí turais agus DMCanna atá ag obair ar mhargaí idirnáisiúnta in 2018 i gcomhar le Turasóireacht Ghleann na Bóinne. |

| Cuspóir | Dul chun cinn |
|---|---|
| Leanúint de cheann scríbe turasóireachta i nGleann na Bóinne & i gCuailgne/ Múrna/ Cuilleann a fhorbairt. | Tá Plean Gníomhaíochta Turasóireachta agus Oidhreachta i bhfeidhm chun an turasóireacht, na healaíona, an cultúr agus an oidhreacht a chur chun cinn trí leas a bhaint as suíomh uathúil Chontae Lú laistigh d'Oirthear Ársa na hÉireann, mar lárionad do Ghleann na Bóinne agus do Réigiún Chuaille, Mhúrna agus Chuillinnn. |
| Dul i gcomhpháirtíocht le hinstitiúidí áitiúla oideachais chun tacú le fiontraíocht agus gnólachtaí nuathionscanta. | Is príomhbhaill d'Fhóram Eacnamaíochta Lú iad DkIT agus LMETB agus is baill iad den Ghrúpa Oideachais & Oiliúna a bhfuil cúram air as an bPlean Oideachais & Oiliúna a chur i bhfeidhm. |
| Féachaint ar na deiseanna atá i gceist i gcoincheap na Tána. | Tugadh cistiú breise do Choiste Mhórshiúl na Tána chun Mórshiúl na Tána a fhorbairt. Tosóidh an Mórshiúl i Ros Comáin agus stopfaidh sé in áiteanna éagsúla i gContae Lú sula gcríochnaíonn sé in Ó Méith, Contae Lú. |
| Uasmhéadú a dhéanamh ar an Oifig Fiontair Áitiúil (LEO) nua-chomhtháite. | Tá LEO Lú suite go maith laistigh den Stiúrthóireacht Eacnamaíoch. Cuireadh Plean Gníomhaíochta LEO Lú 2018 i dtoll a chéile. |
| Straitéis athbheochana lár baile a chur i dtoll a chéile maidir le Dún Dealgan, Droichead Átha agus Baile Átha Fhirdhia. | Tá réamheolairí ceaptha do Thacaíochtaí Miondíola Dhroichead Átha agus Dhún Dealgan. Tá Tacaíochtaí Miondíola - Deontais Tacaíochta Gnó agus Deontais d'Aghaidheanna Siopaí i bhfeidhm. Tá treoirlínte maidir le haghaidheanna siopaí i bhfeidhm.<br><br>Seoladh i Meitheamh 2018 an Fhís don Gheata Thiar, tionscnamh chun lár stairiúil bhaile Dhroichead Átha a athghiniúint go fisiciúil, go heacnamaíoch agus go sóisialta. Fuarthas cistiú suntasach chéim a haon trí thairiscintí ar éirigh leo in 2018 ar 'Ciste Athghiniúna Uirbí agus Forbartha' le haghaidh athghiniúint Cheantar an Gheata Thiar i nDroichead Átha agus i gceantar Bhalla Fhada Dhún Dealgan. |
| Cur chuige comhsheasmhach agus gairmiúil a chur ar fáil maidir le pleanáil agus seirbhísí réamhphleanála don phobal. | Cuireann an Fhoireann Pleanála seirbhís dírithe ar an gcustaiméir ar fáil i gcónaí maidir le pleanáil don todhchaí agus do bhainistíocht forbartha, ina dtugtar tús áite agus ina gcuirtear acmhainní ar fáil do threoir réamhphleanála do thograí forbartha. Mar sin féin tugtar ar aird gur mhéadaigh an ala feithimh le haghaidh treoir réamhphleanála in 2018 de dheasca líon na n-iarrataí. |

# Sprioc 6 - Forbairt Eacnamaíoch

| Cuspóir | Dul chun cinn |
|---|---|
| Gach iarracht a dhéanamh chun an Plean Forbartha Contae a chomhlíonadh chun forbairt eacnamaíoch agus méadú ar fhostaíocht a chur chun cinn. | Déanfar Plean Forbartha Contae Lú 2015-2021 comhsheasmhach leis an Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch, cibé trí (a) éagsúlú don Phlean Forbartha nó (b) má mheastar é a bheith níos iomchuí, athbhreithniú iomlán, a thosóidh laistigh de 6 mhí tar éis an Straitéis ábhartha a bheith ceaptha (i gcás ina dhlífear athbhreithniú i dtréimhse is faide ná 6 mhí tar éis an Straitéis a bheith ceaptha). |
| Pleananna Gníomhaíochta Baile a chur i dtoll a chéile maidir le Droichead Átha, Dún Dealgan agus Baile Átha Fhirdhia. | Ceanglaítear faoi Thionscadal Éireann 2040 - (Treochlár Náisiúnta um Fheidhmiú an Chreata Pleanála (Iúil 2018)) - pleananna straitéiseacha a ullmhú a chomhlíonann riachtanais na gcúig ionad réigiúnacha náisiúnta aitheanta, lena n-áirítear Droichead Átha agus Dún Dealgan ar chonair Bhaile Átha Cliath - Béal Feirste, tar éis ghlacadh na Straitéise Réigiúnaí Spásúla agus Eacnamúla le haghaidh Comhdháil Réigiúnach an Oirthir agus Lár na Tíre. Is é riachtanas na Dréacht-Straitéise pleananna straitéiseacha a ullmhú, a dtabharfar ‘pleananna uirbeacha’ orthu, le haghaidh Droichead Átha agus Dún Dealgan, chun soláthar a dhéanamh d’fhís chomhordaithe maidir lena bhforbairt inbhuanaithe do spriocdhaonra de 20,000 go 2031. |
| Leanúint ar aghaidh ag déanamh forbartha ar Fhiontraíocht Tuaithe mar shlí le tacú le pobail tuaithe agus iad a bhuanú. | Plean forbartha tuaithe faoi threoir an phobail is ea an Straitéis Áitiúil Forbartha, a cheap agus chuir Coiste Forbartha Pobail Áitiúil Lú chun cinn chun clár LEADER a chur ar fáil. Cuireann sé acmhainní ar fáil do phobail tuaithe ar fud an Chontae Lú, chun gur féidir na ceantair sin a fhorbairt. Cabhraíonn Comhairle Contae Lú, trína ranna Eacnamúla agus Pobail chun cuspóirí na Straitéise Áitiúla Forbartha agus clár LEADER i gContae Lú a bhaint amach. |
| Féachaint chuige go mbíonn beartais chomhshaoil ina gcuid de gach plean straitéisteach agus oibríochtúil. | Bhí beartais comhshaoil ina n-ábhar le cruinnithe na Foirne Ardbhainistíochta agus as sin le pleananna ábhartha straitéiseacha agus oibríochtúla. |
| Cosc, athúsáid agus athchúrsáil dramhaíola a chur chun cinn agus a spreagadh ar aon dul leis beartas an AE agus leis an mbeartas náisiúnta. | Baill lán-rannpháirteachas de ghrúpaí réigiúnacha dramhaíola an Oirthir agus Lár na Tíre ar leibhéal straitéiseach agus oibriúcháin araon. Cuireadh beartais náisiúnta i bhfeidhm go háitiúil. |

# Sprioc 7 - Gnóthaí Réigiúnacha, Trasteorann & AE

## Dún Dealgan agus Droichead Átha a chur i gceartlár Gheata Réigiúnach na Conaire Thoir.

| Cuspóir | Dul chun cinn |
|---|---|
| Féachaint le Geata an Oirthuaiscirt a dhéanamh de Dhún Dealgan/An tIúr/ Droichead Átha. | Aithníodh in 'Tionscadal Éireann 2040' (An Creat Náisiúnta Pleanála) Droichead Átha agus Dún Dealgan, laistigh d'ainmniú Líonra Trasteorann Dhroichead Átha-Dún Dealgan-An tIúr, mar dhá cheann de na hionaid réigiúnacha náisiúnta fáis. Aithnítear sa Chreat Náisiúnta Pleanála an Chonair Eacnamaíoch idir Baile Átha Cliath agus Béal Feirste mar an phríomh-lárionad eacnamaíochta ar oileán na hÉireann. Féachann an Creat Náisiúnta Pleanála le fás na Conaire a chur chun cinn lena n-áirítear fás agus forbairt éifeachtach na mbailte móra feadh na Conaire, go háirithe Droichead Átha agus Dún Dealgan. |
| Ról Dhroichead Átha agus Dhún Dealgan mar phríomhláithreacha d'fhorbairt an chontae a chur chun cinn. | Aithnítear Droichead Átha agus Dún Dealgan sa Chreat Náisiúnta Pleanála mar thiománaithe réigiúnacha agus mar 'príomhchumasóirí den fhás réigiúnach le Baile Átha Luain' sa Dréacht-Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch do Chomhdháil Réigiúnach an Oirthir agus Lár na Tíre. Aithnítear Conair Eacnamaíochta Bhaile Átha Cliath agus Bhéal Feirste mar 'príomhchumasóir den fhás réigiúnach' lena gcuimsítear forbairt Dhroichead Átha agus Dhún Dealgan chun méid cathrach a bhaint amach. An riachtanas pleananna straitéiseacha a ullmhú, maidir le Droichead Átha agus Dún Dealgan ar aon, le soláthar a dhéanamh d'fhís chomhordaithe maidir lena bhforbairt inbhuanaithe go spriocdhaonra de 50,000 go 2031. |
| Lárionad feabhais agus dea-chleachtais a fhorbairt maidir le deiseanna cistiúcháin Eorpacha mar acmhainn do na stiúrthóireachtaí uile. | Tugann an Stiúrthóireacht treoir i gcónaí chun deiseanna maoinithe a aithint le haghaidh Comhairle Contae Lú ó mhórchuid sruthanna maoinithe an AE le haghaidh Comhar Trasnáisiúnta, lena n-áirítear Interreg VA & Peace IV.<br><br>Agus a éiginnte atáimid ar fad faoin mBreatimeacht, táimid ag féachaint ar chistí eile a bhfuil fócas níos leithne acu ná oileán na hÉireann amháin, ar nós Clár an Atlantaigh Thiar Thuaidh agus Clár na nGníomhartha Nuálacha Uirbeacha. |

# Sprioc 7 - Gnóthaí Réigiúnacha, Trasteorann & AE

| Cuspóir | Dul chun cinn |
|---|---|
| Tacú le forbairt agus athnuachan an Mheabhráin Tuisceana i gcomhar lenár gcomhpháirtithe trasna na teorann. | Tá an obair ar siúl i gcónaí ar an bhFóram den Mheamram Tuisceana. Bíonn cruinnithe den fhoireann comhbhainistíochta ar siúl gach dhá mhí chun an teagmháil a fheabhsú. |
| Tacú le forbairt inbhuanaithe ar áiseanna sna bailte sin a bhfuil scála réigiúnach acu. | Tacaíonn an Chomhairle le haon tionscadal oiriúnach. |

# Sprioc 8 - Ealaíona, Cultúr & Fóillíocht

**Beidh na hEalaíona, an Cultúr agus an Fhóillíocht mar bhonn le cáilíocht na beatha do dhaoine aonair agus do phobail ar fud an chontae.**

| Cuspóir | Dul chun cinn |
|---|---|
| Tabharfaidh an Chomhairle léiriú ar na healaíona, an cultúr agus an fhóillíocht i saol an chontae trí ról ceannaireachta a fheidhmiú chun tacú le gach leas sa chontae. | Ó cheann ceann 2018 thacaigh an Oifig Ealaíon, agus a chomhpháirtithe straitéiseacha, leis an gcruthaitheacht i gContae Lú tri: Cláir agus gníomhaíochtaí for-rochtana a chur ar fáil;<br>- Cabhrú le healaíontóirí trí dheiseanna /scéimeanna deontais.;<br>- Cumas gairmiúil a mhéadú trí eolas agus comhairle a chur ar fáil;<br>- Dul i gcomhar chun clár Fhleadh Cheoil na hÉireann 2018 a chur ar fáil, go háirithe dóibh siúd nach bhféadfadh a bheith i láthair agus sult a bhaint as an bhFleadh i nDroichead Átha.<br>- Cuireadh tús le pleanáil na gclár le haghaidh 2019. |
| Plean Ealaíon agus Leabharlann comhtháite a chur i dtoll a chéile. | Tá comhoibriú ann idir an Oifig Ealaíon agus an tSeirbhís Leabharlainne ar fud na Comhairle trí Fhoireann Lú d'Éire Chruthaitheach chun Straitéis Éire Chruthaitheach a chur i bhfeidhm. |
| Clár Imeachtaí agus Gníomhaíochtaí a chur i dtoll a chéile chun gach leas a bhaint as amharclanna, gailearaithe, leabharlanna, músaeim agus áiseanna cartlainne. | Is é Éire Chruthaitheach Lú an t-ardán trína ndéantar Clár comhordaithe na nImeachtaí agus na nGníomhaíochtaí a chur ar fáil do phobail Lú ó amharclanna, gailearaithe, leabharlann, músaeim agus áiseanna cartlainne ar fud an chontae. |
| Straitéis Chomhpháirtíochta Spóirt Lú a chur i ngníomh. | Tá an tAonad Spóirt a bhfuil Comhpháirtíocht Spóirt Lú mar chuid de ag cur straitéis Chomhpháirtíocht Áitiúil Spóirt Lú i bhfeidhm. Straitéis chúig bliana é a mhairfidh ó 2018-22. Is próiseas leanúnach é seo agus tá sé á mhaoirsiú ag Coiste Chomhpháirtíocht Spóirt Lú agus ag Spórt Éireann. |
| Dul chun cinn a dhéanamh ar chéimeanna 2&3 d'fhoirgneamh an Tholsel. | In 2018, rinneadh obair ullmhúcháin ar na doiciméid tairisceana don Dearadh Léirmhínitheach agus do phróiseas Chuid 8 le haghaidh tógáil. |

# Sprioc 9 - An Daonlathas Áitiúil

## Ról daonlathach, sibhialta agus ceannaireachta Chomhairle Contae Lú a thacú, a chur chun cinn agus a bhreisiú.

| Cuspóir | Dul chun cinn |
|---|---|
| Obair leanúnach agus forbairt ról daonlathach na comhairle agus a coistí a acmhainniú. Cultúr aitheantais chorparáidigh a chothú go hinmheánach agus go seachtrach. | Cuireann an Chomhairle clár na dtoghthóirí ar fáil gach bliain agus éascaíonn í gach cruinniú den Chomhairle. Tugtar gach tacaíocht is féidir do Chomhairleoirí ina ról mar ionadaithe áitiúla. |
| An struchtúr dhá leibhéal rialtais áitiúil a thacú agus a leathnú ar fud an chontae. | Úsáideann an Chomhairle a brandáil chorparáideach ar gach ábhar foilsithe agus cuirtear aitheantas corparáideach na Comhairle chun cinn. |
| Feabhsú a dhéanamh ar oibriú éifeachtach na Comhairle, a coistí agus comhlachtaí eile. | Éascaítear gach cruinniú reachtúil lena n-áirítear cruinnithe eolais do chomhaltaí an Oireachtais. |
| Ról an Choiste Iniúchóireachta agus prionsabail dea-chleachtais an dea-rialachais a neadú. | Cuirtear foramharc cuimsitheach ar ghníomhaíochtaí uile na Comhairle do na comhaltaí ar fáil sa tuarascáil mhíosúil bainistíochta, le forlíonadh ó nuashonrú seachtainiúil do na Comhaltaí. |
| Daonlathas rannpháirteach a fhorbairt trí úsáid níos fearr a bhaint as Seirbhís Rannpháirtíochta na nDaoine (PPN). | Cuireann an fhoireann seirbhísí corparáideacha tacaíocht riaracháin ar fáil don choiste iniúchóireachta agus féachann sí chuige go bhfreastalaíonn gach foireann ábhartha ar an íosmhéid de cheithre chruinniú sa bhliain. Tacaíonn an PPN le hionadaíocht ar roinnt meicníochtaí rannpháirteacha agus féachtar chuige go gcloítear le dea-chleachtas. |
| An tseirbhís uainn a bheith cuimsitheach agus meas a léiriú ar chách. | Tá nósanna imeachta i bhfeidhm le cinntiú go ndéileáiltear go héifeachtach le hiarrataí saorála faisnéise agus le gearáin ó chustaiméirí. |

# Sprioc 10 - Bainistíocht Acmhainní

## Seirbhísí poiblí luach ar airgead a sholáthar trí chur chuige nuálacha agus oiriúnaitheach a ghlacadh i leith rialachas áitiúil.

| Cuspóir | Dul chun cinn |
|---|---|
| Déanfaidh an eagraíocht a dícheall chun í féin a oiriúnú chun riachtanais an phobail, riachtanais atá ag athrú, agus an timpeallacht reatha, a chomhlíonadh. | Oiriúnaíodh an Plean don Fhórsa Oibre le réimsí nua oibre a ghabháil agus athbhreithneofar é go rialta mar chuid den Straitéis Daoine agus sa phróiseas athbhreithnithe atá beartaithe don Phlean Corparáideach. |
| Déanfar iarracht athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar sheachadadh gach seirbhíse d'fhonn éifeachtúlachtaí a uasmhéadú agus luach ar airgead a fháil. | Bíonn seachadadh na seirbhísí faoi athbhreithniú i gcónaí ag an bhfoireann bainistíochta agus déanann iniúchóirí inmheánacha agus coiste iniúchóireachta na Comhairle monatóireacht ar na príomhréimsí seachadta seirbhíse. |
| Úsáidfear uirlisí bainistíochta feidhmíochta chun torthaí ardchaighdeán a bhaint amach. | Tá próisis PMDS i bhfeidhm. Déantar oiliúint inniúlachta ar fáil don fhoireann ar fad. |
| Na príomhinniúlachtaí do phoist a aithint, uas-sciliú a dhéanamh nuair is gá agus a chur i bhfeidhm san ionad oibre chun riachtanais an phobail a chomhlíonadh. | Tá oiliúint inniúlachta ar siúl i gcónaí. Tá agallaimh bunaithe ar inniúlachtaí i bhfeidhm. Cuirtear uas-sciliú leanúnach ar fáil. |
| Cultúr feasachta a chothú i leith cúrsaí sláinte agus sábháilteachta chun líon na dtimpistí san ionad oibre agus in áiteanna poiblí a laghdú. | Tá beartais agus nósanna imeachta nua á gceapadh i gcónaí ag rannóg Sláinte & Sábháilteachta na heagraíochta agus táthar ag iarraidh cultúr sláinte agus sábháilteacht a neadú ar fud na heagraíochta. Tugadh 9 mbeartas chun dáta in 2018. |
| Leanúint d'éiteas na Comhpháirtíochta san Ionad Oibre a chomhlíonadh. | Cruinnithe rialta le gach ceardchumann. |

Comhairle Contae **Lú**
**Louth** County Council


**Halla an Chontae**
Ionad na Mílaoise, Bóthar San Alfonsas,
Na Méirsí Íochtaracha, Dún Dealgan, Co. Lú
A91 KFW6

**Halla an Bhaile**
Sráid Crowe, Dún Dealgan, Co. Lú
A91 W20C

**Ionad Cathartha**
Sráid an Aonaigh, Droichead Átha, Co. Lú
A92 P440

**Ionad Seirbhísí Cathartha Lár Lú**
Faiche an Aonaigh, Baile Átha Fhirdhia, Co. Lú
A92 RYT2

1890 202 303
r: info@louthcoco.ie

**www.louthcoco.ie**

follow us @louthcoco